Doiciméad Comhairliúcháin um Moltaí Beartais

Gach Scoil Ina Scoil Mhaith

An Bealach Chun Tosaigh do Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú

Lúnasa 2009

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Brollach

FÍSRÁITEAS NA ROINNE OIDEACHAIS (RO)

Tá an Roinn Oideachais (RO) ann le cinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir amach a c(h)umas iomlán ag gach céim den fhorbairt.

Ag dul i dtreo na físe seo chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar riachtanais speisialta oideachais (RSO) agus chuimsiú i mí Aibreáin 2006 chun dul i ngleic leis an maorlathas a bhaineann leis an gcreat RSO reatha, an méadú i líon na leanaí a bhfuil RSO acu le ráiteas nó gan ráiteas, agus na neamh-chomhsheasmhachtaí agus moilleanna maidir le measúnú agus soláthar, gan ach roinnt saincheisteanna a lua. Leagann an doiciméad comhairliúcháin seo amach moltaí beartais na Roinne a d'eascair ón athbhreithniú sin.

Bhí gníomhaíocht réamhchomhairliúcháin fhairsing ann cheana féin leis na hearnálacha oideachais, sláinte, deonacha agus reachtúla, agus le tuismitheoirí agus leanaí nuair a bhí forbairt á dhéanamh ar na moltaí beartais seo. Chuidigh an ghníomhaíocht réamhchomhairliúcháin seo leis na dréachtmholtaí beartais trí go leor moltaí dearfacha agus smaointe a chur ar fáil maidir le bealaí ina féidir an creat tacaíochta reatha do leanaí le RSO a fheabhsú.

Cuireann an fhoireann athbhreithnithe fáilte fós roimh dhearcaí agus smaointe maidir leis an gcreat reatha a fheabhsú agus tá an seoladh ríomhphoist a cuireadh ar bun leis an gcuspóir sin fós gníomhach: seninclusion@deni.gov.uk.

Beidh deiseanna eile ann do thuismitheoirí, chúramóirí, leanaí, scoileanna, thuismitheoirí, ghrúpaí deonacha agus reachtúla agus páirtithe eile a bhfuil suim acu ann dul i ngleic leis an bhfoireann athbhreithnithe agus soiléiriú breise a fháil maidir leis na moltaí beartais seo ag sraith de sheónna bóthair atá le heagrú le linn an chomhairliúcháin phoiblí.

Is mór leis an Roinn tuairimí a fháil anois maidir le gach gné de na moltaí beartais seo. Chun cúnamh a thabhairt duit tuairimí a chur ar fáil, tá béim leagtha againn ar phointí comhairliúcháin shonracha sa doiciméad seo, agus déantar forbairt orthu sa leabhrán freagartha iniata. Iarrtar ort smaoineamh ar na ceisteanna agus freagra a thabhairt orthu faoi gach ceann de na pointí comhairliúcháin. Tá spás curtha ar fáil duit freisin chun tuairim a thabhairt maidir le gach ceann de na pointí comhairliúcháin. Ina theannta sin, tá spás curtha ar fáil ag deireadh an leabhráin chun deis a thabhairt duit breis tuairimí a bhreacadh síos.

Líon isteach an leabhrán le do thoil agus cuir ar ais chugainn é roimh 31 Deireadh Fómhair 2009.

Lena chois sin, tá Measúnacht Tionchair Chomhionannais de na moltaí beartais ar fáil más mian leat tuairim a thabhairt ina taobh.

Is féidir leat an tAthbhreithniú ar RSO agus Chuimsiú: Moltaí Beartais an Doiciméad Comhairliúcháin, agus an Leabhrán Freagartha agus an Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais a bhaineann leis a léamh agus a íoslódáil ónár láithreán gréasáin ag www.deni.gov.uk

Faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, is féidir linn an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil a fhoilsiú.

Má tá cóipeanna breise den doiciméad seo agus den leabhrán freagartha uait, téigh i dteagmháil linn ar cheann de na bealaí seo a leanas.

Trí theileafón: 028 9127 9762

Trí fhacs: 028 9127 9434

Trí ríomhphost: seninclusion@deni.gov.uk

Trí scríobh chuig: An Fhoireann um Athbhreithniú ar RSO agus Chuimsiú
Seomra G18
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
Bóthar Bhaile Aodha
Beannchar
Co an Dúin
BT19 7PR

Is féidir leat na doiciméid seo a fháil i bhformáidí eile, lena n-áirítear i gcló mór, i mBraille, ar dhiosca ríomhaire, ar chloschaiséad nó i dteangacha eile. Iarr orainn má tá ceann ar bith acu seo uait le do thoil.

Brollach

To treat everyone the same, we must treat them differently.

Helen Keller

Cuireann luathbhlianta an linbh mar aon leis an am a chaitheann an leanbh ar scoil deiseanna luachmhara ar fáil le haghaidh na foghlama. D'fhéadfadh deiseanna a chaillTear ag an am seo iarmhairt ollmhór a bheith acu ar na seansanna a bheidh ag an leanbh níos déanaí sa saol. Táimid tiomanta dá bharr seo go bhfaighidh leanaí a bhfuil cúnamh breise ag teastáil uathu an tacaíocht cheart ag an am ceart.

Is mian liom córas oideachais lán-chuimsitheach a fheiceáil áit a gcuirfear fáilte roimh an éagsúlacht leathan atá cheana féin inár gcuid scoileanna agus a chinntíonn go dtabharfar seans cothrom do gach foghlaimeoir agus go dtabharfar an tacaíocht riachtanach do gach leanbh chun cúnamh a thabhairt dóibh a gcumas a bhaint amach. Ar an gcúis sin, measaim gur cuid thábhachtach de chlár feabhsúcháin scoile na Roinne 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith' agus den chlár oibre chun caighdeáin a ardú iad na moltaí beartais atá leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin seo.

Tharraing an creat reatha maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus a mheasúnú fócas a raibh géarghá leis ar an ngné tábhachtach seo d'fhorbairt an linbh. Leagann an doiciméad comhairliúcháin seo ár moltaí amach chun creat níos treise, níos stóinsí a chruthú d'fhonn tacú le foghlaim, a dhíreoidh ar idirghabháil luath agus ar oibriú comhoibríoch, is cuma pé láthair gheografach a bheidh i gceist. Aithníonn na moltaí seo go gcaithfidh múinteoirí agus scoileanna tacaíocht iomlán a fháil trí oiliúint agus acmhainní agus trí dhea-chleachtas a scaipeadh.

Tá na moltaí bunaithe ar an tuiscint go mbeidh deacrachtaí níos mó ag am ar bith agus ar iliomad cúiseanna ag go leor leanaí ná mar a bheidh ag a gcomhpháirtithe maidir le foghlaim nó dul chun cinn a dhéanamh. D'fhéadfadh riachtanais speisialta oideachais (RSO) a bheith ag na leanaí seo nó míchumas a bheith orthu nó d'fhéadfadh cúinsí sóisialta nó pearsanta eile a bheith ag cur isteach orthu a d'fhéadfadh cosc a chur orthu ó thaobh a gcumas oideachasúil a bhaint amach. Agus coincheap uileghabhálach na riachtanas oideachais breise á thabhairt isteach againn is é ár sprioc tacaíocht a thabhairt do gach leanbh a mbíonn deacrachtaí acu, is cuma cén sórt deacrachtaí iad nó cén uair a tharlaíonn siad.

Tá an bhéim láidir mar sin laistigh de na moltaí seo ar an gcúnamh a theastaíonn ó leanaí a chur ar fáil dóibh chomh luath agus is féidir. Cuireann luath-aithint agus idirghabhálacha tacaíochta cuí ar chumas leanaí teacht suas lena gcomhgleacaithe sa rang, agus i gcás leanaí a dteastaíonn tacaíocht uathu go leanúnach, ciallaíonn sé go bhfuil cúnamh ar fáil chomh luath agus is féidir. Laghdaíonn sé sin an baol ar ndóigh go mbeidh tearcghnóthachtáil agus míshásamh ann go fadtéarmach.

Ba mhaith liom go mbeadh muinín ag tuismitheoirí agus ag leanaí go bhfuil córas ann chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus go bhfuil gairmithe ó na réimsí oideachais, sláinte, cúraim shóisialta agus gairmithe eile ag obair le chéile chun tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil.

D'fhorbair mo Roinn na moltaí seo mar sin i gcomhairliúchán leis an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP) agus leis an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF) agus léiríonn siad an ríthábhacht atá le hobair chomhleanúnach idir na gairmithe go léir a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí a bhfuil tacaíocht bhreise maidir le foghlaim de dhíth orthu. Agus iad á bhforbairt, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht idir oideachas agus sláinte agus cúram sóisialta, d'oibríomar go dlúth lenár gcomhghleacaithe sa RSSSSP lena chinntiú go bhfuil an cur chuige atá á ghlacadh, mar aon leis na struchtúir thacaíochta atá á moladh réalaíoch agus inghnóthaithe. Tá an dá Roinn tiomanta chun idirghabhálacha agus torthaí a fheabhsú do gach leanbh agus duine óg.

Cé go bhfuil buarthaí ag roinnt comhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin faoi ghnéithe áirithe de na moltaí a tháinig amach ón Athbhreithniú, d'aontaíomar na moltaí seo a fhoilsiú ina n-iomláine le haghaidh comhairliúcháin. Ciallaíonn seo gur féidir leis an Coiste Feidhmiúcháin tuairimí an phobail a fháil ar na socruithe nua agus na gnéithe ionchasacha a bhaineann leo, ar réimse leathan.

Táim ag tnúth le do thuairimí maidir leis na moltaí atá leagtha amach sa doiciméad seo. Ní féidir linn ár n-aidhm ná ár bhfís a bhaint amach ach amháin trí éisteacht le tuairimí tuismitheoirí, daltaí, gairmithe agus daoine eile a bhfuil spéis acu sa réimse tábhachtach seo agus na tuairimí sin a chur san áireamh.

CAITRÍONA RUANE CTR

Achoimre Feidhmiúcháin

Thug an Roinn Oideachais faoi athbhreithniú ar riachtanais speisialta oideachais (RSO) agus chuimsiú ar roinnt fáthanna, lena n-áirítear maorlathas an chreata RSO reatha, neamh-chomhsheasmhachtaí agus moilleanna ó thaobh measúnaithe agus soláthair de, costais ghaolmhara maidir le RSO a sholáthar atá ag dul i méid, an méadú bliain i ndiaidh bliana ar líon na leanaí a ndéantar ráitis a eisiúint ina leith, agus an gá le cuntasacht shoiléir maidir le hacmhainní a úsáid.

Leagann an doiciméad comhairliúcháin seo amach moltaí beartais na Roinne a d'eascair ón athbhreithniú seo, go háirithe, cuimsíonn sé seo creat chuimsitheach atá láidir agus freagrach, a dhéanann riachtanais na leanaí ar fad a aithint cibé áit a dtarlaíonn siad, tugtar tacaíocht ar na riachtanais sin agus cuireann sé cultúr a chuireann fáilte roimh éagsúlacht chun cinn. Tá an creat seo bunaithe ar an mbonn de chomhionannas deiseanna do chách agus a bhfuil sé mar thús leis cabhair agus tacaíocht a thabhairt do leanaí chun an tairbhe is mó a bhaint as na deiseanna atá ann le linn dóibh a bheith ar scoil. San iomlán is é an toradh atá ar na moltaí beartais seo ná athrú chuig samhail níos oscailte, níos dearfaí, níos solúbtha agus níos cuimsithí a aithníonn agus a chuireann tacaíocht foghlama ar fáil do na leanaí sin a bhfuil sé uathu, nuair a bheidh sé uathu. Cuireann Iarscríbhinn A tábla achomair ar fáil ar na moltaí beartais seo, lena n-áirítear na leasanna aitheanta.

Cuimsíonn na moltaí beartais seo, atá bunaithe ar úsáid na gcleachtas is fearr atá soiléir cheana féin i roinnt dár scoileanna, go leor de na moltaí agus na smaointe atá faighte ag an bhfoireann athbhreithnithe. Tá sé mar aidhm ag na moltaí cur le láidreachtaí an Chóid Chleachtais reatha maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais a Aithint agus a Mheas 1998 chomh maith le roinnt athruithe a thabhairt isteach freisin. Tá sé beartaithe ag an RO é seo a bhaint amach trí:

a) chur chuige cuimsitheach a fhorbairt bunaithe ar an gcoincheap cuimsitheach de sholáthar leanúnach a dhéanamh ar éagsúlacht riachtanais i suíomhanna difriúla;

b) chreat uileghabhálach a thabhairt isteach a íoslaghdaíonn baic fhéideartha ar fhoghlaim agus a chabhraíonn leis an gclár oibre chun caighdeáin a ardú;

c) na céimeanna seicheamhacha 1-5 sa Chód Cleachtais reatha a athrú go samhail nua a mbeidh trí shraith i gceist leis:- Laistigh den Scoil;

Laistigh den Scoil móide Tacaíocht Sheachtrach (scoileanna eile/ÚOS/GID); Pleananna Tacaíochta Comhordaithe (PTC)

d) níos mó freagrachta a thabhairt do na scoileanna ar fad chun soláthar a dhéanamh maidir le héagsúlacht na riachtanas a aithint go luath, measúnú, cláir tacaíochta a phleanáil agus a sholáthar, agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ina dhiaidh sin na leanaí aonair a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu;

e) fhorbairt bhreise a dhéanamh ar obair chomhoibríoch agus dea-chleachtas reatha, scileanna agus eolas a roinnt i measc scoileanna;

f) fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na mball foirne eile ar fad a bhfuil baint acu le riachtanais bhreise na leanaí seo a chomhlíonadh a chur chun cinn;

g) fhorbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí níos éifeachtaí i measc an Údaráis Oideachais agus Scileanna (ÚOS), an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP), an Bord Chúram Sláinte agus Sóisialta Réigiúnach beartaithe (an BCSSR ina dhiaidh seo), Iontaobhais Chúram Sóisialta agus Sláinte (CSS) agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF) trí ghrúpaí ildisciplíneacha (GID) a bhunú;

h) athrú ó ráitis go pleananna tacaíochta comhordaithe (PTC) reachtúla do na leanaí sin a bhfuil RSO acu agus a bhfuil baic chasta nó go leor baic dhifriúla ar fhoghlaim acu;

i) na soláthraithe réamhscoile ar fad atá ag glacadh páirte sa chlár fairsingithe oideachais réamhscoile a chuimsiú laistigh den chreat athbhreithnithe beartaithe;

j) níos mó de na cistí RSO atá á choinneáil go lárnach ag na BOL faoi láthair a leithdháileadh chuig scoileanna príomhshrutha; agus

k) dualgas reachtúil a leagadh ar an ÚOS as a chinntiú go bhfuil scoileanna ag comhlíonadh a gcuid freagrachtaí go héifeachtach maidir le bheith ag fáil réidh le baic fhéideartha ar fhoghlaim;

l) Cód Cleachtais athbhreithnithe a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun tacaíocht a thabhairt maidir leis an gcreat athchóirithe a chur i bhfeidhm.

CREAT CUIMSITHEACH

Ní bhaineann cuimsiú leis an áit ina múintear leanbh amháin; ach freisin le caighdeán an eispéiris a bhíonn ag leanbh sa saol scoile, lena n-áirítear an curaclam foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, laistigh agus taobh amuigh den tseomra ranga. Tá sé mar aidhm ag na moltaí seo a chinntiú go bhfuil gach leanbh ina bhall luachmhar de phobal na scoile le rochtain chomhionann ar na deiseanna agus ar an oideachas ardchaighdeán céanna. Díríonn na moltaí seo go mór ar ról na scoile ó thaobh na mbac ar fhoghlaim a bhaint freisin.

Bíonn dearcadh ann uaireanta laistigh de scoileanna go gcaithfear baic ar fhoghlaim a 'dheisiú' (go hiondúil le tacaíocht bhreise) lena chinntiú gur féidir leis an leanbh 'luí isteach' sa chaoi a oibríonn an scoil. Tuigtear do go leor oideachasóirí anois gurb é dualgas na scoile é a chinntiú go dtugtar tacaíocht don leanbh agus go ndéanfaidh sé/sí an dul chun cinn riachtanach. Is mian linn athrú ón samhail easpa sa leanbh chuig cur chuige i bhfad níos leithne ina bhfuil riachtanas oideachais breise ina choincheap le RSO ina ngné lárnach de. Tá sé mar aidhm ag na moltaí scoileanna agus suíomhanna oideachasúla eile a spreagadh chun éagsúlacht na ndaltaí laistigh dá ndaonra a aithint agus freagracht a ghlacadh chun dul i ngleic lena gcuid riachtanais gan a bheith ag brath ar chúnamh seachtrach ach amháin sna cásanna níos casta.

NAISC LE BEARTAIS EILE NA RO

Níor chóir féachaint ar na moltaí beartais seo leo féin agus níor chóir go mbeadh dearcadh ina leith gur rud breise do mhúinteoirí atá iontu; tabharfaidh siad tacaíocht do chlár feabhsúcháin scoileanna foriomlán na RO (Gach Scoil ina Scoil Mhaith/Every School a Good School) agus beidh siad ina gcuid lárnach de. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go dtabharfar deis chothrom chomhionann do gach foghlaimeoir agus go dtabharfar an tacaíocht riachtanach do na leanaí go léir chun cabhrú leo a gcumas a bhaint amach.

AITHINT LUATH

Leagann na moltaí béim shoiléir ar an gcúnamh atá ag teastáil ó leanaí a fháil dóibh chomh luath agus is féidir. Ciallaíonn idirghabháil luath idir thacaíocht a sholáthar ag na céimeanna luath d'fhorbairt an linbh, ag an gcéim réamhscoile nó ag an mbunchéim, mar shampla, agus chomh luath agus a dhéantar deacrachtaí a aithint, ag an gcéim iarbhunscoile, mar shampla. Bainfidh aithint níos luaithe, measúnú tráthúil agus idirghabháil oiriúnach do na leanaí sin a bhfuil sé uathu úsáid níos fearr as na hacmhainní atá ar fáil freisin gan gá dul i mbun an phróisis riaracháin fhada, am-ídítheach, chostasaigh laistigh den bhealach reachtúil reatha de mheasúnuithe agus ráitis a eisiúint. Agus é seo á dhéanamh, tá siúl againn úsáid a bhaint as an maoiniú atá á chaitheamh ar an bpróiseas

measúnaithe reachtúil faoi láthair ar bhealach atá níos éifeachtaí ó thaobh costais de agus nuair is féidir, costais riaracháin a atreorú chuig seirbhísí tosaíochta ar an líne tosaigh agus idirghabháil agus tacaíocht oiriúnach a sholáthar laistigh den suíomh scoile.

OBAIR CHOMHOIBRÍOCH

Ceanglófar ar scoileanna a bheith ag obair go comhoibríoch thar agus i measc na céimeanna agus na n-earnálacha ar fad chun leasa na leanaí ar fad atá faoina gcúram. Beidh scoileanna in ann leas a bhaint as tacaíocht na scoileanna eile laistigh dá bpobal foghlama chomh maith leis an raon leathan soláthair a bhfuiltear ag súil leis a bheith ar fáil i ngach ceantair, trí na BOL (ÚOS) agus an BCSSR beartaithe a dhéantar a phleanáil, a choimisiúnú agus a chomhordú timpeall ar riachtanais an linbh.

SCOILEANNA SPEISIALTA

Tá scoileanna speisialta agus aonaid speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha fós mar chuid den soláthar chun dul i ngleic leis an raon leathan baic fhoghlama nó míchumais atá os comhair ár leanaí. Go go bhfuil sé oiriúnach do leanbh páirt a ghlacadh san oideachas príomhshrutha go minic, caithfidh gurb é déine nó castacht riachtanas linbh i gcónaí an ghné a shocróidh an suíomh oideachasúil is fearr a dhéanfaidh torthaí a fheabhsú. Leanfaidh scoileanna speisialta ar aghaidh mar sin agus ról tábhachtach acu maidir le soláthar a dhéanamh ar éagsúlacht riachtanas na leanaí a bhfuil riachtanais chasta nó níos mó ná riachtanas amháin acu agus, trí shaineolas a roinnt, déanfaidh siad cinnte de go mbeidh scoileanna príomhshrutha in ann tacaíocht oiriúnach a chur ar fáil do na leanaí go léir atá faoina gcúram.

FORBAIRT GHAIRMIÚIL

Is í éirim na moltaí seo ná go bhfaighidh gach leanbh an tacaíocht is oiriúnaí chun cúnamh éifeachtach a thabhairt dó/di chun a c(h)umas féin nó a fhorbairt phearsanta féin a bhaint amach. Beidh cumas lucht saothair gach scoile chun dul i ngleic leis an dúshlán d'fhreagracht a ghlacadh as a gcuid foghlaimeoirí ar fad agus chun an tacaíocht ghaolmhar a chur ar fáil atá ag teastáil chun torthaí feabhsaithe a bhaint amach don leanbh gan a bheith ag fanacht ar mheasúnú nó ar thacaíocht sheachtrach (nó a bheith ag brath ar ráiteas a eisiúint) lárnach chuige seo. Cuirfear le cumas na múinteoirí agus na scoileanna chun idirghabhálacha cuí a aithint agus a chur ar fáil chun torthaí a fheabhsú don leanbh trí chlár oiliúna a sholáthar, atá dírithe go soiléir ar an eolas agus na scileanna atá riachtanach a thabhairt do lucht saothair na scoile.

Tá sé mar aidhm ag na moltaí freisin a chinntiú go mbeidh an leas is mó ann don leanbh agus do lucht saothair na scoile araon ó thacaíocht sheachtrach ar bith a chuireann an earnáil oideachais nó gníomhaireachtaí eile ar fáil. Déanfaidh na seirbhísí tacaíochta

áitiúla agus réigiúnacha seo soláthar chun scileanna éifeachtacha, oiliúint agus úsáid na gcleachtas is fearr a scaipeadh agus a roinnt i measc múinteoirí, cúntóirí ranga agus baill foirne eile na scoile, agus cuirfear chun cinn é seo. Beidh tacaíocht sheachtrach ar bith faoi cheangal ó thaobh ama de, agus dírithe go soiléir ar riachtanais an linbh, lucht saothair na scoile agus na torthaí inmhianaithe araon roimh thús a chur le pacáiste tacaíochta ar bith.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LE GAIRMITHE CHÚRAM SLÁINTE AGUS SÓISIALTA COMHGHAOLMHARA

Tá sé seo riachtanach chun seirbhís tacaíochta, a chuireann an leanbh i lár báire, a chur ar fáil go rathúil. Tugann an cur chuige 'foireann timpeall ar an leanbh' seo luach ar ionchur na ngairmithe aonair; is féidir an ról is mó a thabhairt do na disciplíní bainteacha chomh maith le déanamh cinnte de go dtugtar aitheantas d'ionchur na speisialtóirí. Tuigimid go maith an ríthábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht éifeachtach oibre idir oideachas agus cúram sláinte agus sóisialta. Chuige seo, táimid ag obair go dlúth lenár gcuid comhghleacaithe san earnáil chúram sláinte agus sóisialta chun naisc a láidriú agus a fhorbairt, ón leibhéal straitéiseach chomh fada le soláthar, chun comhthiomantas a fháil, agus le cinntiú go bhfuil pleanáil, measúnú agus soláthar na dteiripí tráthúil réalaíoch.

Táthar ag súil leis go mbeidh ról ceannasach ag na príomhoifigigh san ÚOS agus sa BCSSR, agus tacaíocht acu ó Ghrúpaí Coimisiúnaithe Áitiúla (GCA), ó thaobh pleanáil agus forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí comhtháite tras-gníomhaireachta agus tras-disciplíneach chun cúnamh a thabhairt ó thaobh tacaíocht bhreise a aithint, a mheasúnú agus a chur ar fáil do leanaí.

GRÚPAÍ ILDISCIPLÍNEACHA (GID)

Tá sé beartaithe líonra de ghrúpaí ildisciplíneacha (GID) a bhunú, chun tacaíocht a thabhairt do na beartais atá sa doiciméad comhairliúcháin seo, agus iad ailínithe le pobail foghlama, agus na struchtúir áitiúla den ÚOS agus den BCSSR atá beartaithe. Beidh ionadaithe ó na seirbhísí oideachais agus ó na seirbhísí chúram sláinte agus sóisialta i ngach GID áitiúil, mar shampla, síceolaithe oideachais agus cliniciúla, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus oifigigh ÚOS. Is í an phríomhfheidhm a bheidh ag na GID ná na céad chéimeanna eile le haghaidh na leanaí sin a aithníodh go bhfuil tacaíocht ildisciplíneach uathu, a sháraíonn an tacaíocht atá ar fáil sna scoileanna amháin, a mheas agus a shocrú agus chun fáil amach cé hiad na leanaí a bhfuil measúnú reachtúil de dhíth orthu. Beidh ról tábhachtach ag gach GID maidir le saincheisteanna a ardú ar leibhéal straitéiseach, féachaint cé chomh coitianta is atá na deacrachtaí atá ag leanaí, mar shampla, nó an bhfuil aon méadú ag teacht orthu. Ról tábhachtach eile a bheidh ag GID ná dúshlán a

thabhairt do na scoileanna rannpháirteacha maidir le leibhéil agus éifeacht na tacaíochta a thugann siad dá ndaltaí.

PLEANANNA TACAÍOCHTA COMHORDAITHE (PTC)

Faoin gCód Cleachtais reatha, is féidir ráiteas um riachtanais speisialta oideachais a eisiúint i leith leanbh a bhfuil RSO air/uirthi mar thoradh ar mheasúnú reachtúil. Tá sé beartaithe pleananna tacaíochta comhordaithe (PTC) a chur in ionad ráitis RSO. Tabharfar isteach iad do na leanaí sin a bhfuil RSO acu agus a bhfuil baic chasta nó go leor baic dhifriúla ar fhoghlaim os a gcomhair. Baineann an ghné 'chomhordaithe' le seirbhísí tacaíochta pleanáilte comhcheangailte ón earnáil oideachais agus ón earnáil chúram sláinte agus sóisialta araon. Nuair is féidir tacaíocht a chur ar fáil do leanbh go hiomlán laistigh den scoil, níor chóir go mbeadh gá ann PTC a eisiúint. Beidh gá ann áfach béim níos mó a leagadh ar phleananna oideachais spriocdhírithe do na leanaí sin a bhfuil idirghabhálacha laistigh den scoil uathu.

SUÍOMHANNA RÉAMHSCOILE

Ní bhaineann an Cód Cleachtais reatha ach leis na suíomhanna réamhscoile reachtúla, mar shampla, naíonraí agus naí-aonaid. I gcomhréir leis an mbéim ar aithint agus idirghabháil luath, tá sé beartaithe againn freisin go mbeadh suíomhanna neamhreachtúla, deonacha agus luathoideachais príobháideacha atá ag fáil maoinithe tríd an gClár Fairsingithe Oideachais Réamhscoile ag obair laistigh de chreat leasaithe ar bith, agus Cód Cleachtais a ghabhann leis, mar choinníoll dá gcuid maoinithe.

MAOINIÚ

Tá sé beartaithe úsáid a bhaint as na meicníochtaí reatha i gcomhair forbartha agus athraithe leanúnaigh don Fhoirmle Chómhaoinithe Scoileanna faoi Bhainistíocht Áitiúil (SBÁ) chun forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige maoinithe atá riachtanach chun fothaca a thabhairt chun na haidhmeanna beartais a sholáthar. Táthar ag súil leis go mbeidh leithdháiltí ar leith a sholáthar do scoileanna san áireamh leo, nó mar mhalairt air sin an maoiniú breise a bheidh ar fáil a dháileadh trí Fhoirmle Chómhaoinithe SBÁ. Bheadh athruithe ar bith mar sin don Fhoirmle Chómhaoinithe SBÁ faoi réir ag próiseas comhairliúcháin le scoileanna sula gcuirfear i bhfeidhm iad.

CUNTASACHT

Tá na moltaí bunaithe go daingean ar chuntasacht fheabhsaithe ag na leibhéil ar fad ar mhaithe le dul chun cinn agus torthaí na leanaí ar fad lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baic ar fhoghlaim os a gcomhair. Déanfaidh an RO treoir a fhorbairt mar aon le

Rialacháin chun tacaíocht a thabhairt maidir leis an gcreat molta a chur i bhfeidhm, agus d'fhéadfadh roinnt treoracha reachtúla a bheith i gceist freisin. Bainfear úsáid astu seo, chomh maith le táscairí foilsithe, chun úsáid na gcleachtas is fearr a chur chun cinn ag gach leibhéal agus le comhsheasmhacht gheografach a chinntiú maidir le haithint luath agus riachtanais na ndaltaí a chomhlíonadh.

Cuid de shainordú na foirne Athbhreithnithe RSO agus Cuimsithe ab ea breathnú ar chomhsheasmhacht mheasúnaithe, chothromaíocht rochtana agus leanúnachas agus cáilíocht an tsoláthair sa 5 Bhord Oideachais agus Leabharlainne (BOL). Beidh sé chomh tábhachtach céanna leibhéal comhsheasmhachta a chinntiú nuair a chuirfear ÚOS amháin ar fáil.

CUR I BHFEIDHM CÉIMNITHE NA MOLTAÍ

De thoradh riachtanais, cuirfear socruithe eatramhacha ar bun chun soláthar a dhéanamh i gcomhair athraithe de réir a chéile nó céimnithe ón gcreat reatha. Cuirfear na socruithe eatramhacha i bhfeidhm le cinntiú go leanfar ar aghaidh ag cur tacaíochta oiriúnaí ar fáil do na leanaí agus na daoine óga sin atá ag athrú ó chóras reatha na ráiteas chuig pleananna tacaíochta comhordaithe (PTC) a thabhairt isteach. Chomh maith leis sin, beidh nasc an-ghaolmhar idir luas an athraithe agus clár tógála cumais leathan do mhúinteoirí agus do scoileanna, athruithe struchtúracha ar bith ón ARP agus an fáil atá ar acmhainní. Tá maoiniú faighte ag an Roinn (RO) sa Bhuiséad le déanaí chun tús a chur leis na moltaí deiridh. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nach féidir na moltaí beartais iomlána a chur i bhfeidhm ach amháin nuair atá na hacmhainní cuí ar fáil sna hearnálacha oideachais agus chúram sóisialta araon.

Clár na nÁbhar

Leathanach

1. Réamhrá 1
2. An tAthbhreithniú RSO agus Cuimsithe 2
3. Cuimsiú 8
4. Moltaí Beartais 11
5. Aithint agus Idirghabháil Luath 16
6. Suíomhanna Réamhscoile 18
7. Bunscoil agus Iarbhunscoil 20
8. Oiliúint agus Forbairt 23
9. Comhordaitheoirí Thacaíocht Foghlama 25
10. Pleananna Tacaíochta Comhordaithe 27
11. Pointí Athraithe 29
12. Comhpháirtíochtaí Éifeachtacha a Fhorbairt 32
13. Eachtobair na Samhla Beartaithe 44
14. Meicníochtaí Réitigh agus Achomhairc 48
15. Socruithe Maoinithe 49
16. Monatóireacht, Athbhreithniú, Measúnú agus Cuntasacht 51
17. Róil agus Freagrachtaí 53
18. Tabhairt Isteach Céimnithe atá Beartaithe don Bheartas 60
19. Measúnuithe maidir le Cearta Daonna, Comhionannas agus Saincheisteanna Tuaithe 63

Léaráid 1: Téamaí na Riachtanas Oideachais Breise 9

Léaráid 2: Moltaí Réamhscoile 19

Léaráid 3: Pobal Foghlama 35

Léaráid 4: Idirghaolmhaireacht idir leanaí, scoileanna, pobail foghlama agus beartais na RO 43

Léaráid 5: Eachtobair Fhéideartha an Chreata Beartaithe 47

Iarscríbhinn A: Achoimre ar Mholtaí 67

Iarscríbhinn B: Riachtanais Speisialta Oideachais – Cúlran Ginearálta 77

Iarscríbhinn C: Staitisticí RSO 81

Iarscríbhinn D: Socruithe Maoinithe Reatha 85

Iarscríbhinn E: Grúpa Stiúrtha 87

Iarscríbhinn F: Ballraíocht an Ghrúpa Comhairligh 89

Iarscríbhinn G: Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 93

Iarscríbhinn H: Gluais 95

1. RÉAMHRÁ

1.1 Chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar riachtanais speisialta oideachais (RSO ina dhiaidh seo) agus chuimsiú i mí Aibreáin 2006 chun dul i ngleic le saincheisteanna atá tar éis teacht chun cinn leis an gcreat RSO reatha le himeacht ama. Tá achoimre ghairid ar an gCód Cleachtais reatha maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais a Aithint agus a Mheas 1998 (ar a dtugtar an Cód Cleachtais ina dhiaidh seo) ar fáil in Iarscríbhinn B.

Comhthéacs

1.2 Taispeánann na figiúirí is déanaí atá ar fáil[1] go bhfuil thart ar 58,827 leanaí agus daoine óga (leanbh nó leanaí ina dhiaidh seo) ann anois a bhfuil RSO acu, cothrom le 17.7% de dhaonra iomlán na scoileanna. Le deich mbliana anuas bhí ardú leanúnach ag teacht ar líon na ndaltaí atá á n-atreorú i gcomhair measúnaithe reachtúil agus don chuid is mó tá ráiteas um RSO mar thoradh ar na hatreoruithe seo. Mar chéatadán de dhaonra iomlán na scoileanna tá ardú tagtha ar líon na ndaltaí a bhfuil ráitis acu ó 2.5% i 1996/7 go 3.9% i 2007 (féach Iarscríbhinn C). Tá 68% den 12,973 leanaí a bhfuil ráitis RSO acu curtha i scoileanna príomhshrutha faoi láthair, nó in aonaid atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha, agus tá an chuid eile acu ag freastal ar scoileanna speisialta. Chomh maith leis sin, tá daonra ár ndaltaí ag eirí níos éagsúla, mar shampla, tháinig méadú ar líon na leanaí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise (BTB) acu ó 1,514 in 2003 go 5,665 in 2007, tá 822 leanaí ó phobal an Lucht Siúil in oideachas lánaimseartha anois agus os cionn 1000 atá sa ghrúpa leanaí faoi chúram (LfC) de bharr a gcúinsí teaghlaigh. Cuireadh tús leis an athbhreithniú seo mar gheall ar phróifíl seo na ndaltaí atá ag athrú, chomh maith le cumas an chórais phríomhshrutha freagairt a thabhairt air, fianaise go raibh riachtanais nach rabhthas ag dul i ngleic leis agus an maorlathas a bhí ag baint le próiseas na ráiteas.

1.3 Aithnítear gur mó baic a bheidh ar go leor leanaí maidir le foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh ná mar a bheidh ar a gcuid comhpháirtithe ag am ar bith agus ar chúiseanna éagsúla. D'fhéadfadh sé go bhfuil RSO ag na leanaí seo, go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil cúinsí sóisialta nó pearsanta eile acu a d'fhéadfadh a bheith ina bhac ar fhoghlaim. Caithfear na baic seo,

---

1 Áireamh Bliantúil Scoileanna 2007

agus na riachtanais bhreise a thugann siad leo, idir gearrthéarmach agus fadtéarmach, a thógáil san áireamh má tá na leanaí chun an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis uathu a dhéanamh. Déanann an creat RSO na leanaí seo a aithint go minic agus tugtar tacaíocht dóibh lena gcuid foghlama ach tá neamhchomhseasmhacht fós ann maidir le measúnú agus na leibhéil tacaíochta ar fud na cúig Bhord Oideachais agus Leabharlainne (BOL). Táimid ag iarraidh creat a bhunú a dhéanfaidh cinnte de go ndéanfar riachtanais foghlama bhreise leanaí a aithint agus a chomhlíonadh, is cuma cén áit a bhfuil siad ina gcónaí.

1.4 Is é croílár fhís na RO ná 'a chinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir a c(h)umas iomlán féin amach'.[2] Agus í ag dul i dtreo na físe seo, déanfaidh an earnáil oideachais torthaí a fheabhsú do chách, go háirithe cuirfidh sí tacaíocht bhreise ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé uathu, nuair a bheidh sé uathu, chun a gcumas iomlán a bhaint amach. Tá an coincheap de riachtanas oideachais breise bunúsach ó thaobh forbairt a dhéanamh ar na moltaí beartais seo. Is í an aidhm bhunúsach atá ag na moltaí seo ná go gcuirfear an tacaíocht riachtanach ar fáil do na leanaí ar fad chun cabhrú leo oibriú i dtreo a gcumas iomlán leis an mbéim leagtha go mór ar na scoileanna chun foráil a dhéanamh don éagsúlacht riachtanas. Beidh an aidhm shoiléir d'iarracht a dhéanamh an tacaíocht oiriúnach a chur ar fáil don leanbh ag an am ceart ina fhothaca don leanúntas tacaíochta.

1.5 Níor chóir féachaint ar na moltaí beartais seo leo féin agus níor chóir go mbeadh dearcadh ina leith gur rud breise do mhúinteoirí atá iontu. Ní hamháin go molann siad bealaí féideartha chun tosaigh agus réimsí le feabhsú laistigh den chreat RSO reatha, ach léiríonn siad agus bíonn siad comhtháite le beartais agus tionscnaimh eile na RO, mar shampla,

a) an beartas atá molta chun scoileanna a fheabhsú: 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith';

b) an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta;

c) an Straitéis Luathbhlianta atá á fhorbairt;

d) an t-athbhreithniú ar Oideachas Bunaidh do Mhúinteoirí (OBM);

---

2 Fís: Plean Straitéiseach don Oideachas Aibreán 2006-Márta 2008

e) an t-athbhreithniú ar sholáthar malartach oideachais (SMO);

f) Seirbhís Cuimsithe agus Éagsúlachta a bhunú;

g) an tseirbhís comhairleoireachta neamhspleách d'iarbhunscoileanna a shíneadh;

h) na moltaí oideachais i ndoiciméad comhairliúcháin na RSSSSP *"Care Matters in NI - A Bridge to a Better Future"*[3] a fhéachann ar dheiseanna nua do leanaí faoi chúram (LfC); agus

i) an t-athbhreithniú ar Ghaelscolaíocht.

1.6 Tá an tAthbhreithniú seo ar siúl ag uair ina bhfuil athruithe suntasacha ann do scoileanna agus d'fhorais oideachasúla eile agus tabharfaidh go leor de na hathruithe seo tacaíocht do mhianaidhmeanna na moltaí beartais seo. Cruthófar an tÚdarás um Oideachas agus Scileanna (ÚOS) mar thoradh ar an Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí (ARP), rud a dhéanfaidh cinnte de go mbeidh cur chuige níos leanúnaí ann maidir le cleachtais measúnaithe, aitheanta agus soláthair. Rinneadh forbairt ar na moltaí seo i gcomhthéacs an Údaráis Oideachais aonair (ÚOA). Ligfidh an Curaclam Athbhreithnithe (a cuireadh tús lena chur i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2007) agus an Creat Teidlíochta Curaclaim nua do scoileanna curaclam níos solúbtha a sholáthar a bheidh níos freagraí don éagsúlacht sna daonraí atá ag dul i méid.

1.7 Chuaigh Tuarascáil Bain (2006)[4] i ngleic le húsáid acmhainní, an gá le pleanáil straitéiseach níos fearr a dhéanamh maidir le heastát na scoileanna, agus an gá le feabhsú ó thaobh roinnte agus comhoibrithe de. Mar chuid den Chreat Teidlíochta, tá tacaíocht á thabhairt chun forbairt a dhéanamh ar 'phobail foghlama' áitiúla a bhfuil níos mó comhoibrithe i measc scoileanna i gceist leo. Ar an gcuma céanna, cuireann na moltaí beartais seo obair chomhoibríoch chun cinn i measc scoileanna agus gairmithe eile atá ag obair le chéile chun tacaíocht a thabhairt do leanaí. Ag coinneáil an méid seo i gcuimhne, agus ag aithint go bhfuil róil agus freagrachtaí ainmnithe an Bhoird Chúram Sláinte agus Sóisialta Réigiúnaigh (BCSSR) nua fós i mbun éabhlóide, cuireann na moltaí beartais seo seirbhísí a dhéantar a choimisiúnú go réigiúnach agus go háitiúil araon chun cinn atá pleanáilte agus curtha ar fáil go comhoibríoch ag cúram sláinte agus sóisialta agus oideachas laistigh de na hacmhainní a leithdháiltear.

---

3 Care Matters in NI – A Bridge to a Better Future, RSSSSP Márta 2007 Caibidil 7

4 An tAthbhreithniú Straitéiseach ar Oideachas 2006

1.8 Mar achoimre, tá sé mar aidhm ag na moltaí beartais seo tairbhí suntasacha dearfacha thabhairt do leanaí trí dheacrachtaí féideartha a aithint go luath agus idirghabhálacha tráthúla, oiriúnacha, éifeachta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin. Déanfaidh siad cinnte de go mbeidh na scileanna agus an mhuinín ag lucht saothair na scoile (múinteoirí, cúntóirí ranga agus gairmithe eile) chun clár éifeachtach tacaíochta a chur ar fáil do na daltaí sin a bhfuil baic ar fhoghlaim i gceist dóibh. Trí sheirbhísí a thabhairt le chéile, agus a chinntiú go bhfuil cuimsiú mar chuid lárnach d'fhéinmheastóireacht ag scoileanna, cuirfidh na moltaí ar chumas an chuid is mó de leanaí a bhfuil baic ar fhoghlaim rompu tacaíocht éifeachtach atá dírithe go maith a fháil gan dul i mbun próiseas chun ráitis a eisiúint a thógann go leor ama.

2. AN TATHBHREITHNIÚ RSO AGUS CUIMSITHE

An Fáth go bhfuil Athrú ag Teastáil

2.1 I measc na saincheisteanna a aithníodh le scrúdú sa chreat RSO reatha bhí:

a) an céatadán ard de leanaí a aithnítear go bhfuil RSO acu atá ag fáil oideachais i scoileanna príomhshrutha agus an gá atá ann le cinntiú go ndéantar a gcuid riachtanais a chomhlíonadh go héifeachtach;

b) méadú bliain i ndiaidh bliana i líon na ndaltaí le ráiteas a chuireann le costas chun RSO a sholáthar atá ag dul i méid (féach Iarscríbhinn C);

c) na leibhéil arda maorlathais a chruthaítear laistigh de scoileanna agus BOL;

d) ní thugann an Cód Cleachtais reatha *léiriú* ar na riachtanais athraitheacha agus éagsúla atá ag an tsochaí faoi láthair, mar shampla, an méadú i líon na leanaí atá ag teacht i láthair le saincheisteanna sóisialta agus mothúchánacha agus saincheisteanna meabhairshláinte, nó Béarla mar theanga bhreise (BTB);

e) an dúshlán a bhaineann leis na riachtanais atá i reachtaíocht an Ordaithe um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005 (ORSOM)[5];

f) dearcadh a bheith ag múinteoirí agus scoileanna nach bhfuil a ndóthain scileanna acu chun tacú le héagsúlacht riachtanas atá ag dul i méid gan a bheith ag brath an iomarca ar thacaíocht agus acmhainní seachtracha;

g) na leibhéil de chuntasacht thrédhearcach a bhaineann le hacmhainní RSO agus an chaoi a mbaintear úsáid astu i scoileanna;

h) an líon leanaí atá ag dul i méid a bhfuil RSO acu, agus a bhfuil áit le soláthraí malartach oideachais (SMO) de dhíth orthu;

i) neamhchomhsheasmhacht agus moill maidir le measúnú, ráitis a thabhairt agus cleachtais soláthair thar na cúig BOL;

---

5 *An tOrdú um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005*

j) deacrachtaí ar leith a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar leanaí atá ag freastal ar scoileanna trí mheán na Gaeilge agus na leanaí sin a tháinig ó thíortha eile le déanaí a bhfuil teanga seachas an Béarla mar phríomhtheanga acu;

k) an Cód Cleachtais reatha a bheith srianta do sholáthar reachtúil san earnáil réamhscoile;

l) neamhchomhsheasmhachtaí sa teanga agus sa téarmaíocht a úsáidtear san oideachas agus sa chúram sláinte agus sóisialta;

m) nach bhfuil cur chuige comhtháite ann idir na hearnálacha chúram sláinte agus sóisialta agus oideachais ó thaobh leanaí a bhfuil riachtanais breise orthu a aithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

Forbairt a Dhéanamh ar na Moltaí Beartais

2.2 Agus é ag dul i ngleic leis na saincheisteanna seo dhírigh an t-athbhreithniú ar roinnt príomhthéamaí:

a) socruithe maidir le RSO a aithint agus measúnú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear naisc le Cúram Sláinte agus Sóisialta;

b) cineál, caighdeán agus méid an tsoláthair agus na tacaíochta a bhaineann le riachtanais measúnaithe do leanaí a bhfuil RSO acu;

c) faisnéis agus comhairle, díospóidí agus achomhairc RSO;

d) idirghabháil luath agus measúnú agus soláthar RSO réamhscoile;

e) cumas a fhorbairt do mhúinteoirí, chomhordaitheoirí riachtanais speisialta oideachais (CRSO), chúntóirí ranga (CR) agus phríomhoidí;

f) ról na scoileanna speisialta maidir le tacaíocht agus comhairle a sholáthar do scoileanna príomhshrutha; agus

g) leanaí a bhfuil RSO agus/nó míchumas orthu a chuimsiú i suíomh príomhshrutha, lena n-áirítear an tionchar atá ag ORSOM.

2.3 *Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun an tAthbhreithniú a threorú agus maoirseacht a dhéanamh air. Bhí ionadaithe ó gach cuid den earnáil oideachais ar an nGrúpa seo (tá an bhallraíocht iomlán ar fáil in Iarscríbhinn E).* Rinneadh poibliú maidir le tús an Athbhreithnithe agus tugadh cuireadh tuairimí a thabhairt tríd an seoladh ríomhphoist: senandinclusionreview@deni.gov.uk. Chuaigh an fhoireann Athbhreithnithe i mbun gníomhaíochtaí réamhchomhairliúcháin le raon leathan de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear grúpaí reachtúla agus deonacha, tuismitheoirí, leanaí agus daoine óga, gairmithe oideachais agus sláinte agus sóisialta, agus úsáideoirí agus soláthraithe seirbhíse eile (féach Iarscríbhinn G). Chuathas i mbun na rannpháirtíochta seo le roinnt cruinnithe agus ceardlanna inar tugadh deis do pháirtithe leasmhara na saincheisteanna a phlé agus a gcuid tuairimí a chur in iúl.

2.4 Bunaíodh trí Ghrúpa Comhairleach (féach Iarscríbhinn F) freisin agus dhírigh siad ar na príomhréimsí seo a leanas:-

- Próisis maidir le hAithint, Measúnú, Soláthar agus Tacaíocht;
- Aithint Luath agus Soláthar RSO Réamhscoile; agus
- Cuimsiú agus Cumas a Fhorbairt.

2.5 Chuir na príomhmholtaí a tháinig chun cinn ó na cruinnithe agus ceardlanna seo leis na dréachtmholtaí beartais seo trí go leor moltaí agus smaointe dearfacha a chur ar fáil faoi na bealaí gur féidir an creat tacaíochta reatha do leanaí a bhfuil RSO acu a fheabhsú. Ba hiad na príomh-mholtaí a cuireadh chun cinn ná an gá atá ann a chinntiú:

a) go bhfuil an rochtain ar mheasúnú agus an soláthar do leanaí a bhfuil RSO acu comhsheasmhach ar fud na cúig BOL;

b) go bhfaighidh na múinteoirí ar fad oiliúint chuí chun cabhrú le saincheisteanna ginearálta a bhaineann le RSO; agus

c) go gcuirfidh gach scoil cuimsiú na leanaí ar fad chun cinn.

3. CUIMSIÚ

Cad atá i gceist againn le cuimsiú?

3.1 Ní bhaineann cuimsiú le suíomh an linbh nó leis an áit a bhfuil sé/sí lonnaithe amháin. Ciallaíonn cuimsiú rannpháirtíocht leanaí i gcuraclam agus i saol sóisialta a gcuid suíomhanna oideachais. Cuireann cleachtais chuimsitheacha iachaill orainn a bheith ag smaoineamh ar na riachtanais éagsúla atá ag na leanaí ar fad. Mar shampla, iad siúd a bhfuil RSO acu, iad siúd nach é Béarla a gcéad teanga acu, iad siúd i soláthar malartach oideachais (SMO), leanaí ó phobal an Lucht Siúil, Leanaí faoi Chúram (LfC) agus iad siúd a bhfuil cabhair ag teastáil uatha le litearthacht agus le huimhearthacht.

3.2 Díríonn an Cód Cleachtais Reatha ar leanaí a bhfuil RSO acu nó míchumas orthu agus leagtar béim ar na laigí, fadhbanna agus easpaí atá ag an leanbh. Comhaontaítear go ginearálta go gcuireann an próiseas seo lipéad ar an leanbh agus go rómhinic baineann fochialla diúltacha leis. Is é an moladh atá ann ná imeacht uaidh seo agus, trí fhorbairt a dhéanamh ar chreat cuimsitheach, bhéim shoiléir a leagadh ar na hearnálacha príomhshrutha agus speisialta chun soláthar d'ardchaighdeán a fhorbairt atá curtha in oiriúint do na riachtanais atá ag grúpaí leanaí agus leanaí aonair.

3.3 Is é ár dtoilmhian ná go mbeadh córas oideachais cuimsitheach againn ina ndéantar talamh slán de go gcaitheann leanaí an oiread ama agus is féidir i suíomh príomhshrutha, cé nach gciallaíonn sé seo go ndéanfar gach leanbh a chuimsiú i suíomh príomhshrutha. Is í an cheist thábhachtach dóibh siúd a bhfuil riachtanais níos casta acu, nó míchumas nó iompar trom orthu ná 'Cad é an suíomh oideachais is fearr a chomhlíonfaidh riachtanais an linbh agus a shásóidh mianta na dtuismitheoirí?' Is amhlaidh nach bhfuil socrú príomhshrutha ceart do leanbh i gcónaí, nó nach bhfuil sé ceart fós ag an bpointe seo. Nuair is é scoil speisialta an rogha ceart do leanbh, áfach, beidh sé tábhachtach go mbeidh naisc dhlútha aici le scoileanna príomhshrutha sa chomharsanacht.

Baic ar fhoghlaim

3.4 Aithnítear gur mó baic nó deacrachtaí a bheidh ag go leor leanaí maidir le foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh, ná mar a bheidh ar a gcuid comhpháirtithe ag am éigean agus ar chúiseanna éagsúla. D'fhéadfadh RSO,

míchumas nó cás saoil nó pearsanta ar leith eile a bheith ar leanbh, bíodh sin gearrthéarmach nó fadtéarmach, a bheadh mar bhac ar fhoghlaim.

3.5 Tá raon leathan gnéithe a d'fhéadfadh cur le riachtanas ar thacaíocht bhreise do roinnt leanaí. Is fiú a thabhairt faoi deara gur féidir leis an ngné chéanna tionchar difriúil a bheith aici ar leanaí éagsúla. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar ag deacrachtaí sa bhaile ar fhoghlaim do leanbh amháin, agus nach n-imríonn cúinsí atá sách cosúil leo ach tionchar beag ar fhoghlaim do leanbh eile.

3.6 Bíonn ceithre théama leathan a bhíonn i gcomhpháirt lena chéile ag na gnéithe seo;

- Leanaí a bhfuil RSO acu – mar shampla, leanaí a bhfuil bail nó siondróm céadfach, fisiciúil nó leighis orthu agus iad siúd a bhfuil deacrachtaí cognaíocha, foghlama, sóisialta, mothúchánacha, iompair nó cumarsáide orthu mar thoradh ar mhíchumas nó shaincheist sláinte;
- An Timpeallacht Foghlama – mar shampla, leanaí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu (BTB);
- Cúinsí an Teaghlaigh – mar shampla, leanaí faoi chúram (LfC), máithreacha atá in aois scoile (MAS); cúramóirí óga nó daoine ón lucht siúil; agus
- Sóisialta agus Mothúchánach – mar shampla, iad siúd atá thíos de bharr bulaíochta nó lucht méala.

Léaráid 1: Téamaí na Riachtanas Oideachais Breise



3.7 Cuimsíonn na moltaí atá sa doiciméad comhairliúcháin seo éagsúlacht riachtanas níos leithne ná an leanbh a bhfuil RSO aige/aici amháin. Aithníonn siad go bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil go gearrthéarmach nó go fadtéarmach ó leanbh ar bith a bhfuil bac ar fhoghlaim i gceist dó/di chun a c(h)umas iomlán a bhaint amach ó thaobh na foghlama agus na hoibre de. **Tá sé beartaithe samhail chuimsitheach nua a thabhairt isteach bunaithe ar an gcoincheap de riachtanais oideachais bhreise (RSO).** Tá an coincheap seo ann cheana féin sa chúram tréadach níos leithne atá ar fáil i scoileanna, mar shampla, clár réigiúnach tacaíochta a chur ar fáil do mháithreacha atá in aois scoile (MAS).

3.8 Is fiú a thabhairt faoi deara go mbeidh ar scoileanna na straitéisí bainistíochta ranga agus múinteoireachta a chuireann siad i bhfeidhm a mheas chun tacaíocht a thabhairt do na riachtanais foghlama éagsúla atá ar leanaí laistigh de rang, cé go mbeidh an tacaíocht bhreise a chuirtear ar fáil laistigh den chreat beartaithe seo fós bunaithe ar riachtanais aonair an linbh. Is í an aidhm ná nach mbeadh lipéid i gceist an oiread sin sa chóras tacaíochta i suíomhanna oideachais agus nach mbeadh sé ag brath an oiread sin ar idirghabháil sheachtrach. Léiríonn an coincheap de riachtanas oideachais breise na ceithre théama atá i gcomhpháirt lena chéile: an timpeallacht foghlama; cúinsí an teaghlaigh; RSO; agus gnéithe sóisialta agus mothúchánacha. Déanfaidh an RO iarracht forbairt a dhéanamh ar chumas na scoileanna (lena n-áirítear soláthraithe réamhscoile le háiteanna maoinithe) chun freagra a thabhairt ar an éagsúlacht riachtanas atá ag dul i méid. Léireoidh raon na bhfreagairtí nó na tacaíochta breise a chuirfear ar fáil cineál, cúinsí, fad dóchúil agus déine an riachtanais.

Féach Pointe Comhairliúcháin 1 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

4. MOLTAÍ BEARTAIS

Príomhphrionsabail an Chreata Beartais

4.1 Tá na moltaí beartais seo deartha le cur ar fáil laistigh de chreat a chuimsíonn na leanaí ar fad a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar fhoghlaim agus leas a bhaint as, is cuma cén fáth nó cúis atá leis an deacracht sin. Ní bhaineann an cur chuige foriomlán le leanaí a lipéadú nó talamh slán a dhéanamh de go mbeidh deacrachtaí le foghlaim ann de bharr cúinsí áirithe. Is duine aonair é gach leanbh. Beidh riachtanais áirithe sealadacha agus beidh cinn eile mar bhaic fhadtéarmacha ar fhoghlaim.

4.2 Is iad na príomhphrionsabail atá mar fhothaca leis na moltaí beartais seo ná:

a) cur chun cinn leanúnach a dhéanamh ar éiteas cuimsitheach mar a dhéantar cur síos air san fhorlíonadh don Chód Cleachtais reatha maidir le RSO a aithint agus a mheas[6];

b) cur chuige den 'scoil iomlán' a bhfuil baint ag na baill foirne leis ag gach leibhéal;

c) cur chuige a chuimsíonn na leanaí ar fad a bhfuil baic ar rochtain agus dul chun cinn san fhoghlaim i gceist dóibh, is cuma cén fáth;

d) leanúntas tacaíochta a sholáthar chun leanúntas riachtanas a chomhlíonadh;

e) idirghabháil d'ardchaighdeán agus soláthar curtha in oiriúint le riachtanais na leanaí aonair agus na ngrúpaí leanaí agus atá spriocdhírithe ar thorthaí feabhsaithe dóibh siúd a bhfuil baic ar fhoghlaim i gceist dóibh;

f) scoileanna agus forais oideachasúla eile ag cur tacaíocht cuí thráthúil ar fáil d'fhormhór dá gcuid leanaí a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu;

g) leagtar an méid béime céanna ar na foghlaimeoirí ar fad, laistigh de na céimeanna ar fad, sa bheartas atá molta;

---

6 Forlíonadh don Chód Cleachtais maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais a Aithint agus a Mheas (Meán Fómhair 2005)

h) tá na scileanna agus an t-eolas ag na gairmithe ar fad, múinteoirí san áireamh, chun aithint agus idirghabháil luath a chumasú chun torthaí feabhsaithe a éascú;

i) cur chun cinn a dhéanamh ar obair chomhoibríoch agus faisnéis a roinnt níos fearr i measc scoileanna;

j) gairmithe oideachais agus chúram sláinte agus sóisialta gaolmhara ag obair le chéile chun tacaíocht a thabhairt do leanaí;

k) seirbhísí áitiúla agus réigiúnacha á phleanáil, á choimisiúnú agus á chur ar fáil ag cúram sláinte agus sóisialta agus oideachas le chéile;

l) formhór an mhaoinithe á chineachadh chuig an bpointe soláthair is ísle agus is féidir; agus

m) beidh páirt ríthábhachtach ag eolas, dearcadh, taithí agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na gcúramóirí maidir le forbairt a dhéanamh ar chlár ar bith a dtabharfar faoi chun tacaíocht a thabhairt dá leanbh agus chun é a chothú.

Cad iad na hathruithe atá molta?

4.3 Cuimsíonn na moltaí beartais seo, atá bunaithe ar úsáid na gcleachtas is fearr atá soiléir cheana féin i roinnt dár scoileanna, go leor de na moltaí agus na smaointe atá faighte ag an bhfoireann athbhreithnithe. Tá sé mar aidhm ag na moltaí cur le láidreachtaí an Chóid Chleachtais reatha chomh maith le roinnt bearta a thabhairt isteach a léirítear thíos iad. Ní chuimsíonn an liosta seo gach rud áfach agus déantar moltaí breise ag leibhéil níos ísle chun tacaíocht a thabhairt do na príomhathruithe seo a aibhsiú tríd síos an doiciméid (i gcló trom). Chomh maith leis sin, tá tábla achomair ar fáil in Iarscríbhinn A ar na moltaí, na leasanna san áireamh.

Is iad na príomhathruithe ná:

a) cur chuige cuimsitheach a fhorbairt bunaithe ar an gcoincheap cuimsitheach de sholáthar leanúnach a dhéanamh ar éagsúlacht riachtanais i suíomhanna difriúla;

b) creat uileghabhálach a thabhairt isteach a chuimsíonn réimsí beartais reatha na RO a bhaineann le scoileanna a fheabhsú agus baic fhéideartha ar fhoghlaim a íoslaghdú;

c) na céimeanna seicheamhacha 1–5 sa Chód Cleachtais reatha a athrú go samhail nua a mbeidh trí shraith i gceist leis:- Laistigh den Scoil; Laistigh den Scoil móide Tacaíocht Sheachtrach (scoileanna eile/ÚOS/ GID); Pleananna Tacaíochta Comhordaithe (PTC);

d) níos mó freagrachta a thabhairt do na scoileanna ar fad chun soláthar a dhéanamh maidir le héagsúlacht na riachtanas a aithint go luath, measúnú, cláir tacaíochta a phleanáil agus a sholáthar, agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ina dhiaidh sin na leanaí aonair a bhfuil tacaíocht uathu;

e) forbairt bhreise a dhéanamh ar obair chomhoibríoch agus dea-chleachtas, scileanna agus eolas a roinnt i measc scoileanna;

f) forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na mball foirne eile ar fad a bhfuil baint acu le riachtanais bhreise na leanaí seo a chomhlíonadh a chur chun cinn;

g) forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí níos éifeachtaí i measc an ÚOS, an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP), an BCSSR agus Iontaobhais CSS agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF) trí ghrúpaí ildisciplíneacha (GID) a bhunú;

h) athrú ó ráiteas um RSO chuig pleananna tacaíochta comhordaithe (PTC) reachtúla do na leanaí sin a bhfuil RSO acu agus a bhfuil baic chasta nó go leor baic dhifriúla ar fhoghlaim i gceist dóibh;

i) na soláthraithe réamhscoile ar fad atá ag glacadh páirte sa Chlár Fairsingithe Oideachais Réamhscoile a chuimsiú laistigh den chreat athbhreithnithe beartaithe;

j) níos mó de na cistí RSO atá á choinneáil go lárnach ag na BOL faoi láthair a leithdháileadh chuig scoileanna príomhshrutha; agus

k) freagracht reachtúil a leagan ar ÚOS le cinntiú go bhfuil scoileanna ag comhlíonadh a gcuid freagrachtaí go héifeachtach chun déileáil le na baic fhoghlama fhéideartha a bhaint;

I) Cód Cleachtais athbhreithnithe a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun tacaíocht a thabhairt maidir leis an gcreat athchóirithe a chur i bhfeidhm.

Cad a chiallaíonn na hathruithe atá molta?

4.4 I dtéarmaí ginearálta déanfaidh na moltaí beartais seo iarracht a chinntiú go bhfaighidh na leanaí ar fad a bhfuil baic ar fhoghlaim i gceist dóibh an tacaíocht cheart ag an am ceart le go mbeidh siad in ann a bpearsantacht, a scileanna agus a gcumas féin a fhorbairt go hiomlán.

4.5 Agus an fhreagracht ag aistriú chuig na scoileanna beidh sé riachtanach go n-aistreofar acmhainní freisin. Beidh cuntasacht mhéadaithe ag teastáil ón aistriú seo ina dhiaidh sin ó shocruithe soiléire éifeachtacha chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar sholáthar. Beidh táscairí agus prótacail comhaontaithe mar chéim shuntasach chun tosaigh maidir le comhleanúnachas agus láidreacht an chreata nua atá molta a fheabhsú; agus an muinín gur féidir leis na páirtithe leasmhara ar fad a bheith acu ann.

4.6 Cé go n-aithníonn an t-athbhreithniú go mbeidh acmhainní suntasacha breise ag teastáil i gcomhair roinnt de na príomh-mholtaí agus nach féidir iad a chur i bhfeidhm go dtí go gcuirfear na hacmhainní ar fáil, tá go leor de na moltaí nach bhfuil ag brath ar acmhainní breise. Chun iad a sholáthar go rathúil, áfach, beifear ag brath air go gcuirfidh siad siúd ar fad atá bainteach an creat i bhfeidhm go toilteanach, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí agus ar chórais oibre a chothóidh malartú níos éifeachtaí a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shaineolas.

- Tá sé i gceist go gcuirfidh na moltaí torthaí níos fearr ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga trí aithint níos luaithe, measúnú, baic a bhaint agus soláthar a chuirtear ar fáil go comhsheasmhach tráthúil le hobair chomhoibríoch laistigh agus ar fud na hearnála oideachais, le tacaíocht sheachtrach de réir mar a bhíonn gá leis.

- Tá sé i gceist go ndéanfaidh na moltaí muinín agus dearbhú a thabhairt do thuismitheoirí go ndéanfar na baic atá roimh a gcuid leanaí a aithint agus go dtógfar céimeanna luaithe chun na baic sin a bhaint nó a íoslaghdú le lucht saothair oilte tacúil agus tuilleadh comhpháirtíochta idir tuismitheoirí agus an scoil.

- Do mhúinteoirí tá sé mar aidhm ag na moltaí scileanna agus eolas neartaithe a sholáthar maidir le riachtanais éagsúla a aithint laistigh dá seomra ranga agus dul i ngleic leo.

- Do cheannairí scoile tá na moltaí deartha le cinntiú go dtuigeann siad an ról ríthábhachtach atá acu maidir le soláthar do leanaí a bhfuil baic ar fhoghlaim i gceist dóibh a fheabhsú agus a chothú.

- Do scoileanna agus fhorais oideachasúla eile tá na moltaí deartha chun comhoibriú méadaithe a bhaint amach agus scileanna, eolas agus acmhainní a roinnt thar ghrúpaí de scoileanna agus, nuair is cuí, trí sheirbhísí tacaíochta neartaithe.

- Don ÚOS déanann na moltaí freagracht a shannadh as comhsheasmhacht agus as an mbeartas a sholáthar go héifeachtach.

- Don RSSSSP tá sé i gceist ag na moltaí comhoibriú níos dlúithe a sholáthar le scoileanna, an ÚOS agus an RO maidir le haithint, measúnú agus soláthar a dhéanamh do na leanaí sin a dteastaíonn sin uathu; tá sé seo mar théama ag an RSSSSP i réimsí beartais eile cheana féin.

Féach Pointe Comhairliúcháin 2 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

5. AITHINT AGUS IDIRGHABHÁIL LUATH

5.1 Glactar leis go forleathan go bhfuil aithint agus measúnú luath ríthábhachtach chun idirghabháil chuí a chur ar fáil agus chun bunús a leagadh síos i gcomhair foghlama agus dul chun cinn. *Tuairiscítear, áfach, go bhfuil ar roinnt leanaí fanacht suas le dhá bhliain don mheasúnú neamhfhoirmiúil ag Céim 3 den Chód Cleachtais reatha (a ndéanann síceolaithe oideachasúla de ghnáth), agus níos faide fós i gcomhair tacaíochta.* Níl sé seo inghlactha. Is féidir deacrachtaí foghlama a chosc nó a mhaolú do go leor leanaí trí mheasúnuithe luatha cuimsitheacha ar a gcuid feidhmíochta, le straitéisí idirghabhála cuí ina dhiaidh sin a mhaolaíonn na baic atá ann ar fhoghlaim. Tugann taighde le fios, ní hamháin go ndéanann taighde, diagnóis agus soláthar ceart ag céim luath difríocht mhór do dheiseanna saoil, ach gur féidir caiteachas níos lú a bheith ann ó thaobh riachtanais an linbh sin a chomhlíonadh agus é/í ag fás aníos mar thoradh air freisin.

5.2 Aithníonn na moltaí beartais seo éagsúlacht agus cuireann siad chun cinn í trí chur chuige a aithníonn deacrachtaí nó baic fhéideartha ar fhoghlaim do leanaí agus dhaoine óga, cibé cén uair a bhíonn siad ann. Déanann siad soláthar freisin chun straitéisí oiriúnacha a phleanáil agus a chur i bhfeidhm a bhfuil sí mar aidhm acu baic fhéideartha a laghdú, cuimsiú a chur chun cinn agus a chinntiú go ndéantar measúnú ar na torthaí. Léiríonn an cur chuige seo fís na RO go mbainfidh gach leanbh a chumas amach agus a bheith in ann an leas is mó a bhaint as na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil i gcaitheamh a gcuid ama ar scoil. **Tá sé beartaithe an próiseas reatha maidir le haithint agus measúnú a fheabhsú le próiseas idirghabhála neartaithe príomhshrutha a leagann an bhéim go soiléir ar scoileanna agus ÚOS chun leanaí go bhféadfadh tacaíocht oideachais bhreise a bheith uathu a aithint agus soláthar a dhéanamh dóibh.**

5.3 Beidh riachtanais atá éasca le haithint nó gearrthéarmach ar an gcuid is mó de na leanaí a bhfuil baic ar fhoghlaim i gceist dóibh, agus beifear ag súil go rachadh an scoil i ngleic leo gan gá a bheith ann do mheasúnú foirmiúil. Beifear ag súil leis go dtógfaidh scoileanna na céimeanna riachtanacha le cinntiú go ndéanfar baic fhéideartha ar bith ar fhoghlaim a aithint agus go nglacfar na gníomhartha cuí (lena n-áirítear athruithe réasúnta). Ní bheidh sé riachtanach measúnú foirmiúil a dhéanamh ar dheacrachtaí nó mhíchumais an linbh ach amháin nuair a thaispeánfar go soiléir nach bhfuil an clár tacaíochta laistigh den scoil rathúil ó thaobh na riachtanais sin a chomhlíonadh. Caithfidh scoileanna a chinntiú, i gcás leanaí nach é an Béarla a gcéad teanga acu, nach ndéantar easpa inniúlachta i dteanga na scoile a ionannú le deacrachtaí féideartha foghlama, nó iad sin a cheilt.

5.4 **Tabharfaidh an Comhordaitheoir Tacaíochta Foghlama beartaithe faoin tástáil bhunaidh ag leibhéal diagnóiseach níos ísle ag leibhéal na scoile faoi na moltaí seo** (CTF - féach cuid 9) do na leanaí sin a aithnítear go bhféadfadh baic ar fhoghlaim a bheith i gceist dóibh. **Mar thoradh ar an tástáil seo ag leibhéal níos ísle, moltar go mbeifear ag súil leis go ndéanfaidh gach scoil plean foghlama pearsanta (PFP) a cheapadh ag tabhairt sonraí faoi na torthaí ar leith atá le baint amach agus na hathruithe agus idirghabhálacha a bheidh ag teastáil le cinntiú go ndéanfaidh an leanbh atá i gceist dul chun cinn oiriúnach.** Nuair a chuirfear i bhfeidhm i gceart iad, déanfaidh na PFP (a rachaidh in ionad na pleananna oideachais aonair laistigh den chreat RSO reatha) aird an mhúinteora a threorú i dtreo spriocanna atá oiriúnach ó thaobh oideachais de a shocrú agus a athshocrú bunaithe ar aithint luath agus monatóireacht a dhéanamh ar fhreagairt an dhalta ar an múineadh/idirghabháil a chuireann an scoil ar fáil. Beidh na PFP faoi réir ag athbhreithniú rialta le cinntiú go mbeidh torthaí dearfacha ann de bharr idirghabhálacha ar bith a chuirtear i bhfeidhm.

5.5 **Moltar gur chóir taifead leictreonach a fhorbairt maidir le gach leanbh aonair. Beidh an PFP san áireamh anseo agus beidh sé leagtha amach chun sonraí maidir le measúnuithe gaolmhara ar bith eile a chuireann an scoil agus gairmithe scoile i gcrích a thaifeadadh. Leis sin d'éascófaí roinnt eolais laistigh de scoileanna agus ar fud na ngníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le tacaíocht a chur ar fáil do leanaí. Déanfar rochtain srianta a ionchorprú nuair is gá sin.** Chabhróidh sé le múinteoirí tacaíocht a thabhairt don leanbh sin agus é/í a mhúineadh má tá sonraí faoi riachtanais an linbh agus straitéisí idirghabhála atá le cur i bhfeidhm ar fáil. Ligfidh sé do ghairmithe eile cinntí a dhéanamh bunaithe ar an eolas sin freisin, agus san am céanna déanfaidh sé dúbláil faisnéise gan gá a sheachaint agus ba chóir go laghdóidh sé sin na leibhéil maorlathais reatha.

Sampla: Bunscoil A

Trí mheascán den mhéid a thugann múinteoirí faoi deara, atreoruithe ó shuíomhanna réamhscoile agus tástálacha diagnóiseacha ag leibhéal íseal, déantar na leanaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu le gnéithe dá gcuid foghlama nó iompair a aithint go luath agus déantar cláir tacaíochta a bhunú láithreach. Tá béim leagtha ag an scoil ar thacaíocht a thabhairt do leanaí mar thosaíocht laistigh dá plean forbartha scoile (PFS). Rinne an príomhoide cuid mhaith ama agus acmhainní a infheistiú le cinntiú go bhfuil forbairt déanta ar na scileanna chun cláir oiriúnacha tacaíochta a chur ar fáil chun dul i ngleic le raon leathan de dheacrachtaí leanaí ag na baill foirne ar fad.

Féach Pointe Comhairliúcháin 3 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

6. SUÍOMHANNA RÉAMHSCOILE

6.1 Beidh sé aitheanta cheana féin go bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil ó roinnt leanaí sa soláthar réamhscoile, mar shampla, leanaí a bhfuil míchumais fhisiciúla, máchail chéadfach nó deacrachtaí foghlama troma orthu. Beidh riachtanais maidir le tacaíocht bhreise nár aithníodh roimhe sin ar dhaoine eile a bheidh ag tosú sa soláthar réamhscoile áfach. Taispeánann taighde ar tugadh faoi anseo[7] gur féidir le hidirghabháil luath stop a chur le roinnt leanaí leochaileacha riachtanais bhreise a fhorbairt a d'fhéadfadh measúnú agus tacaíocht reachtúil a bheith ag teastáil ina leith níos déanaí. Tá ról tábhachtach ag baill foirne na mblianta tosaigh, i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí, ó thaobh na leanaí seo a aithint agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh. Leag suirbhé de chuid na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (COO) béim air le déanaí, ag rá "there is too much variability, across NI and among the various pre-school sectors, in the availability of expertise, funding and resources, and in the effectiveness of professional collaboration. For children within pre-school education, getting appropriate diagnosis and support at an early stage remains a lottery".[8]

6.2 Caithfidh aird a bheith ag naíscoileanna reachtúla, naíranganna agus suíomhanna fáiltithe ar an gCód Cleachtais reatha. Ní hamhlaidh atá d'ionaid/ shuíomhanna neamhreachtúla, deonacha agus luathoideachais príobháideacha áfach. **Tá sé beartaithe mar sin go mbeadh suíomhanna neamhreachtúla, deonacha agus luathoideachais príobháideacha atá ag fáil maoinithe tríd an gClár Fairsingithe Oideachais Réamhscoile ag obair laistigh de chreat leasaithe ar bith freisin, mar choinníoll dá gcuid maoinithe. Beidh na suíomhanna seo in ann leas a bhaint as raon iomlán na seirbhísí tacaíochtaí do dhaltaí a chuireann na BOL/an ÚOS ar fáil, mar shampla oifigigh leasa oideachasúla agus foirne tacaíochta iompair.**

---

7 Effective Pre-school Provision in NI, Staidéar fadama maoinithe ag an RO, RSSSSP agus an Grúpa Stiúrtha Sóisialta, 1998-2004

8 Special Educational Needs in the Pre-School Sector, COO, 2007 lch.39

Léaráid 2: Moltaí Réamhscoile



6.3 Cé go gcuirfear raon de chláir oiliúna ar fáil, aithnítear san athbhreithniú nach mbeadh sé réalaíoch a bheith ag súil go mbeadh an leibhéal eolais nó saineolais céanna ag na baill foirne ar fad i suíomhanna réamhscoile deonacha/príobháideacha agus a bheadh acu siúd atá san earnáil reachtúil. **Tá sé riachtanach rochtain a bheith ag baillfoirne sna suíomhanna réamhscoile ar fad a sainmhínítear thuas ar chomhairle agus ar shaineolas nuair atá sin ag teastáil uathu áfach. Tá sé beartaithe mar sin go ndéanfaidh BOL/an ÚOS grúpa de "oifigigh idirghabhála luaithe" (OIL) dea-oilte a bhunú agus a choinneáil a thabharfaidh tacaíocht don mheasúnú bunaidh de na leanaí sin a bhfuil baic ar fhoghlaim i gceist dóibh, de réir mar is cuí.** Tabharfaidh na OIL seo tacaíocht do ghrúpa de shuíomhanna réamhscoile, agus ba chóir go ndéanfaí eolas agus scileanna a roinnt thar agus i measc na suíomhanna réamhscoile reachtúla agus deonacha agus príobháideacha mar thoradh air seo.

Féach Pointe Comhairliúcháin 4 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

7. BUNSCOIL AGUS IARBHUNSCOIL

7.1 Tá baic ghearrthéarmacha nó fhadtéarmacha ar fhoghlaim ag líon leanaí atá ag dul i méid (os cionn 20%) faoi láthair. Ní bhainfidh na leanaí seo fostaíocht iomlán amach ar deireadh má ligtear do na leanaí seo, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta acu, leanúint ar aghaidh gan chaighdeáin shásúla a bhaint amach. Cé go bhfuil forbairt déanta ag go leor scoileanna ar chumas a gcuid baill foirne le cinntiú go bhfuil rochtain agus rannpháirtíocht ann do na daltaí ar fad, agus gur thosaigh siad ag obair i gcomhpháirtíocht le scoileanna áitiúla agus gníomhaireachtaí eile chun raon tacaíochta a sholáthar, tá scoileanna eile ann nach raibh chomh héifeachtach ó thaobh bhaic ar fhoghlaim, agus an méid a bhaintear amach ina dhiaidh sin, a bhaint nó a laghdú. Is é an chonclúid a bhí ann ag Comhdháil Domhanda Jontiem go luath sna 1990í "nach é go bhfuil an ceart ag ár gcórais oideachais cineálacha áirithe leanaí a bheith acu; ach go gcaithfidh córas na scoileanna athrú chun riachtanais na leanaí ar fad a chomhlíonadh". ("it is not our education systems that have a right to certain types of children; it is the school system that must adjust to meet the needs of all children")

7.2 Cé go ndéanfar riachtanais go leor leanaí a aithint le linn dóibh a bheith ar réamhscoil aithnímid go bhfuil roinnt acu ann nach mbeidh a gcuid riachtanais soiléir go dtí go mbeidh siad ag dul ar scoil, bíodh sin ag leibhéal na bunscoile nó na hiarbhunscoile. Táimid tiomanta do chinntiú go dtéann scoileanna i mbun oibre chun deacrachtaí leanaí a aithint agus freagairt a thabhairt orthu chomh luath agus is féidir. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na scileanna ag baill foirne sna scoileanna chun a aithint nuair atá bac ar fhoghlaim i gceist do leanbh, conas déileáil leis agus cén uair gur chóir comhairle a lorg le go n-éireodh an gcur chuige seo. **Tá sé beartaithe sa chreat seo go méadófar comhoibriú agus go ndéanfar saineolas agus acmhainní a roinnt i measc ionaid agus gníomhaireachtaí oideachais áitiúla.**

7.3 Is féidir le timpeallacht foghlama na scoile nó caidrimh idir daoine fásta agus leanaí roinnt deacrachtaí ó thaobh foghlama de a chruthú nó a dhéanamh níos measa. Chun fáil réidh leis na baic seo ar fhoghlaim beidh ar phríomhoide na scoile agus bhaill eile den fhoireann bainistíochta sinsearaí (FBS) monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar eagrú an tseomra ranga, ábhair mhúinteoireachta, stíleanna múinteoireachta agus idirdhealú chun cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi gur féidir forbairt bhreise a dhéanamh orthu seo le go gcuirtear ar chumas an linbh foghlaim go héifeachtach. Aithnítear difríochtaí ó thaobh rátaí foghlama leanaí de sna hiarrachtaí a dhéantar faoi láthair oideachas a 'pearsantú' agus an gá atá ann obair a sholáthar atá curtha in oiriúint do chumas an linbh, agus is ceart sin.

Grúpaí Cothaithe

7.4 Is údar imní é an méadú i líon na leanaí óga a bhfuil raon leathan deacrachtaí mothúchánacha agus iompair acu. Tosaíonn an chuid is mó de leanaí amach ar scoil agus fonn foghlama orthu, iad in ann a bheith ag éisteacht, toilteanach triail a bhaint as rudaí nua, sásta roinnt agus sealaíocht a dhéanamh; tá leanaí eile ann áfach nach bhfuil ullmhaithe go maith do na héilimh a leagtar orthu ar scoil agus nach bhfuil in ann socrú isteach sa rang. Tá grúpaí cothaithe ar an láthair ar bun ag líon beag de bhunscoileanna áitiúla mar chuid lárnach dá gcuid beartais bainistíocht iompair scoile iomlán chun tacaíocht a thabhairt do na leanaí seo. Cuireann grúpa cothaithe timpeallacht slán chothaitheach ar fáil ina leagtar béim ar idirghabháil luath do leanaí a bhfuil comharthaí ann go bhfuil deacrachtaí mothúchánacha, iompair nó sóisialaithe orthu. Tuairiscíonn na scoileanna seo ar fad go mbaineann siad amach an aidhm dheiridh atá le timpeallacht ghrúpa cothaithe go ginearálta, sé sin na scileanna atá riachtanach a sholáthar do na leanaí chun déileáil nuair a théann siad ar ais isteach ina rang príomhshrutha arís go lánaimseartha. **Tá sé beartaithe go ndéanfaidh ÚOS roinnt grúpaí cothaithe a bhunú i raon de bhunscoileanna nuair a dhéantar an gá atá leo a aithint agus roinnt coinníollacha a chomhlíonadh.**

Sampla: Bunscoil B

Tá an GC seo déanta suas de 6-8 leanaí a bhíonn ag freastal ar an rang gach lá ar feadh 2-4 théarma, agus an méid ama a chaitheann siad ar ais ina rang príomhshrutha ag dul i méid. Cuireann beirt dhuine fásta, múinteoir agus cúntóir, timpeallacht struchtúrtha tuartha ar fáil inar féidir leis na leanaí tús a chur le foghlaim in atmaisféar atá cosúil leis an mbaile; faigheann na leanaí níos mó airde ó dhaoine fásta mar gheall go bhfuil an cóimheas daoine fásta le daltaí íseal. Cé go leagtar an phríomhbhéim ar scileanna sóisialta a fhorbairt, téann na leanaí i mbun an churaclaim chéanna agus atá ar bun ag a gcomhpháirtithe príomhshrutha le linn a gcuid ama sa GC. Tuairiscíonn an scoil go raibh tionchar dearfach ann ar iompar na leanaí, ag ligean dóibh rochtain a fháil ar an gcuraclam taobh lena gcomhpháirtithe. Lean an scoil na leanaí a bhíodh sa GC a d'aistrigh go rathúil chuig iarbhunscoileanna faoin am seo agus is beag baol atá ann go bhfágfaí ar lár iad i gcás an chuid is mó acu.

Oideachas lasmuigh den scoil

7.5 Tá roinnt leanaí níos sine atá taobh amuigh de chóras na scoileanna i soláthar oideachais lasmuigh den scoil (SOLS). Bíonn fadhbanna sóisialta, iompair agus mothúchánacha ag formhór na ndaoine óga seo agus cuirtear mórán díobh i Soláthar Malartach Oideachais (SMO). Meastar anois go bhféadfadh suas le 1500 daoine óga atá in aois iarbhunscoile taobh amuigh de scoileanna príomhshrutha go buan i gcaitheamh scoilbhliana, bíonn daltaí faoi bhun 14 bhliana d'aois agus iad siúd a bhfuil ráitis RSO acu i SMO anois. Tá a bhfreagracht as na torthaí do na daltaí seo séanta ag na scoileanna príomhshrutha i go leor de na cásanna seo. Ba chóir go mbeadh toilmhian ann go mbeidh leanaí ar scoil nuair is féidir sin ar chor ar bith leis na struchtúir tacaíochta chearta acu, agus nach bhfuil soláthar malartach ann ach amháin nuair is é sin an réiteach is oiriúnaí don duine óg aonair. **Tá sé beartaithe go gcaithfidh scoil a thaispeáint go ndearnadh gach iarracht an áit scoile a choinneáil lena cuid acmhainní féin agus trí dhul i mbun comhoibrithe le scoileanna agus gníomhaireachtaí áitiúla eile sula gcuirtear duine chun suíomh SMO. Tá sé beartaithe freisin go nglacfaidh an scoil freagracht as an dalta agus as na torthaí amach anseo ina leith.**

Féach Pointe Comhairliúcháin 5 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

8. OILIÚINT AGUS FORBAIRT

8.1 Is é an toradh a bhí le cur i bhfeidhm an chreata reatha i leith RSO ná gur chuir na scoileanna an iomarca muiníne le himeacht aimsire i dtacaíocht sheachtrach le cabhrú le daltaí a bhfuil RSO acu. Fuarthas amach san athbhreithniú, de thoradh comhráití le múinteoirí agus le príomhoidí, go measann a lán múinteoirí agus CRSOanna nach bhfuil siad ullmhaithe go maith le déileáil leis na riachtanais atá ag éirí níos éagsúla an t-am ar fad sna scoileanna; léirigh taighde a rinneadh go háitiúil gurb é sin an dearcadh coitianta.[9] Tá sé tábhachtach ar an ábhar sin go mbeadh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag na múinteoirí go léir le go mbeidh siad in ann dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le bheith freagrach as na foghlaimeoirí go léir, is cuma cad iad na riachtanais phearsanta atá acu. Tá sé tábhachtach freisin go dtugtar le fios do thuismitheoirí go bhfreastalóidh an scoil ar riachtanais a leanaí agus go mbeidh muinín acu go ndéanfar é sin.

8.2 Faoi mar a tugtar le fios i mBeartas na Roinne Oideachais um Fheabhsú Scoileanna (atá curtha ar fáil sa doiciméad "Gach Scoil ina Scoil Mhaith') braitheann an dul chun cinn ar cháilíocht na múinte agus na foghlama. Aithníonn an beartas seo um RSO agus um Chuimsiú a thábhachtaí is atá sé fórsa oilte teagaisc a bheith sna scoileanna atá in ann na leanaí a aithint a bhfuil constaicí foghlama le sárú acu agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Is tráthúil an rud é go raibh athbhreithniú á dhéanamh ag an RO ar oiliúint múinteoirí, ós rud é nach rudaí faoi leith iad na dúshláin atá le sárú ag múinteoirí agus iad ag plé le héagsúlacht mhór riachtanas ina seomraí ranga, ach gur gné thábhachtach lárnach iad d'oiliúint múinteoirí. Tá sé tábhachtach go mbeidh tionchar ag cibé moltaí a dhéanfar de thoradh Athbhreithniú RSO agus Cuimsithe ar an athbhreithniú ar oiliúint mhúinteoirí.

8.3 **Tá sé molta go ndéanfadh na daoine a chuireann Oideachas Bunaidh do Mhúinteoirí (OBM) ar fáil machnamh ar an gcaoi is fearr deimhin a dhéanamh de go dtuigfidh na múinteoirí go léir atá ag tosú ar an gceird go bhfuil éagsúlachtaí ann, agus nach gá go n-oirfeadh straitéis mhúinte amháin do gach dalta, agus go mbeidh tuiscint phraiticiúil acu ar bhealaí chun tascanna a chur in oiriúint do chumas a ndaltaí.**

---

9 Tuiscint na CRSOanna ar Dhisléicse: Impleachtaí maidir le Leanaí Disléicseacha a Aithint agus Tacaíocht a thabhairt Dóibh i mBunscoileanna TÉ (2006) An Dr Marleen Collins Cur i bhfeidhm an Ordaithe um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005: Impleachtaí do Chomhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais (Implementing the Special Education Needs and Disability (NI) Order 2005: Implications for Special Educational Needs Coordinators (2007)) An Dr Brenda Montgomery (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)

8.4 Aithnítear go mbeidh sé riachtanach forbairt ghairmiúil oiriúnach leanúnach a chur ar fáil le haghaidh múinteoirí chun a scileanna agus a straitéisí a fhorbairt a thuilleadh le freastal ar an éagsúlacht riachtanas atá ina ranganna, agus thar gach aon rud eile, díriú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na leanaí go léir agus na torthaí a bhain siad amach dá bharr. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh gach ball de lucht oibre na scoile, idir mhúinteoirí, chúntóirí ranga, phríomhoidí agus bhaill bhainteacha na mBord Gobharnóirí an ról atá acu laistigh den chreat iomlánaíoch seo atá á mholadh. Cuirfear oiliúint oiriúnach ar fáil dóibh chun go mbeidh siad in ann na riachtanais a bhaineann lena róil féin agus na róil atá acu i gcomhar le daoine eile a chomhlíonadh. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach, mar shampla, tacaíocht bhreise a chur ar fáil do phríomhoidí agus do ghobharnóirí chun go dtuigfidh siad an chaoi chun sonraí bainteacha maidir le dul chun cinn daltaí aonair agus grúpaí daltaí a chur ar fáil, a chóimheas agus léirmhíniú a dhéanamh orthu. **Tá sé molta mar sin go cuirfear clár comhtháite spriocdhírithe INSET ar fáil do mhúinteoirí agus d'fhórsa oibre na scoileanna le cur lena gcumas.**

8.5 Cuirfear an snáithe oiliúna agus forbartha seo ar fáil le cois a bhfuil á sholáthar faoi láthair ag an tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam agus ag an Aonad Oiliúna Réigiúnach (AOR) ar mhaithe le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Ba chóir an oiliúint seo a chur ar fáil, don chuid is mó, sna scoileanna féin agus i scoileanna an cheantair. Déanfaidh an RO deimhin de go bhforbrófar treoir agus táscairí cáilíochta comhaontaithe chun go mbeidh an tacaíocht a chuirfear ar fáil do gach scoil agus ionad oideachais níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtúla. Is é an BOL/ÚOS a bheidh freagrach feasta as deimhin a dhéanamh de go bhfuil na scileanna ag na múinteoirí príomhshrutha chun tacaíocht a thabhairt d'éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí ina seomraí ranga, agus é sin a dhéanamh tríd an oiliúint agus an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil.

Féach Pointe Comhairliúcháin 6 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

9. COMHORDAITHEOIRÍ THACAÍOCHT FOGHLAMA (CTF)

9.1 Faoin gCód Cleachtais reatha, ceanglaítear ar na scoileanna príomhshrutha ar fad múinteoir ainmnithe (CRSO) atá freagrach as oibríochtaí de chuid beartas RSO na scoile ó lá go lá, a thugann comhairle do mhúinteoirí, a théann i mbun teagmhála le tuismitheoirí agus a dhéanann comhordú ar sholáthar RSO. Sna scoileanna móra, d'fhéadfadh sé gurb é an múinteoir RSO atá ina chomhordaitheoir RSO (CRSO) freisin; sna scoileanna nach bhfuil an oiread baill foirne acu, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar an bpríomhoide an ról seo a chomhlíonadh. Cé go bhfuil príomhról ag CRSO maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí go minic, d'aithin taighde agus aiseolas ó na grúpaí comhairleacha roinnt saincheisteanna a bhaineann le ról na CRSO lena n-áirítear easpa oiliúna oiriúnaí, gan dóthain ama a bheith ar fáil chun a gcuid dualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus stádas íseal laistigh de scoil, mar shampla níl an chuid is mó acu ina mbaill d'fhoireann bainistíochta sinsearaí (FBS) na scoile.

9.2 Tá sé mar aidhm ag na moltaí beartais seo creat a chur ar fáil a chinntíonn go mbeidh aithint agus idirghabháil luath ann chun riachtanais na leanaí ar fad a bhfuil baic ar fhoghlaim i gceist dóibh a chomhlíonadh. Caithfear scileanna agus eolas an chomhordaitheora a neartú mar sin, ní hamháin chun comhairle a thabhairt, ach chun tús a chur leis an measúnú tosaigh ar dheacrachtaí foghlama agus le cinntiú go gcuireann an múinteoir ranga idirghabhálacha oiriúnacha ar fáil. **Tá sé beartaithe mar sin go ndéanfar an CRSO a athainmniú mar Chomhordaitheoir Thacaíocht Foghlama (CTF) chun an sainchúram níos leithne seo a léiriú.**

9.3 **Chomh maith leis sin tá sé beartaithe go bhfaighidh na CTF ar fad forbairt ghairmiúil oiriúnach a fheabhsaíonn a gcuid scileanna bainistíochta agus a gcumas comhordú a dhéanamh ar sholáthar scoile chomh maith lena gcumas tabhairt faoi thástáil dhiagnóiseach ag leibhéal íseal agus straitéisí idirghabhála oiriúnacha a fhorbairt. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le ról an CTF laistigh den scoil, beidh sé tábhachtach go gcuirfear conairí gairme soiléire ar fáil dóibh le rochtain ar cháilíocht ghairmiúil creidiúnaithe a mbeadh oiliúint a bhaineann le measúnú ag leibhéal íseal mar chuid de.**

9.4 Beidh sé tábhachtach freisin do phríomhoidí agus ghobharnóirí a thuiscint go mbeidh orthu a chinntiú go gcuirtear dóthain ama neamh-mhúinteoireachta ar fáil do CTF chun a gcuid dualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus go mbeidh am curtha ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí riachtanais na ndaltaí a chomhlíonadh in éineacht lena gcuid saineolais feabhsaithe. **Tá sé**

beartaithe freisin gur chóir go mbeadh an CTF ina bhall den FBS i gcónaí. D'fhéadfadh sé go mbeidh ar an ról CTF oibriú thar roinnt scoileanna i gcás na scoileanna níos lú.

Sampla: Scoil C

Léirigh an CRSO i scoil C go raibh tuiscint mhaith aici ar a ról; déanann sí maoirseacht ar an gclár RSO go héifeachtach. Tá teagmháil mhaith ann idir an CRSO agus na múinteoirí ranga le cinntiú go bhfuil dul chun cinn agus leanúnachas ann ó thaobh foghlaim na leanaí de. Chabhraigh sí leis na múinteoirí straitéisí éifeachtacha a fhorbairt le go mbeidh siad in ann tacaíocht a thabhairt má tá deacrachtaí ag a gcuid daltaí.

Féach Pointe Comhairliúcháin 7 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

10. PLEANANNA TACAÍOCHTA COMHORDAITHE (PTC)

10.1 Is féidir leanbh a atreorú i gcomhair measúnaithe reachtúil faoin gCód Cleachtais reatha, agus d'fhéadfadh ráiteas RSO a bheith mar thoradh ar seo nó gan a bheith (féach Iarscríbhinn B). Laistigh de na moltaí seo táimid ag iarraidh an bhéim a bhaint ón bpróiseas measúnaithe reachtúil agus an maorlathas a bhaineann leis. Tá sé i gceist an bhéim a leagadh go mór ar an gcabhair atá ag teastáil ó leanaí a fháil chomh luath agus is féidir trí bhreisoiliúint a chur ar lucht saothair na scoile agus seirbhísí tacaíochta comhordaithe atá dírithe ar an leanbh a sholáthar, atá pleanáilte agus curtha ar fáil ag oideachas agus cúram sláinte agus sóisialta araon.

10.2 Bíonn míthuairim ann go minic gur gá acmhainní seachtracha breise a sholáthar i gcónaí le cinntiú go ndéanann leanbh atá thíos de bharr baic fhoghlama dul chun cinn. Tuairiscíonn suirbhé OFSTED 2006[10] maidir le cuimsiú gurb iad na príomhghnéithe atá ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáiríre ná: rannpháirtíocht mhúinteora cáilithe/a bhfuil taithí aige/aici; measúnú maith; obair atá curtha in oiriúint chun dúshlán dóthanach a thabhairt do dhaltaí; agus tiomantas ó cheannairí scoile chun a chinntí go ndéanann na daltaí ar fad dul chun cinn maith.

10.3 Is féidir leis an bpróiseas measúnaithe reachtúil é féin a bheith fada agus tá sé costasach riarachán a dhéanamh air. Tá dearcadh ag dul i méid ina leith gur gheata chuig acmhainní atá ann seachas rud a chuireann le tuiscint ar na himpleachtaí oideachasúla a bheidh ag míchumas nó deacracht leanbh. Ní dhéantar riachtanais leanaí a chomhlíonadh trí bhéim a leagadh ar an gcineál soláthair agus an méid tacaíochta, mar shampla líon na n-uaireanta tacaíochta ó chúntóir ranga a d'fhéadfaí a leithdháileadh, as féin. Ní dhéantar na príomhghnéithe - caighdeán an tsoláthair agus torthaí do dhaltaí - a scrúdú a ndóthain agus go dian i gcónaí; mura dtógtar na nithe sin san áireamh, baineann sé go mór ó éifeachtacht na ráiteas. Chomh maith leis sin, i ranganna príomhshrutha ina bhfuil roinnt leanaí a bhfuil ráitis acu, is féidir leis an éifeacht a bhíonn ag na ráitis aonair le chéile, gach ceann ag déanamh cur síos ar sholáthar ar leith, a bheith ina bhac roimh úsáid éifeachtach a bhaint as tacaíocht don rang nó don scoil ar fad.

---

10 Inclusion: does it matter where pupils are taught? An Oifig do Chaighdeáin san Oideachas, sna Seirbhísí do Leanaí agus i Scileanna

10.4 **Tá sé beartaithe go gcuirfear pleananna tacaíochta comhordaithe (PTC) reachtúla in ionad ráitis reachtúla RSO.** Is í an aidhm atá leis an PTC ná pleanáil fhadtéarmach straitéiseach a dhéanamh chun torthaí foghlama a bhaint amach agus chun comhordú a chothú i measc an raon seirbhísí (ilghníomhaireachtaí agus ildisciplíneacha) atá ag teastáil chun tacú leis seo. **Beidh béim níos mó i PTC ar na torthaí oideachasúla a bhfuiltear ag súil leo ná mar a bhíonn sna ráitis reatha, agus ba chóir go ndéanfaí nasc díreach idir tacaíocht bhreise ar bith leis na torthaí oideachasúla a bhfuiltear ag súil leo. Cuirfear PTC ar fáil do na leanaí sin a bhfuil RSO acu a bhfuil baic chasta nó níos mó ná ceann amháin roimh fhoghlaim rompu amháin a mbíonn tionchar (nó go bhféadfaí a bheith ag súil go mbeidh tionchar) suntasach diúltach acu ar a gcuid forbartha oideachasúil go fadtéarmach agus a bhfuil rochtain minic ar sheirbhísí éagsúla ó níos mó ná gníomhaireacht amháin taobh amuigh den scoil ag teastáil uathu (mar shampla, iad siúd a chuireann an earnáil chúram sláinte agus sóisialta ar fáil agus na seirbhísí tacaíochta BOL/ÚOS).**

10.5 **Tá sé beartaithe freisin athbhreithniú a dhéanamh ar PTC ag pointí tionscanta níos dinimiciúla, mar shampla, ag deireadh na príomhchéimeanna, nuair atá an leanbh ag bogadh chuig scoil eile nó ar iarratas ó thuismitheoir nó ón scoil reatha.** Is athrú é seo ón bpróiseas athbhreithnithe reachtúil bliantúil reatha, a bhfuil go leor daoine den tuairim go nglacann sé suas an iomarca ama agus go bhfuil sé costasacha agus nach mbíonn athrú ar bith sa soláthar mar thoradh air sa chuid is mó de na cásanna mar sin féin. Sa chás go n-aithnítear i PTC go bhféadfadh sé go mbeidh cúnamh dhuine fásta agus teastáil, tógfar riachtanas an linbh agus an leibhéal, cineál agus úsáid atá á bhaint as an chúnamh dhuine fásta atá ar fáil sa scoil cheana féin araon san áireamh chun cineál agus imlonnú chúnamh dhuine fásta a shocrú, mar shampla cúnamh sa seomra ranga nó múinteoir cúnta.

10.6 Go simplí, cuirfidh PTC straitéisí tacaíochta agus acmhainní atá curtha in oiriúint don duine aonair ar fáil do mhionlach beag na leanaí a bhfuil soláthar RSO ag teastáil uathu atá 'sa bhreis ar nó éagsúil ón' soláthar a mbeifear ag súil leis go gcuirfidh scoil phríomhshrutha fheabhsaithe ar fáil. **Nuair is féidir tacaíocht a chur ar fáil do leanbh go hiomlán laistigh den scoil, bíodh sin le cúnamh áirithe ó scoileanna áitiúla agus/nó speisialta nó comhairle ón nGrúpa Ildisciplíneach áitiúil (féach cuid 12), nó pearsanra BOL/ÚOS, níor chóir go mbeadh gá ann PTC a eisiúint.** Beidh sé tábhachtach go leagfaidh gach scoil béim níos mó ar Phleananna Foghlama Pearsanta dírithe, spriocdhírithe a sholáthar a dhéantar athbhreithniú rialta orthu do na leanaí aonair agus na grúpaí leanaí sin a bhfuil idirghabhálacha mar sin laistigh den scoil ag teastáil uathu.

Féach Pointe Comhairliúcháin 8 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

11. POINTÍ ATHRAITHE

11.1 I gcaitheamh a gcuid oideachais scoile bíonn athruithe scoile ag gach leanbh lena n-áirítear dul isteach i réamhscoil, bunscoil, iarbhunscoil agus soláthar iarscoile. Is féidir go mbeidh athruithe ag leanaí eile ag amanna eile nuair a aistríonn siad chuig scoil eile nó nuair a bhíonn briseadh acu ina gcuid oideachais scoile, de bharr breoiteachta mar shampla.

11.2 Ag na hamanna seo tá sé ríthábhachtach go n-aistrítear an t-eolas reatha maidir le láidreachtaí agus deacrachtaí an linbh, cé go mbeidh an fhaisnéis seo faoi réir ag riachtanais rúndachta. **Tá sé beartaithe gur chóir go mbeadh socruithe éifeachtacha i bhfeidhm ag suíomhanna réamhscoile agus ag scoileanna, lena n-áirítear measúnú oiriúnach agus faisnéis a bhaineann leis an leanbh a roinnt go tráthúil. Ba chóir go ndéanfadh na socruithe seo cinnte gur féidir clár idirghabhála oiriúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chomh tapaigh agus chomh héasca agus is féidir.**

11.3 Ag leanaí ar aithníodh go bhfuil riachtanais bhreise orthu ag teacht i dtreo deireadh a gcuid ama ar scoil, tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid leanúnach pras idir iad féin, a gcuid tuismitheoirí agus na gníomhaireachtaí tacaíochta ar fad. Ba chóir go ndéanfaí láidreachtaí, cumas, mianta agus riachtanais an leanbh a admháil go soiléir chomh maith le straitéisí tacaíochta bainteacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun cabhrú leo leis an athrú ó shaol na scoile chuig saol an dhuine fásta a aithint.

11.4 Faoin gCód Cleachtais reatha, baintear úsáid as athrú mar thagairt don tréimhse sin i saol an linbh nuair a dhéantar pleananna chun athrú ó shaol na scoile go saol an dhuine fásta. D'éascaigh Grúpa Oibre Idir-rannach (GOI) comhoibriú idir an RO, RSSSSP agus an RFF maidir leis an bpróiseas athraithe do na leanaí sin a bhfuil ráitis RSO acu atá 14 bhliana d'aois agus os a cionn in 2002[11]. **Tá na moltaí a déantar sa tuarascáil GOI seo fós bailí**, go háirithe:

a) Comhordaitheoirí um Athruithe a cheapadh chun an próiseas um phleanáil athruithe a neartú i scoileanna agus chun cur chuige comhordaithe a chur ar fáil le gníomhaireachtaí reachtúla agus lucht tabhartha comhairle eile;

---

11 Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Idir-rannach um Athruithe

b) athstruchtúrú ar Sheirbhís Ghairmeacha Beatha na RFF chun béim a leagadh ar dhaoine óg idir 14-19 de bhlianta d'aois a bhfuil ráitis de riachtanais speisialta acu, mar thosaíocht, trí Bainisteoirí Ghairmeacha Beatha agus Sainchomhairleoirí Ghairmeacha Beatha a cheapadh.

c) forbairt a dhéanamh ar ábhar poiblíochta agus faisnéise do dhaltaí agus do thuismitheoirí le déanamh cinnte go bhfuil a fhios ag daltaí agus ag tuismitheoirí faoin tacaíocht atá ar fáil ón tSeirbhís um Athruithe; agus

d) cláir in Oiliúint Scileanna Saoil a chur ar fáil sna scoileanna chun féinchabhair agus maireachtáil neamhspleách a fheabhsú.

11.5 Is é ról an tSainchomhairleora Ghairmeacha Beatha, mar a leagtar amach i dtuarascáil um Athraithe an GOI é, ná:

a) ar cuireadh ón scoil, ról gníomhach a imirt sa phróiseas um phleanáil athruithe sa scoil;

b) dul i mbun comhpháirtíochta le comhghleacaithe ó ghníomhaireachtaí eile chun tacaíocht a thabhairt do riachtanais na gcliaint ó thaobh threoraithe de;

c) dul i mbun oibre go réamhghníomhach le daoine óga chun cabhrú leo a gcuid riachtanais agus a gcumas a aithint agus cúnamh a thabhairt dóibh sa phróiseas maidir le cinntí a dhéanamh; agus

d) bheith rannpháirteach le líonra sóisialta níos leithne an dhuine óig (lena m(h)uintir agus lena c(h)airde, mar shampla) chun léargas a fháil ar na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar a d(h)ul chun cinn.

11.6 Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir le go leor de mholtaí an GOI, thabharfadh fianaise starógach le fios go bhféadfadh neamh-chomhsheasmhachtaí geografacha a bheith ann fós maidir le leibhéal agus luach na seirbhíse a chuirtear ar fáil, agus go bhfuil gá fós le forbairt a dhéanamh ar chumarsáid/naisc feabhsaithe idir oifigigh athraithe ó na seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta agus oideachais ó thaobh ceannasaíocht agus bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe den phróiseas athraithe. Chomh maith leis sin, caithfear níos mó monatóireachta agus measúnaithe a dhéanamh ar phleanáil agus soláthar na seirbhísí tacaíochta athruithe oideachais agus sláinte le cinntiú gur féidir le leanaí agus a dtuismitheoirí leas a bhaint as seirbhís caighdeánaithe den scoth, beag beann ar riachtanais sainiúla an linbh nó an áit a bhfuil cónaí orthu.

11.7 Níl rochtain ar Sheirbhísí Tacaíochta Athruithe ar fáil ach do na daltaí sin amháin a bhfuil ráiteas acu laistigh den Chód Cleachtais reatha. **Tá sé beartaithe gur chóir go mbeadh rochtain ag dalta ar bith a bhfuil RSO acu leas a bhaint as na Seirbhísí Tacaíochta Athruithe, chomh maith leo siúd a bhfuil PTC acu.**

Féach Pointe Comhairliúcháin 9 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

12. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ ÉIFEACHTACHA A FHORBAIRT

12.1 Is iomaí buntáiste is féidir a bheith ann nuair a oibríonn daoine i gcomhpháirtíocht le chéile. Is féidir eispéiris níos saibhre a bheith ag leanbh dá bharr agus is féidir réimse leathan de riachtanais leanaí agus a dtuismitheoirí a shásamh. Is féidir gairmithe a bhfuil cúlraí éagsúla acu scileanna, saintaithí agus cur chuige de chineálacha éagsúla a roinnt lena chéile de réir na riachtanas a aithnítear. Leagann na moltaí beartais seo béim láidir ar chomhoibriú maidir le cleachtais oibre a chruthú idir scoileanna, faoi mar a moladh i dtuarascáil Bain (Pleanáil cheantar-bhunaithe) agus idir scoileanna agus gairmithe eile, agus iad go léir ag obair le chéile le tacaíocht a thabhairt do leanaí. **Tá sé á mholadh go n-oibreodh scoileanna i gcomhar le scoileanna eile ina ndúichí féin chun leas éifeachtach iomlán a bhaint as an eolas agus as na scileanna atá ar fáil sa bhraisle scoileanna/phobal foghlama níos leithne (féach alt 12.6) agus sna gníomhaireachtaí tacaíochta eile.**

12.2 Molann an beartas seo go bhforbrófaí comhpháirtíochtaí:

a) laistigh de shuíomhanna scoile agus réamhscoile;

b) i suíomhanna oideachais agus i bpobail foghlama;

c) idir scoileanna príomhshruthacha agus scoileanna speisialta;

d) idir BOL/ÚOS agus an BCSSR beartaithe;

e) idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF);

f) trí ghrúpaí ildisciplíneacha (GID) a bhunú;

g) le tuismitheoirí agus le cúramóirí;

h) le leanaí agus le daoine óga; agus

i) le heagraíochtaí deonacha.

Comhpháirtíochtaí laistigh de Scoileanna agus de Shuíomhanna Réamhscoile

12.3 Leagann an moladh seo faoi bheartas béim ar chur chuige sa scoil ina iomláine agus ar fhoireann uile na scoile a bheith ag obair i gcomhar le chéile chun an cuspóir comhionann atá acu a bhaint amach maidir le laghdú a dhéanamh ar an raon bac ar fhoghlaim atá os comhair leanaí áirithe. Bainfear é seo amach trí:

a) táscairí soiléire a chur ar fáil do scoileanna faoina bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh siad agus trí na réimsí tacaíochta sin, a bhfuiltear ag díriú orthu, a chur sna pleananna forbartha scoile;

b) an scoil go léir a bheith tiomanta do chabhrú le daltaí a bhfuil baic foghlama acu agus é sin a dhéanamh trí na scileanna agus an t-eolas atá ag na múinteoirí, agus ag an bhfoireann nach múinteoirí iad, a roinnt;

c) trí idirghabhálacha cruinne soiléire spriocdhírithe a bhfuil srianta ama leo agus atá dírithe ar dheacrachtaí foghlama an linbh (na leanaí), agus a thuigeann gach aon duine iad;

d) príomhról a bheith ag an bpríomhoide agus ag Bord na Gobharnóirí le deimhin a dhéanamh de go bhfuil a scoil ag aithint, ag cur i bhfeidhm agus ag déanamh athbhreithnithe ar na bearta a rinneadh chun na baic a laghdú agus torthaí níos fearr a bheith ag leanaí; agus

e) CTF a cheapadh a bheidh ina b(h)all den fhoireann shinsearach bhainistíochta.

12.4 Tá tiomantas na scoile don tacaíocht atá á chur ar fáil ríthábhachtach ó thaobh éifeachtúacht agus inbhuanaitheacht cibé feabhsú a dhéantar, is cuma cén modh atá in úsáid maidir le soláthar seirbhíse. Ní mór dúinn seirbhís tacaíochta a bheith againn a chuirfidh seirbhísí spriocdhírithe ar fáil agus oiliúint maidir le scileanna agus eolas a bheith ar fáil le haghaidh múinteoirí, cúntóirí ranga agus foireann eile na scoile. Caithfidh teorainneacha soiléire ama a bheith ann i gcás aon tacaíocht a chuirtear fáil, ní mór dó a bheith dírithe go follasach ar riachtanais an linbh agus an mhúinteora, agus ní mór spriocanna soiléire a leagadh síos sula gcuirtear tús leis an bpacáiste tacaíochta.

12.5 Nuair atá tacaíocht seachtrach á tabhairt do mhúinteoirí áirithe i scoil, le déileáil le hiompar dúshlánach, mar shampla, ba chóir go mbeadh sé indéanta go ndíreodh an scoil i rith na tréimhse sin ar athbhreithniú a dhéanamh sa scoil

go léir ar an tacaíocht a thugtar ó thaobh iompair de. **Tá sé á mholadh ar an ábhar sin go bhféachfadh foireann Shinsearach Bhainistíochta na Scoile go mbeadh aon réimse tacaíochta spriocdhírithe seachtrach ina chuid de phlean forbartha na scoile (SDP).**

Comhpháirtíochtaí idir Suíomhanna Oideachais agus Pobail Foghlama

12.6 Tacaíonn na moltaí beartais seo le pleanáil bunaithe ar limistéir, faoi mar a moladh i dtuarascáil Bain, agus cuireann siad obair chomhoibríoch chun cinn laistigh de na suíomhanna oideachais féin agus eatarthu, agus idir iad siúd agus gairmithe eile atá ag obair le chéile le tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga. Tá níos mó taithí, scileanna, eolas nó dea-chleachtas ag scoileanna áirithe le dul i ngleic leis an réimse leathan deacrachtaí atá ag daoine óga. Cuid ríthábhachtach de na moltaí seo is ea go mbainfí leas as na scileanna seo, agus go roinnfí a leithéid de dhea-chleachtas le suíomhanna scoile eile sa phobal foghlama áitiúil (féach Léaráid 3). Tá coincheap na bpobal foghlama tógtha ar a bhfuil cruthaithe cheana féin chun tacaíocht a thabhairt don chreat teidlíochtaí agus baineann sé leis an réimse go léir - réamhscoileanna, bunscoileanna, hiarbhunscoileanna, coláistí breisoideachais agus scoileanna speisialta. Beidh ar gach scoil agus suíomh oideachais eile, idir phríomhshruthach agus speisialta, laistigh de phobal foghlama comhoibriú agus oibriú i gcomhpháirtíocht le chéile chun an saineolas, an t-eolas agus na scileanna atá sa bhraisle scoileanna/Pobal Foghlama níos leithne a aithint agus a úsáid go héifeachtach, agus beidh sé seo ar aon dul le cruthú choincheap na hoibre comhoibrí a bhaineann lena lán de réimsí beartas na Roinne Oideachais.

12.7 Cé go mbeidh gach scoil neamhspleách, beifear ag súil go mbeidh siad sásta buntáistí an tsaineolais, na scileanna agus an eolais a soláthar do scoileanna laistigh den bhraisle fhoghlama, agus a leithéidí a fháil uathusan, agus páirt ghníomhach a bheith acu san obair. Tabharfar tacaíocht do na braislí seo trí acmhainní eolais agus oiliúna leictreonaí a roinnt trí líonra a dhéanfaidh an ÚOS bainistiú air. **Tá sé beartaithe go smaoineofaí ar spreagthaí airgeadais agus eile a chur ar fáil do scoileanna le cois a mbuiséad tarmligthe nuair a oibríonn siad i gcomhpháirtíocht le chéile agus nuair a roinneann siad saintaithí agus acmhainní le dreamanna eile chun soláthar níos fearr a chur ar fáil do dhaoine óga a bhfuil baic ar fhoghlaim i gceist dóibh.**

Léaráid 3: Pobal Foghlama



Comhpháirtíochtaí idir Scoileanna Príomhshruthacha agus Scoileanna Speisialta

12.8 **Ceann de na rudaí a chinnteoidh go mbeidh rath ar an tsamhail atá beartaithe is ea saintaithí agus acmhainní a bheith á roinnt idir na hearnálacha, agus ról faoi leith a bheith ag na scoileanna speisialta laistigh den chreat foriomlán.** Is léir go mbeidh ról faoi leith ag baill fhoirne a bhfuil saineolas acu ar réimsí mar fhadhbanna mothúchánacha, iompair, cumarsáide agus idirchaidrimh nó fadhbanna céadfacha agus/nó fisiciúla. Bainfidh an ról seo le comhairle, tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil dá gcomhghleacaithe sna scoileanna príomhshruthacha a bhfuil dúshláin nua le sárú acu le freastal ar riachtanais daonraí scoileanna atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí. **Tá sé beartaithe freisin go gcuirfear deiseanna ar fáil chun go dtabharfar aitheantas do scoileanna speisialta mar ionaid shaineolais laistigh de phobail foghlama, agus b'fhéidir go ndéanfar é sin ar bhonn réigiúnach ó thaobh soláthar seirbhísí oiliúna agus seirbhísí speisialtóireachta for-rochtana.** Bheadh impleachtaí soiléire ag a leithéid d'fhorbairt le haghaidh lucht ceaptha beartas

ó thaobh pleanáil a dhéanamh maidir le gach cineál acmhainne agus soláthair a chur ar fáil go gearrthéarmach agus go fadtéarmach.

Comhpháirtíocht idir ÚOS agus an BCSSR beartaithe

12.9 Tá freagracht reachtúil ar[12] maidir le riachtanais oideachais daoine óga a bhfuil RSO acu a aithint, a mheas agus a shásamh. Ní mór do BOLanna cabhair údarás na seirbhísí sláinte agus sóisialta a lorg. Áirítear leis seo comhairle a iarraidh chun measúnú reachtúil a dhéanamh i gcás an duine óig a bhfuil RSO aige nó aici agus soláthar a dhéanamh le haghaidh an té sin. Tá eisceachtaí ann sa reachtaíocht reatha agus uaireanta bíonn moill ar an measúnú reachtúil agus soláthar easnamhach dá mbarr. Sainítear riachtanas maidir le teiripe urlabhra agus teanga i ráiteas RSO roinnte daoine óga de réir mar a mholann na hIontaobhais Chúram Sláinte agus Sóisialta (Iontaobhais CSS) agus a chuireann siad ar fáil. Aithnítear, áfach, go bhfuil deacrachtaí ann agus gurb é ganntanas Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga an fáth is mó atá leo. Ar ar ábhar sin smaoinigh na BOLanna i roinnt cásanna teiripeoirí urlabhra agus teanga a fhostú chun a ndualgais reachtúla a shásamh. Ní mholann an RSSSSP a leithéid mar bíonn ceisteanna faoi rialachas, fhorbairt gairme agus fhreagracht i gceist.

Sampla de Ghairmithe Oideachais agus Ghairmithe Gaolmhara Chúram Sláinte agus Sóisialta ag obair le chéile:

Is féidir samplaí dea-chleachtais eile a fháil in earnáil na réamhscolaíochta agus san earnáil iar-bhunoideachais atá ag gluaiseacht araon i dtreo breis soláthair a chur ar fáil, lena n-áirítear roinnt seirbhísí 'timfhillteacha' chun tacaíocht a chur ar fáil le cabhrú le daoine óga foghlaim faoi mar a samhlaíodh i gcoincheap clár Sure Start de chuid ionad na leanaí agus scoileanna le gach seirbhís. D'aithin an príomhoide i scoil iar-bhunoideachais amháin gur gá dó oibriú le teaghlaigh agus leis an bpobal áitiúil má bhí sé le bunús foghlama níos fearr a sholáthar do dhaoine óga agus go bhféadfaí é seo a dhéanamh trí oifigigh idirchaidrimh teaghlaigh a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna meabhairshláinte agus iompair. Cuireann Sure Start béim faoi leith ar thacú le forbairt shláintiúil daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste. I dtionscadal amháin, mar shampla, cuireann an fhoireann oilte ildisciplíneach cothromaíocht ar fáil maidir le soláthar a bhaineann le sláinte, forbairt trí shúgradh, tacaíocht bhaile agus rannpháirtíocht tuismitheoirí.

12 *BOLanna faoin reachtaíocht reatha Ordú Oideachais (TÉ) 1996*

12.10 Is iad na disciplíní éagsúla a threoraíonn na socruithe reatha maidir le seirbhísí a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus léiríonn siad róil, freagrachtaí, eagrú agus struchtúir na Ranna Rialtais. Aithníonn na Ranna rialtais, tuismitheoirí agus gairmithe oideachais agus cúram sláinte agus sóisialta go maith na dúshláin atá le sárú ag gairmithe sna hearnálacha oideachais agus cúram sláinte agus sóisialta agus iad ag iarraidh oibriú le chéile chun freastal ar riachtanais leanaí a bhfuil baic ann i gcoinne a gcuid foghlama.

12.11 Aithnítear go bhfuil gá le hoibriú comhoibritheach agus le seirbhísí comhtháite comhordaithe atá dírithe ar an leanbh. Chuir an RSSSSP agus an RO tuarascáilar fáil dar teideal "Standards and Guidance for Promoting Collaborative Working to Support Children with Special Needs." Is é curpóir na treorach seo na socruithe maidir le hoibriú i gcomhar le chéile a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal réigiúnach, chun deimhin a dhéanamh de go sásaítear riachtanais oideachais agus teiripe na leanaí sna scoileanna speisialta.

12.12 Cé go bhfuil cur chuige agus soláthar comhtháite ann anois maidir le seirbhísí (sampla de is ea na foirne ildisciplíneacha sláinte a cruthaíodh de thoradh an Phacáiste Maoinithe um Leanaí agus Dhaoine Óga - PMLDÓ) is féidir níos mó a dhéanamh. Fuarthas aiseolas ó ghairmithe oideachais agus ghairmithe chúram sláinte agus sóisialta atá ar na grúpaí comhairleacha um RSO agus um chuimsiú agus ag cruinnithe le hionadaithe na bhfoirne ildisciplíneacha. Luadh a lán rudaí san aiseolas sin, lena n-áirítear, an comhordú lochtach atá idir lucht oideachais agus lucht sláinte agus cúram sóisialta rud a fhágann bearnaí sa tacaíocht a cuirtear ar fáil. Lena chois sin tharraing cuid de na tuismitheoirí anuas an cheist seo nuair a bhual siad leis an bhfoireann Athbhreithnithe.

12.13 **Tá na moltaí beartais seo dírithe ar phleanáil agus oibriú ildisciplíneach níos fearr mar bhealach chun seirbhísí tacaíochta iomlánaíocha, a chuireann an leanbh i lár báire, a sholáthar go rathúil. Moltar go ndéanfar é seo trí:**

- **bealaí níos tráthúla agus níos éifeachtúla chun measúnú a dhéanamh agus tacaíocht oiriúnach breise a sholáthar chun torthaí níos fearr a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga agus go mór mór dóibh siúd a bhfuil míchumas orthu nó riachtanais sláinte agus sóisialta acu nó tosca mothúchánacha ag cur as dóibh;**
- **seirbhísí a choimisiúnaítear go háitiúil agus a ndéanann lucht oideachais agus lucht sláinte agus cúram sóisialta iad a phleanáil agus a chur ar fáil. Ní mór díobh seo a bheith leanbhlárnaithe inrochtana éifeachtach agus á soláthar go chomhsheasmhach ar fud an Tuaiscirt do na leanaí a bhfuil gá acu leo.**

12.14 Tá buntáistí suntasacha ag an 'bhfoireann aontaithe mórthimpeall an linbh' seo atá á moladh toisc:

a) nach gá don leanbh agus do na tuismitheoirí a gcuid ama a mheilt arís is arís eile ag déanamh cur síos ar riachtanais an linbh do ghairmithe éagsúla;

b) gur féidir an leas is fearr a bhaint as disciplíní na ngairmithe éagsúla agus fós deimhin a dhéanamh de go n-aithnítear go bhfuil ionchur na speisialtóirí ríthábhachtach; agus

c) go gcuireann sé deireadh leis an mbaol go mbeidh bearnaí nó forluí ann maidir leis an soláthar.

12.15 Bíonn soiléire maidir le róil, freagrachtaí, caighdeáin agus ionchur na ngairmithe faoi leith ag teastáil maidir leis an gcur chuige seo. Cé go bhféadfadh réimse gníomhaireachtaí a bheith ag obair cheana féin ag iarraidh deacrachtaí leanaí a aithint, is gá go mbeadh breis comhsheasmhachta ann maidir le hobair comhtháite chun freastal a dhéanamh ar riachtanais leanaí, go mór mór iad siúd a bhfuil riachtanais chasta ó thaobh chúram sláinte fisiceach de acu. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí comhphleanáil agus comhchoimisiúnú. Aithnítear gur gá go ndéanfar tuilleadh costála ar leibhéal íseal maidir le soláthar seirbhíse timfhillte. Ní foláir béim a leagan ar a thábhachtaí is atá sé na córais faisnéise a chaighdeánú le tacú le comhoibriú idir na gairmithe éagsúla.

12.16 Ar cheann de na príomhrudaí atá á moladh againn tá go n-aithneofar a luaithe agus is féidir na leanaí sin a bhfuil baic foghlama acu, agus go gcuirfear an tacaíocht chuí ar fáil dóibh nuair atá sé riachtanach dóibh. D'fhéadfadh tacaíocht oideachais nó tacaíocht sláinte agus sóisialta a bheith i gceist nó an dá chineál tacaíochta. Ba chóir go mbeadh formhór na leanaí sin laistigh de réimse na nIontaobhas CSS agus go mbeadh tacaíocht á fáil acu cheana féin trí cheann de na pacáistí spriocdhírithe le haghaidh leanaí. Is é cuspóir an chreata nua ná cur chuige níos comhtháite a chur chun cinn laistigh de na scoileanna, agus sa chaidreamh idir comhghleacaithe oideachais agus sláinte agus chúram sóisialta, nuair atáthar ag déileáil le raon na mbac atá le sárú ag leanaí.

12.17 Aithnítear go bhfuil dualgais le comhlíonadh ag lucht oideachais, ag na BOLanna agus ag cúram sláinte agus sóisialta. Ós rud é obair tras-earnála chomh ríthábhachtach sin, áfach, agus le deimhin a dhéanamh go mbunaítear socruithe comhsheasmhacha comhpháirtíochta, beidh sé riachtanach go mbeidh na socruithe feasta ceangailteach ar na BOLanna/ÚOS agus an BCSSR atá á

mholadh agus CSS (mar mheamraim comhthuisceana nó mar chomhaontaithe seirbhíse) chun go ndéanfaidh siad seirbhís chomhtháite oideachais agus cúraim sláinte agus sóisialta a phleanáil, a choimisiúnú, a sholáthar le haghaidh leanaí a bhfuil baic foghlama acu, agus monatóireacht éifeacht a dhéanamh air le chéile, agus é sin laistigh de na hacmhainní a leithdháiltear dóibh. Murar féidir tacaíocht inrochtana chomhsheasmhach a chur ar fáil trí na comhaontaithe seo atá á moladh b'fhéidir gur chóir do na ranna faoi leith smaoineamh ar dhualgas reachtúla chuí a leagan ar na heagraíochtaí bainteacha.

Comhpháirtíochtaí idir an Roinn Oideachais (RO) agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (DEL)

12.18 Ós rud é go bhfuil Oideachas, Eolas, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha (CEIAG) chomh tábhachtach sin, agus ós rud é go bhfuil Seirbhís Chomhairleach um Míchumasú (DAS) ar fáil le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga agus iad ag gluaiseacht ó shaol na scoile go saol an aosánaigh dóibh, tá sé riachtanach i gcónaí go mbeadh dlúthchaidreamh oibre idir an earnáil oideachais agus DEL.

Cé gur gá rúndacht a chosaint, cabhróidh an fhaisnéis chuí a bailíodh le linn an phróisis thrasdula le coláistí breisoideachais agus le soláthraithe oiliúna barrfheabhais a chur cáilíocht na hoiliúna agus an oideachais le haghaidh na ndaltaí go léir a bhfuil deacrachtaí foghlama acu nó míchumais ag cur as dóibh.

Grúpaí Ildisciplíneacha (GIDanna)

12.19 Molaimid go mbunófaí líonra de Ghrúpaí Ildisciplíneacha (GIDanna) a bheidh ailínithe ar phobail foghlama, ar ÚOS agus ar struchtúir áitiúla CSS, agus go ndéanfaí é sin le go mbeadh oibriú ildisciplíneach mar an ngnáthrud feasta agus go n-éascódh sé cur chuige agus tacaíocht chomhsheasmhach a bheith ann.

12.20 Beidh ionadaíocht leordhóthanach ag gach GID áitiúil trína ghairmithe bainteacha oilte oideachais agus chúram sláinte agus sóisialta chun go ndéanfaidh na páirtithe go léir machnamh agus comhoibriú le chéile chun plean a cheapadh chun deireadh a chur leis na baic atá os comhair leanaí nó iad a laghdú. D'fhéadfadh ionadaithe na seirbhísí oideachais agus chúram sláinte agus sóisialta mar shampla a bheith i láthair, nó síceolaithe oideachais agus síceolaithe cliniciúla, nó teiripeoir urlabhra agus teanga, oifigeach leasa nó pearsanra ÚOS a bheith i láthair ag uaireanta éagsúla de réir an fhoghrúpa a bheadh ag an gcruinniú. Chinnteodh comhoibriú na ngairmithe seo (agus iad san

ionad céanna dá bhféadfaí é) go mbeadh sé ar chumas gach GID athbhreithniú comhtháite áitiúil a dhéanamh ar na riachtanais a bheadh ann maidir le tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar do na leanaí agus dá dteaghlaigh ar bhealach comhordaithe.

12.21 Táthar á moladh gurb í príomhfheidhm na GIDanna measúnú a dhéanamh agus fáil amach na céad chéimeanna eile le haghaidh na leanaí sin a aithníodh go bhfuil tacaíocht ildisciplíneach uathu a sháraíonn an tacaíocht atá ar fáil sna scoileanna amháin, nó le fáil amach cé hiad na leanaí a bhfuil measúnú reachtúil de dhíth orthu. Cuirfidh gach GID critéir agus prótacail chaighdeánacha chomhaontaithe i bhfeidhm chun go mbeifear in ann daoine a aithint go luath agus idirghabháil luath a dhéanamh más cuí, agus comhsheasmhacht maidir le soláthar agus cothroime a chinntiú. Táthar ag súil go gcothóidh agus go n-éascóidh gach GID forbairt struchtúir éifeachtacha tacaíochta idir na scoileanna áitiúla agus laistigh den phobal foghlama agus idir GIDanna eile trí dhea-chleachtas a scaipeadh ina measc. Feidhm eile atá á moladh le haghaidh gach GID is ea saincheisteanna a aithint agus a tharraingt anuas ar leibhéal straitéiseach, féachaint cé chomh coitianta is atá na deacrachtaí atá ag leanaí, mar shampla, nó an bhfuil aon méadú ag teacht orthu.

12.22 Beidh ról tábhachtach ag gach GID ag tabhairt dúshlán na scoileanna rannpháirteacha maidir le leibhéil agus éifeachtacht na tacaíochta a thugann siad dá ndaltaí. Sula rachaidh scoil chuig a GID áitiúil ag iarraidh cabhrach beidh uirthi a thaispeáint don GID go bhfuil gach iarracht déanta aici riachtanais an linbh a shásamh trí athruithe réasúnta a dhéanamh, sa mhodh múinte, mar shampla, agus trí ath-imscaradh a gcuid acmhainní féin agus éifeachtacht aon idirghabháil atá á dhéanamh maidir le dul chun cinn an linbh. Beidh ar an scoil fianaise mionsonraithe a chur ar fáil de na gníomhartha agus athbhreithnithe a rinneadh cheana féin chun tacaíocht a thabhairt do dhalta, mar shampla, measúnuithe a rinneadh, an clár idirghabhála a cuireadh i bhfeidhm agus athbhreithniú agus measúnú ina dhiaidh sin ar an dul chun cinn a rinne an leanbh. Beidh foghrúpa ar gach GID a mbeidh a mbaill ina n-ionadaithe ainmnithe ag BOL/ÚOS agus ag eagraíochtaí CSS agus úsáidfidh siad sin critéir agus nósanna imeachta comhaontaithe chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil leanbh le chur ar aghaidh, nó cén áit a chuirfear ar aghaidh é nó í, go dtí an bpróiseas foirmiúil reachtúil measúnaithe a d'fhéadfadh soláthar PTC a bheith mar thoradh air.

12.23 Beidh sé de cheart ag na scoileanna i gcónaí comhairle a iarradh uair ar bith ó scoileanna eile agus ó sheirbhísí tacaíochta na BOL/ESA; go deimhin beidh sé riachtanach go mbeidh scoileanna tar éis leas a bhaint as an saineolas ina

bpobail foghlama féin sula gcuireann siad leanbh ar aghaidh go dtí a GID áitiúil. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh fonn ar GID nuair a bhreathnaíonn siad ar an bhfianaise a chuireann scoil ar fáil iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar na straitéisí a úsáideann an scoil agus é sin a dhéanamh trí dhea-chleachtas a aithníonn siad a chur chun cinn agus trí thacaíochtaí ó scoileanna sa chomharsanacht, agus trí idirghabháil faoi leith a fháil ó sheirbhísí seachtracha réigiúnacha speisialtóireachta nó ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna). Beidh sé de rogha ag gach GID freisin moladh a dhéanamh go bhfreastalódh leanbh in dá scoil sa limistéar agus socruithe a dhéanamh chuige sin.

12.24 Tugadh le fios i dTuarascáil OFSTED 2006 faoi sheirbhísí méadaithe i scoileanna agus in ionaid leanaí go gcabhraíonn príomh-chomhordaitheoir le gníomhaireachtaí éagsúla oibriú go héifeachtach le chéile. Táthar á mholadh, mar sin, go mbeadh comhordaitheoir ar gach GID a bheadh freagrach as déileáil le fiosruithe nó atreoruithe ó scoileanna, as cruinnithe foghrúpaí a eagrú go rialta agus as gairmithe oideachais agus chúram sláinte agus sóisialta breise a thabhairt le chéile nuair is gá é sin.

12.25 Aithnímid nach bhféadfaidh na GIDanna atá á moladh oibriú go héifeachtach ná seirbhísí comhtháite a chur ar fáil mura mbíonn dlúth-chomhoibriú agus tairiscintí comhordaithe á ndéanamh ag an Roinn Oideachais, BOL/ÚOS agus ag RSSSSP, BCSSR, agus ag Iontaobhais CSS. Molaimid ar an ábhar sin gurb iad BOL/ÚOS agus na BCSSR agus na hIontaobhais CSS nua atá á moladh a dhéanfadh comhchinneadh faoi uimhir, suíomh agus riachtanas foirne gach GID. Tógfar é seo ar aghaidh mar chuid de mheamram comhthuisceana (MC) nó gComhaontú Seirbhíse (CS) idir na heagraíochtaí agus cuirfidh sé san áireamh na hacmhainní atá ar fáil agus an leas is fearr ar féidir a bhaint astu.

Comhpháirtíochtaí le Tuismitheoir/Cúramóir

12.26 Tá sé ríthábhachtach go roinnfí faisnéis, eolas agus comhairle idir an tuismitheoir agus na gairmithe múinte agus sláinte agus cúraim sóisialta le cinntiú go bhfuil comhthuiscint ann faoin gcineál bac/baic foghlama atá ann. Gné thábhachtach í freisin maidir le muinín a chothú sna tuismitheoirí go bhfuil gníomhartha nó bearta cuí á ndéanamh le dul i ngleic le haon riachtanais a aithnítear agus go bhfuil a leanaí ag dul chun cinn.

12.27 Aithnítear na nithe seo a leanas sna treoracha reatha maidir le hoibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/cúramóirí agus leanaí (faoi mar atá leagtha síos sa Chód Cleachtais agus san Fhorlíonadh):

a) go bhfuil sé de dhualgas ar scoileanna labhairt le tuismitheoir/cúramóir faoi aon imní atá orthu maidir le baic foghlama atá i gceist dá leanbh agus na bearta atá á dhéanamh lena laghdú agus insint dóibh faoi na grúpaí deonacha sa cheantar a d'fhéadfadh cabhrú leo chun na bhaic sin a thuiscint;

b) faisnéis agus comhairle a sholáthar trí sheirbhís fhreagrach agus inrochtana; agus

c) an tSeirbhís um Dhíospóidí a Sheachaint agus a Réiteach (SDSR) a bheith ar fáil

12.28 **Moltar go gcuirfí an treoir reatha i bhfeidhm maidir le hoibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí, le scoileanna, le BOLanna/ÚOS agus le gairmithe eile (faoi mar atá siad leagtha síos sa Chód Cleachtais agus san Fhorlíonadh) agus go ndéanfaí é seo ar bhealach níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtúla.** Is é an buntáiste a bheidh ag an gcur chuige comhoibritheach seo ná go gcinnteoidh sé go mbeidh tuiscint níos fearr ag tuismitheoirí ar:

a) a ról féin maidir le tacaíocht a thabhairt dá leanaí;

b) cad a dhéanfaidh daoine eile (lena n-áirítear scoileanna agus gairmithe sláinte agus chúram sóisialta) le tacaíocht a thabhairt dá leanaí.

c) an próiseas sainaitheanta agus measúnaithe agus na róil agus na freagrachtaí atá ag daoine agus dreamanna sa phróiseas sin;

d) na leibhéil soláthair a chuirfear ar fáil ó thaobh teiripe de; agus

e) an tSeirbhís um Dhíospóidí a Sheachaint agus a Réiteach (SDSR) agus an ceart atá acu acomharc a dhéanamh.

Comhpháirtíocht leis an Leanbh

12.29 Leagann an Cód Cleachtais reatha béim ar a thábhachtaí is atá sé go nglacfadh leanaí páirt i ngach cinneadh faoina gcuid oideachais. Beidh sé seo ina ghné thábhachtach fós den chur chuige nua. Beidh ar scoileanna agus ar eagraíochtaí eile dearcadh an linbh a fháil amach agus meas cuí a thabhairt don dearcadh sin faoi réir aois, aibíocht agus cumas an linbh de réir Ailt 12 agus 13 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Comhpháirtíochtaí leis an Earnáil Dheonach

12.30 Tá a sciar uathúil tábhachtach féin ag an earnáil dheonach maidir le tacú le tuismitheoirí agus réimse seirbhísí a sholáthar dóibh. Ba chóir go gcinnteodh scoileanna, BOL/ÚOS agus an BCSSR beartaithe, go mbeadh faisnéis ag teaghlaigh faoi réimse iomlán seirbhísí tacaíochta na hearnála deonaí ina limistéir féin. Tá sé beartaithe, ar mhaithe le ról níos éifeachtúla a bheith ag eagraíochtaí deonacha, go bhféachfaidh na BOLanna/ÚOS, an BCSSR beartaithe agus scoileanna chuige go mbeidh páirt ag an earnáil dheonach go rialta i gcúrsaí oiliúna nuair a bheidh sé sin feiliúnach agus go malartófar faisnéis bhainteach leo.

Féach Pointe Comhairliúcháin 10 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

Léaráid 4: Idirghaolmhaireacht idir leanaí, scoileanna, pobail foghlama agus beartais na Roinne Oideachais



13. EACHTOBAIR NA SAMHLA BEARTAITHE

13.1 **Tá sé beartaithe samhail nua a chur in ionad na gcéimeanna seicheamhacha 1-5 sa Chód Cleachtais reatha a mbeidh trí shraith i gceist leis:-**

- **Laistigh den Scoil**
- **Laistigh den Scoil móide Tacaíocht Sheachtrach (scoileanna eile/ÚOS/ GID)**
- **Pleananna Tacaíochta Comhordaithe (PTC).**

Laistigh den Scoil

13.2 Tá sé beartaithe againn an bhéim a leagan ar sholáthar feabhsaithe a chur ar fáil laistigh de scoileanna agus gan a bheith ag brath ar thacaíocht sheachtrach. Beidh na scoileanna freagrach as formhór mór riachtanais éagsúla a gcuid leanaí laistigh de leithdháileadh maoinithe, le tacaíocht ó threoir agus tháscairí a dhéanann cur síos ar an soláthar a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh siad ar fáil. Tabharfar faoi thástáil dhiagnóiseach tosaigh, má bhíonn gá leis, ag leibhéal na scoile (déanfaidh an CTF é seo, mar atá beartaithe in alt 9.3). Beifear ag súil leis go ndéanfaidh an scoil PFP a cheapadh (féach alt 5.5 maidir le PLP) a bheidh freagrúil do riachtanais an linbh, solúbtha, pras agus faoi réir ag athbhreithniú leanúnach. Beidh an PFP seo atá bunaithe sa scoil mar thaifead cuimsitheach ar thástáil dhiagnóiseach ar bith, ar idirghabhálacha a cuireadh ar bun agus ar an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis agus a baineadh amach laistigh d'achar áirithe. Mar a moladh in alt 5.5 beidh an PFP mar chuid de thaifead leictreonach maidir leis an leanbh agus a bheidh i seilbh na scoile. Ar deireadh cuirfidh aithint luath a mbeidh idirghabhálacha oiriúnacha éifeachtacha faoi cheannas múinteoirí mar thoradh leis go mór le deacrachtaí a shárú ag céim luath agus ba chóir go laghdóidh siad an gá atá le dianbhearta cúiteacha costasacha níos déanaí i scolaíocht an linbh[14].

13.3 Beidh sé tábhachtach nár chóir do scoileanna talamh slán a dhéanamh de go mbeidh leibhéal méadaithe acmhainní ag teastáil i gcónaí má bhíonn méadú i leibhéal riachtanais linbh, nó ar am laistigh de scoil (mar shampla cúnamh sa seomra ranga nó múinteoir cuairte) cé gur féidir leis seo a bheith amhlaidh

14 *Making Lifelong Learning a Reality for All: páipéar cúlra do Chomhdháil Airí Oideachais na hEorpa, Heidelberg, 2 Márta 2007*

uaireanta. Thaispeáin go leor scoileanna príomhshrutha cheana féin, má chuirtear straitéisí múinteoireachta níos oiriúnaí i bhfeidhm, gur minic go bhfuil sé chomh héifeachtach céanna nó níos éifeachtaí ó thaobh a chinntiú go mbaineann an leanbh amach na torthaí agus an leibhéal dul chun cinn comhaontaithe.

Laistigh den Scoil móide Tacaíocht Sheachtrach

13.4 Is féidir go mbeidh uaireanta ann ina mbeidh ar scoil bearta inmheánacha cuí a dhéanamh chun riachtanais bhreise an dhalta a aithint agus dul i ngleic leo, i ndiaidh córas leanúnach ó thaobh measúnaithe, spriocanna a leagadh amach, straitéisí éagsúla a úsáid, monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha agus iad a mheas. B'fhéidir gur mhian leis an bpríomhoide cur le hidirghabháil na scoile trí chomhairle nó thacaíocht sheachtrach a chur ar fáil má mheasann an scoil nach bhfuil an dalta ag déanamh an dul chun cinn a raibh siad ag súil leis.

13.5 D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm tacaíochta ó scoileanna eile sa phobal foghlama nó saineolas a roinnt leo, ón GID áitiúil, nó ó na seirbhísí tacaíochta a choimisiúnaigh an BOL/ÚOS nó ón BCSSR beartaithe. Má chreideann scoil, mar shampla, nach bhfuil a cuid baill foirne féin in ann an tacaíocht oiriúnach a sholáthar do pháiste óna cuid acmhainní féin, beidh sí in ann leas a bhaint as;

a) comhairle a chuireann scoileanna áitiúla eile ar fáil, lena n-áirítear earnáil na scoileanna speisialta; agus/nó

b) saineolas an ghrúpa ilghníomhaireachtaí (GIG) áitiúil chun measúnú a dhéanamh agus fáil amach na céad chéimeanna eile le haghaidh an linbh sin agus chun idirghabháileacha eile a aithint.

13.6 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh ar an scoil a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil gníomhartha oiriúnacha réasúnta tógtha aici chun riachtanais an linbh a chomhlíonadh, ach nár baineadh amach an dul chun cinn a bhí ag teastáil sula mbaintear leas as tacaíocht sheachtrach ar bith. Agus an GID ag cur measúnú ar riachtanais tacaíochta an linbh ar fáil, tógfar na nithe seo a leanas san áireamh;

a) na bearta ábhartha a bhfuil cuspóir leo a thóg an scoil laistigh den scoil;

b) an monatóireacht agus na hathbhreithnithe leanúnacha a tugtar fúthu;

c) comhairle ó na gairmithe oideachais, chúram sláinte agus sóisialta ábhartha ag cur bearta seachtracha breise san áireamh atá oiriúnach don deacracht nó mhíchumas nó bhac a bhfuil tionchar acu i gcónaí ar chumas an linbh dul chun cinn a dhéanamh taobh lena chomhghleacaithe nó a c(h) uid spriocanna féin a bhaint amach.

13.7 Cé nach luaitear gach ceann acu, i measc na dtorthaí nó na mbealaí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ann i ndiaidh atreoraithe ó scoil nó ó thuismitheoir ag an gcéim seo tá:-

a) atreorú ar ais chuig an suíomh scoile sa chás nár tugadh faoi bhearta bríocha a bhfuil cuspóir leo ná faoi athbhreithniú leanúnach chun éascú a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt do riachtanais an pháiste taobh istigh den scoil;

b) straitéisí nó comhairle bhreise a sholáthar;

c) idirghabhálacha pleanáilte oiriúnacha/athrú sa soláthar ó fhoinsí atá lasmuigh den scoil;

d) leas a bhaint as cláir mhalartacha atá deartha do ghrúpaí leanaí a aithnítear a bheith i mbaol;

e) pacáistí cúraim agus oideachais do leanaí faoi chúram (LfC);

f) idirghabhálacha comhtháite oiriúnacha do leanaí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte orthu; nó

g) tús a chur le measúnú reachtúil do na leanaí sin a bhfuil riachtanais chasta nó níos mó ná riachtanas amháin acu.

Pleananna Tacaíochta Comhordaithe (PTC)

13.8 Ní chuirfí tús leis an bpróiseas measúnaithe reachtúil (a d'fhéadfadh soláthar PTC a bheith mar thoradh air nó gan a bheith) do líon beag leanaí le RSO go dtí go mbeadh foghrúpa laistigh de gach GID (a mbeidh a gcuid baill ina n-ionadaithe ainmnithe de chuid Iontaobhais BOLanna/ÚOS agus CSS araon) sásta go bhfuil a gcuid acmhainní féin ar fad úsáidte ag an scoil, agus gur féidir léi a thaispeáint nár éirigh leis na cláir tacaíochta a beartaíodh. Beidh ar an scoil fianaise mionsonraithe a chur ar fáil de na gníomhartha agus athbhreithnithe ar tugadh fúthu cheana féin chun tacaíocht a thabhairt do dhalta, mar shampla, measúnuithe a rinneadh, an clár idirghabhála a cuireadh i bhfeidhm agus athbhreithniú agus measúnú ina dhiaidh sin ar an dul chun cinn a rinne an leanbh.

13.9 Leanfaidh síceolaí oideachasúil ar aghaidh ag tabhairt faoin measúnú reachtúil. Beidh na BOLanna/ÚOS freagrach as an bpróiseas seo a chur i gcrích agus as tacaíocht oideachasúil bhreise ar bith a meastar a bheith riachtanach a sholáthar.

Léaráid 5: Eachtobair Fhéideartha an Chreata Beartaithe



Féach Pointe Comhairliúcháin 11 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

14. MEICNÍOCHTAÍ RÉITIGH AGUS ACHOMHAIRC

14.1 **Tá na bealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla reatha chun easaontú nó achomhairc a réiteach a bhaineann leis na leanaí sin a bhfuil RSO acu agus leo siúd amháin san áireamh in larscríbhinn B. Táthar á mholadh nach ndéanfaí aon athrú ar na socruithe seo. Tacaíonn an tAthbhreithniú le moltaí a rinneadh de thoradh suirbhé COO ar An tSeirbhís um Dhíospóidí a Sheachaint agus a Réiteach (SDSR), Feabhra 2008. Lena chois sin bhainfeadh an sainchúram don bhealach foirmiúil BRSOM le pleananna tacaíochta comhaontaithe (PTC) seachas le ráitis.**

Féach Pointe Comhairliúcháin 12 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

15. SOCRUITHE MAOINITHE

15.1 Tá na socruithe maoinithe reatha do scoileanna trí Scoileanna faoi Bhainistíocht Áitiúil (SBÁ) agus maoiniú a leithdháiltear trí na BOL san áireamh in Iarscríbhinn D. Laistigh de chomhthéacs na samhla SBÁ, beidh na bearta a úsáidtear faoi láthair agus an mhodheolaíocht a ghlactar léi chun acmhainní breise a dháileadh faoin gné de dhíriú ar riachtanas sóisialta (DRS) de mhaoiniú de réir foirmle, ina bhéim thábhachtach den athbhreithniú ar na socruithe na Foirmle Cómhaoinithe reatha. Beidh riachtanas soiléir ann a chinntiú go dtugann an tAthbhreithniú RSO agus Cuimsithe eolas agus tacaíocht don obair leanúnach chun socruithe na foirmle cómhaoinithe reatha a fheabhsú; le cinntiú go bhfuil an fhoirmle in ann forbairtí beartais atá ag teacht chun cinn a léiriú.

15.2 Bhíodh dáileadh na n-acmhainní breise do leanaí a bhfuil ráitis acu i scoileanna príomhshrutha bunaithe ar riachtanais aonair an linbh, .i. chun acmhainn a fháil caithfidh an scoil a thaispeáint go bhfuil riachtanas speisialta oideachais de chineál éigean ag an leanbh atá i gceist; bíonn sé riachtanach tuarascáil de chuid síceolaí oideachasúil a chur isteach agus tús a chur leis an bpróiseas chun ráiteas a fháil chuige seo go ginearálta. Do dhaltaí a bhfuil ráiteas RSO acu, caithfear maoiniú a chur ar fáil don soláthar ar leith a leagtar amach sa ráiteas. Bhí sé mar chonclúid i go leor tíortha Eorpacha, lena n-áirítear Albain, an Ostair, an Danmhairg, an Bheilg agus an tSualainn nach bhfuil an buiséadú seo bunaithe ar dhaltaí inmholta do dhaltaí a bhfuil foirmeacha níos éadroime de riachtanais speisialta orthu agus gur chóir cuid seasta den bhuiséad i gcomhair RSO a leithdháileadh chuig scoileanna beag beann ar riachtanais, bunaithe ar an mbonn go gcaithfidh roinnt áiseanna ar a laghad do dhaltaí le riachtanais speisialta a bheith ag gach scoil. Tá an Roinn den tuairim go bhfuil fiúntas sa chur chuige seo.

15.3 Chun tacaíocht a thabhairt don samhail de leanúntas tacaíocht i gcomhair riachtanais éagsúla, **tá sé beartaithe go ndéanfaí tarmligean méadaithe chuig na scoileanna príomhshrutha den mhaoiniú a dháileann an cúig BOL faoi láthair, agus an maoiniú sin a dháileann RO faoi láthair i gcás na scoileanna deonacha gramadaí agus scoileanna faoi chothabháil stáit**. Mar thoradh, bheifeá ag súil leis go ndéanfadh scoileanna formhór mó na riachtanas breise a bheadh ag a gcuid daltaí ón leithdháileadh maoinithe méadaithe atá beartaithe, ath-imscartha ó acmhainní lárnacha na BOL/ÚOS. Chomh maith leis sin, spreagfar scoileanna chun cur chuig comhoibríoch a ghlacadh chucu féin, agus déanfar acmhainní a sannadh dóibh de réir mar is cuí, nuair a ligeann sé seo dóibh na seirbhísí atá uathu a fháil ar bhealach níos éifeachtúil, níos freagrúil

agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de. **Tá sé beartaithe go mbeidh gach Bord Gobharnóirí agus gach Príomhoide freagrach go hiomlán do BOLanna/ÚOS as caighdeán an tsoláthair do leanaí agus as úsáid éifeachtach a bhaint as an maoiniú sannta.** Is iad na leasanna atá ag an gcur chuige seo ná go dtabharfadh sé tacaíocht d'idirghabháil luath agus go ndéanfadh sé solúbthacht na scoileanna a uasmhéadú ó thaobh úsáid a bhaint as a gcuid acmhainní chun riachtanais na ndaltaí ar fad a chomhlíonadh de.

15.4 Tá sé beartaithe úsáid a bhaint as na meicníochtaí reatha i gcomhair forbartha agus athraithe leanúnaigh don Fhoirmle Chómhaoinithe SBÁ chun forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige maoinithe atá riachtanach chun fothaca a thabhairt chun na haidhmeanna beartais a sholáthar. Cé gur faoin Grúpa Stiúrtha SBÁ a bheidh na roghanna chun maoiniú a chur ar fáil do scoileanna, táthar ag súil leis go mbeidh leithdháiltí ar leith a sholáthar do scoileanna san áireamh leo, nó mar mhalairt air sin an maoiniú breise a bheidh ar fáil a dháileadh trí Fhoirmle Chómhaoinithe SBÁ. Bheadh athruithe ar bith mar sin don Fhoirmle Chómhaoinithe SBÁ faoi réir ag próiseas comhairliúcháin le scoileanna sula gcuirfear i bhfeidhm iad.

15.5 Rinne páirtí oibre d'ionadaithe ó na BOL, ó Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CSCC), ó na scoileanna speisialta agus ón RO scrúdú ar an bhféidearthacht SBÁ a chur i bhfeidhm do scoileanna speisialta píosa maith ó shin. Tar éis measúnú fada cúramach, socraíodh nach mbeadh sé praiticiúil é sin a dhéanamh mar gheall ar riachtanais éagsúla na leanaí agus na méideanna difriúla acmhainní a bhíonn ag teastáil chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Mar thoradh air seo, íocann na BOL costas iomlán na scoileanna speisialta faoi láthair mar gheall go bhfuil na scoileanna seo fós taobh amuigh den chlár SBÁ reatha. Tá deis ann anois leis an athbhreithniú seo athmheasúnú a dhéanamh ar an gceist seo. I measc na roghanna chun acmhainní a chur ar fáil do scoileanna speisialta tá socrú maoinithe tarmligthe SBÁ ar leithligh ina ndéantar buiséid a shocrú ar bhonn foirmle. **Tá sé beartaithe go gcaithfear forbairt a dhéanamh ar mheicníocht chun maoiniú a thabhairt do sheirbhísí for-rochtana a gcuireann scoileanna speisialta agus BOLanna/ÚOS ar fáil do scoileanna príomhshrutha.**

Féach Pointe Comhairliúcháin 13 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

16. MONATÓIREACHT, ATHBHREITHNIÚ, MEASÚNÚ AGUS CUNTASACHT

16.1 Bíodh is gur leagadh amach beartais chuimsitheacha oideachais chun rochtain ar oideachas a leathnú agus deiseanna a chur chun cinn do gach foghlaimeoir a bhfuil riachtanais bhreise acu chun a n-acmhainn a réadú, mar sin féin ní mór socruithe éifeachtacha a bheith ann maidir le monatóireacht agus measúnú an tsoláthair má tá na deathorthaí seo le cur ar fáil. Mar sin tá na moltaí seo bunaithe ar an dtuiscint go mbeidh breis freagrachta ar gach leibhéal.

16.2 Tá sé fíorthábhachtach go mbeidh an Roinn in ann monatóireacht, athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar éifeacht na moltaí beartais seo agus ar an gcaoi a bhfuil siad á gcur i bhfeidhm ag an earnáil oideachais, ag BOIanna/ÚOS agus ag comhpháirtithe agus ag gníomhaireachtaí eile. Tá mórchuid oibre déanta cheana féin chun an Córas Bainistithe Oideachais (CBO) a fhorbairt ar fud na 5 BOL, lena n-áirítear modúil le tacú le riaradh an oideachais agus na tacaíochta le haghaidh daltaí. **Táthar á mholadh go ndéanfadh na BOLanna/ÚOS tuilleadh forbartha ar an gcóras CBO atá ann is a bhfuil méideanna éagsúla de curtha i bhfeidhm ag an 5 BOL atá ann.** Nuair a chuirfear a leithéid de shonraí inrochtana bríocha cruinne ar fáil agus iad nuashonraithe comhsheasmhach cabhróidh siad leis an ÚOS an beartas seo a chur i bhfeidhm ar bhonn oibriúcháin agus beidh ról mór acu maidir le pleanáil straitéiseach agus forbairt beartais an Roinne Oideachais amach anseo.

16.3 Cé gur mhaith leis an Roinn Oideachais níos mó den mhaoiniú reatha a tharmligean le tacú le hidirghabháil luath agus chun cleachtas cuimsitheach a fhorbairt sna scoileanna, tuigimid go gcaithfidh toradh níos fearr a bheith ag leanaí agus ag tuismitheoirí dá bharr agus nach laghdófar a dteidlíochtaí. Má tá muinín le bheith ag tuismitheoirí go bhfuil a leanbh ag fáil na seirbhíse atá riachtanach le déileáil leis na baic roimh fhoghlaim a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici, bíodh PTC acu nó ná bíodh, tá sé tábhachtach go gcuirfear socruithe trédhearcacha oiriúnacha freagrachta i bhfeidhm le cinntiú nach mbainfear leas eile as na hacmhainní. Tá an scéal seo práinneach ós rud é go dtabharfar bhreis solúbthachta agus neamhspleáchais a thabhairt do scoileanna agus nach gcuirfear an t-airgead i gciste slán leis féin. **Táthar á mholadh go mbeidh an Bord Gobharnóirí agus an Príomhoide araon freagrach do na BOLanna/ÚOS as cáilíocht an tsoláthair agus as an mhaoiniú leithdháilte a úsáid go héifeachtach.**

16.4 Cuirfear bealaí éifeachtúla ar fáil trí bhearta ábhartha a bhfuil cuspóir leo a chur i bhfeidhm agus a bheidh le cur i bhfeidhm ag scoileanna agus iad ag measúnú agus ag iarraidh freastal ar riachtanais daltaí a thagann chucu le riachtanais breise. Déanfaidh seirbhísí comhtháite ilghníomhaireachta na riachtanais a mheas lasmuigh de na scoileanna. Beidh na seirbhísí seo bunaithe go háitiúil agus bainfidh siad leas as comhchritéir chomhaontaithe chun an leibhéal tacaíochta atá riachtanach a mheas.

16.5 Cuid de shainordú na foirne Athbhreithnithe RSO agus Cuimsithe a ba ea breathnú ar chomhsheasmhacht mheasúnaithe, cothromaíocht rochtana agus leanúnachas agus cáilíocht an tsoláthair sa 5 BOL. Beidh sé lán chomh tábhachtach leibhéal comhsheasmhachta a chinntiú ar fud Thuaisceart Éireann nuair a chuirfear ÚOS amháin ar fáil. Beidh roinnt maith treoraithe mar aon le Rialacháin ag teastáil le tacú le chur i bhfeidhm an chreata mholta, agus d'fhéadfadh roinnt treoracha reachtúla a bheith i gceist freisin. Déanfaimid treoracha a fhorbairt agus a eisiúint le haghaidh an chórais. Bainfear leas as na treoracha seo chun dea-chleachtas a chur chun cinn ag gach leibhéal agus leagfar síos táscairí cáilíochta (a ndéanfar comhaontú leis na hearnálacha sláinte agus cúraim shóisialta fúthu nuair is cuí). Bainfidh siad seo le gach dream a bhfuil baint acu leis an scéal, lena n-áirítear scoileanna agus seirbhísí tacaíochta agus déanfar é seo chun breis comhsheasmhachta a chur ar fáil maidir le cáilíocht agus éifeacht na tacaíochta a chuirfear ar fáil le haghaidh réimse fairsing de riachtanais bhreise, agus níos tábhachtaí fós, le deimhin a dhéanamh go ndéanann na leanaí dul chun cinn cuí. Baineann na táscairí comhaontaithe seo le saincheisteanna mar:

a) a riachtanaí is atá sé aithint agus idirghabháil luath a bheith ann;

b) éifeachtacht na straitéisí idirghabhála a úsáidtear;

c) monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá a dhéanamh ag an leanbh nó an duine óg; agus

d) maoiniú agus acmhainní a úsáid go héifeachtach.

Déanfaimid deimhin de go gcuirfear na táscairí cáilíochta comhaontaithe ar fáil do gach foras oideachasúil, do BOLanna/ÚOS agus don BCSSR beartaithe.

Féach Pointe Comhairliúcháin 14 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

17. RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

An Roinn Oideachais (RO)

17.1 Tá an RO freagrach as forbairt agus athbhreithniú beartas maidir le tacaíocht agus cosaint leanaí le RSO nó a bhfuil baic fhoghlama eile i gceist dóibh. Déanfaimid táscairí cáilíochta a dhearadh dá réir do gach duine atá rannpháirteach, lena n-áirítear scoileanna, BOL/ÚOS, agus seirbhísí tacaíochta, chun breis comhsheasmhachta a bhaint amach i gcaighdeán, infhaighteacht agus éifeachtacht na tacaíochta, agus úsáid éifeachtach iomlán na n-acmhainní. Beidh sé riachtanach don RO a chinntiú go bhfuil gach beartas sa todhchaí comhoiriúnach leis an gcreat athbhreithnithe.

17.2 Beidh infheistíocht RO ag teastáil do sheachadadh na moltaí beartais seo sna réimsí seo a leanas:

a) treoir agus táscairí cáilíochta a fhorbairt do scoileanna agus sheirbhísí tacaíochta agus for-rochtana;

b) clár oiliúna timthriallach do phríomhoidí, ghobharnóirí, CTF agus mhúinteoirí chun acmhainneacht na scoileanna príomhshrutha a leathnú le freagairt d'éagsúlacht, trí shraith comhtháite straitéisí a fhorbairt chun déileáil le deacrachtaí a thagann aníos go rialta do leanaí ar scoil;

c) athbhreithniú ar an bhFoirmle Cómhaoinithe reatha atá in úsáid do Scoileanna faoi Bhainistíocht Áitiúil (SBÁ); agus

d) straitéis faisnéise agus cumarsáide le cinntiú go dtuigeann tuismitheoirí, agus go bhfuil muinín acu, sa chreat nua agus an cumas atá aici an tacaíocht chuí a sholáthar dá leanaí le dul chun cinn a dhéanamh.

An tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) atá molta

17.3 Beidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) cuntasach don RO maidir le héifeachtacht forfheidhmithe an bheartais seo. Beidh freagracht ar an Údarás do sheachadadh eachtoibre an bheartais beartaithe RO, trí:

a) raon suíomhanna oideachais a sholáthar chun freastal ar riachtanais éagsúla;

b) bunú na seirbhísí tacaíochta iomchuí, lena n-áirítear bunú agus cothabháil na ngrúpaí ildisciplíneacha (GID);

c) cinntiú go bhfuil leibhéal seasmhach seirbhíse soláthraithe sna suíomhanna oideachais ar fad;

d) foirne réigiúnacha a sholáthar leis na scileanna chun oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí réamhscoile, bunscoile agus iarbhunscoile, agus a chuidíonn le scoileanna chun tacaíocht éifeachtacha a sholáthar do dhaltaí;

e) acmhainní múinteoireachta a fhorbairt do mhúinteoirí agus acmhainní foghlama do dhaltaí;

f) cláir INSET a sholáthar do mhúinteoirí, ag tógáil ar OBM trí luathfhorbairt ghairmiúil (LG) agus FGL;

g) cinntiú go bhfuil CTF oilte ag gach scoil atá ábalta tacaíocht a sholáthar do leanaí agus dhaoine óga a bhfuil baic foghlama i gceist dóibh;

h) cinntiú trí mhonatóireacht rialta, go bhfuil na staitisticí agus sonraí a bhaineann le daltaí i ngach scoil cruinn agus suas chun dáta;

i) monatóireacht agus iniúchadh rialta ar sholáthar in-scoile do dhaltaí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu;

j) nósanna imeachta láidre monatóireachta agus measúnaithe a bhunú le cinntiú go n-úsáidtear an maoiniú go héifeachtach;

k) scoileanna a choimeád cuntasach maidir le hurscaoileadh a gcuid feidhmeanna agus dúshlán a thabhairt fúthu, nuair atá a leithéidí riachtanach; agus

l) eolas mionsonraithe a sholáthar don RO go rialta maidir leis na nithe thuasluaite.

An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP)

17.4 Caithfear breathnú ar an tsamhail beartaithe seo mar chuid lárnach de straitéis an rialtais chun caighdeáin a ardú agus, dá réir, beidh gá le tacaíocht trí bhreis comhoibrithe idir na Ranna éagsúla agus a gcuid gníomhaireachtaí (cosúil leis an BCSSR beartaithe agus na hIontaobhais CSS) chun seirbhísí níos éifeachtaí a shlánú trí sholáthar seirbhíse comhtháite.

17.5 Ar bhunús na moltaí in alt 12.17, beidh an earnáil chúram sláinte agus sóisialta, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, freagrach do na nithe a leanas a chinntiú:

a) measúnú agus tacaíocht iomchuí trí ghairmithe ábhartha san earnáil chúram sláinte agus sóisialta ag obair i gcomhar leis an earnáil oideachais;

b) tá soláthar seirbhíse feabhsaithe ann do leanaí agus a gcuid teaghlaigh trí chomhoibriú idir na gníomhaireachtaí éagsúla agus an earnáil oideachais.

17.6 Nuair ata a leithéidí iomchuí, is féidir leis an tÚdarás Feabhsaithe Rialúcháin agus Cáilíochta (ÚFRC) agus COO cur chuige comhtháite cigireachta a chomhlíonadh a thacaíonn le comhphrótacail.

Grúpaí Ildisciplíneacha (GIDanna)

17.7 Beidh freagracht ag gach GID do:

a) cuidiú le fadhb-réiteach, saineolas gairmiúil ildisciplíneach a roinnt, comhoibriú a éascú chun torthaí do leanaí a fheabhsú (leis na scoileanna laistigh den phobal foghlama nasctha le GID agus le GIDanna eile chomh maith); agus

b) atreoruithe chuig scoileanna a bhreithniú maidir le tacaíocht/acmhainní do dhuine aonair nó grúpaí leanaí thrí chritéir chomhaontaithe a chur i bhfeidhm chun leibhéal tacaíochta iomchuí a chinneadh don scoil.

17.8 Nuair atá na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh, beifear ag súil go mbainfidh GID amach cothromaíocht iomchuí idir obair chomhairliúcháin/breithniú na n-atreoruithe, idirghabháil dhíreach/measúnú na leanaí aonair agus an leibhéal tacaíochta iomchuí don scoil.

Scoileanna príomhshrutha agus bunaíochtaí oideachasúla eile

17.9 Caithfidh príomhoidí na scoileanna agus na mbunaíochtaí oideachasúla eile freagracht a ghlacadh do thorthaí oideachasúla na leanaí agus daoine óga ar fad atá cláraithe leo. Ciallaíonn sé sé seo gur gá don 'scoil iomlán' freagracht a ghlacadh do sholáthar na riachtanas éagsúla, agus ní múinteoirí sonracha amháin. Beidh ceannairí scoile freagrach do chultúr cuimsithe don scoil iomlán a bhunú, ina bhfuil ionchais agus mianaidhmeanna arda ann do gach dalta. Beidh dualgas ar gach ball foirne idirghabháil luath a thionscnamh trí bhearta ábhartha agus a bhfuil cuspóir leo, atá oiriúnaithe do riachtanais na ndaoine aonair agus na ngrúpaí leanaí, agus chun cuidiú leo oibriú i dtreo thorthaí níos fearr a ghnóthú. Ba chóir go mbeadh idirghabhálacha mar chuid den timthriall leanúnach agus córasach pleanála, gníomhaíochta agus athbhreithnithe laistigh den bunaíocht oideachasúil. Beifear ag súil go bhfeidhmeoidh bunaíochtaí scoile agus oideachasúla laistigh de thráscairí (atá leagtha síos ag treoir atá eisithe ag an RO) chun riachtanais na ndaltaí le baic foghlama a aithint agus a shásamh. Beifear ag súil go nglacfaidh siad freagairt chéimnithe, ag baint úsáide iomlán as acmhainní iomlána an tseomra ranga agus na scoile féin, agus saineolas a roinnt, laistigh den scoil agus trasna an phobail foghlama araon, roimh thacaíocht sheachtrach a lorg.

17.10 Chun úsáid iomlán agus éifeachtach na tacaíochta seachtraí a chinntiú agus leas uasmhéide níos fadtéarmaí a bhaint ón bpeirspictíocht don 'scoil iomlán', beifear ag súil go ndéanfaidh na scoileanna an réimse spriocdhírithe tacaíochta a ionchorprú ina bpleananna forbartha scoile. Mar shampla, nuair atá múinteoirí áirithe laistigh den scoil ag fáil tacaíochta ó BOL/ÚOS nó seirbhísí tacaíochta an BCSSR beartaithe chun déileáil le leanbh nó leanaí a léiríonn iompraíocht dhúshlánach, ba chóir don scoil iomlán díriú ar athbhreithniú na straitéisí bainistíochta iompraíochta laistigh den tréimhse shocraithe. Cinnteoidh sé seo go mbeidh tionchar fadtéarmach ag tacaíocht sheachtrach ar bith do leanbh aonair ar an soláthar do na leanaí ar fad sa scoil.

17.11 Chun cuidiú le leanaí torthaí feabhsaithe a bhaint amach, beidh gach príomhoide freagrach as:

- béim láidir a leagan ar dhéileáil le baic foghlama;
- measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riachtanais agus idirghabhálacha a chur i bhfeidhm atá tráthúil agus iomchuí, bunaithe ar spriocanna aitheanta;

- tógáil ar chumas an lucht saothair chun déileáil le riachtanais éagsúla; agus

- cleachtais oibre comhoibrithe a thionscnamh le scoileanna agus seirbhísí eile - trí GID ar bhonn áitiúil mar shampla.

17.12 Beidh an príomhoide, FBS agus na gobharnóirí rannpháirteach sna cúrsaí seo:

- cinntiú go bhfuil riachtanais bhreise na leanaí aitheanta, measúnaithe agus soláthar déanta dóibh - agus nach bhfuil leatrom déanta orthu toisc go bhfuil míchumas acu (ORSOM);

- truicir fhéideartha a aithint go bhféadfadh leanbh áirithe a eisiamh nó trína ndéanfadh leanbh iad féin a eisiamh;

- infheistíocht in oiliúint le cinntiú go bhfuil na hinniúlachtaí, scileanna agus eolas ag baill foirne (múinteoirí, CTF agus cúntóirí ranga) le riachtanais éagsúla na leanaí ar fad a shásamh, lena n-áirítear difreáil an churaclaim;

- saineolas iomchuí a chothabháil laistigh dá scoileanna i gcónaí, le hathruithe foirne agus nádúr na leanaí a fhreastalaíonn ar an scoil san áireamh;

- rannpháirtíocht ghníomhach agus saineolas a roinnt laistigh dá bpobal foghlama;

- úsáid éifeachtach na sonraí ar fad a fhorbairt agus faisnéis eile atá ginte trí mheasúnuithe leanúnacha chun dul chun cinn atá déanta ag daoine aonair agus grúpaí daltaí a mheasúnú; agus

- a gcuid féinmheastóireachta agus nósanna imeachta cuntasachta a fheabhsú.

17.13 Beidh múinteoirí freagrach as:

- tacú le gach foghlaimeoir laistigh den rang cibé na riachtanais aonair atá acu lena gcumas a bhaint amach (toisc chriticiúil anseo ná an t-eolas gairmiúil agus na scileanna cuí a thabhairt do gach múinteoir ionas go mbeidh siad ábalta tabhairt faoin dúshlán seo).

17.14 Beidh an Bord Gobharnóirí freagrach do BOL/ÚOS maidir le:

- soláthar ardchaighdeáin a sheachadadh trí phleanáil agus mhapáil acmhainní atá éifeachtach;
- monatóireacht éifeachtach ar na torthaí oideachasúla ar fad atá gnóthaithe ag gach leanbh; agus

míniú a thabhairt maidir le húsáid an mhaoinithe agus na n-acmhainní leithdháilte.

17.15 Cuireann tromlach na nithe thuasluaite dea-chleachtas in iúl agus beidh siad rí-lárnach sa mhéid atá cheana féin ar siúl ag scoileanna maithe.

17.16 Ceann de na rudaí a chinnteoidh go mbeidh rath ar an tsamhail beartaithe ná saineolas agus acmhainní á roinnt idir na hearnálacha. Beidh ról tábhachtach ag scoileanna speisialta go háirithe laistigh den chreat foriomlán. Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do scoileanna speisialta chun go dtabharfaí aitheantas dóibh mar ionaid saineolais laistigh de phobail foghlama ó thaobh soláthar seirbhísí speisialtóireachta for-rochtana agus seirbhísí oiliúna de.

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO)

17.17 Beidh ról méadaithe le feidhmiú ag an gCigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) maidir le measúnú ar éifeachtacht na n-ionchur (úsáid na n-acmhainní agus an mhaoinithe ar fad) in aghaidh thorthaí (dul chun cinn déanta ag leanaí). Déanfaidh COO cigireacht rialta ar scoileanna agus seirbhísí ÚOS le cinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin á sholáthar acu, agus bíonn tuairiscí foilsithe acu go hiondúil laistigh de 16 sheachtain ó dháta na cigireachta. Má aithníonn an tuairisc mór-réimsí forbartha do scoil ar bith in oideachas atá soláthraithe do leanaí le riachtanais bhreise, leagfar síos tréimhse ama inar féidir na feabhsúcháin seo a thabhairt chun críche. Beidh an tréimhse ama ag brath ar shaincheisteanna aitheanta, ach go hiondúil ní bhíonn an tréimhse níos faide ná 18 mí. Má aimsíonn cigireacht leantach go bhfuil an dul chun cinn míshásúil, déarfar le BOL/ÚOS nach bhfuil an caighdeán oideachais ag teacht leis na caighdeáin atá leagtha síos. Is í freagracht na scoile, i gcomhar le BOL/ÚOS, a chinntiú go ndéantar na feabhsúcháin riachtanacha a thabhairt chun críche.

17.18 Beidh an COO freagrach do:

- cigireacht a dhéanamh ar na gnéithe ar fad maidir le soláthar do leanaí agus daoine óga le baic foghlama;
- measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-ionchur (úsáid na n-acmhainní agus an mhaoinithe ar fad) in aghaidh thorthaí (dul chun cinn déanta ag leanaí); agus
- tuairisciú don RO, ÚOS, an príomhoide agus múinteoirí, an Bord Gobharnóirí agus tuismitheoirí faoi thorthaí breithnithe.

Stiúrthóirí na Seirbhísí Leanaí

17.19 Tá comhoibriú riachtanach leis na moltaí beartais seo a thabhairt ar aghaidh, a thugann disciplíní ón earnáil sláinte, seirbhísí sóisialta agus oideachais ar fad le chéile. Rud atá fíorthábhachtach sa chomhoibriú seo ná eochair-oifigigh a cheapadh sna Seirbhísí Leanaí do BOL/ÚOS agus an BCSSR beartaithe araon. Ag obair i gcomhar lena chéile, beidh siad chun tosaigh sa phleanáil straitéiseach ar bhonn réigiúnach agus áitiúil araon. Beidh forbairt sheirbhísí ilghníomhaireachta agus ildisciplíneacha atá comhtháite i gceist anseo chun aithint, measúnú agus soláthar na tacaíochta iomchuí a éascú.

Féach Pointe Comhairliúcháin 15 den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin

18. TABHAIRT ISTEACH CÉIMNITHE ATÁ BEARTAITHE DON BHEARTAS

18.1 Go straitéiseach, beidh clár céimnithe gníomhaíochtaí ag teastáil ó na moltaí beartais seo, nó bloic thógála le haghaidh ullmhú seachadadh eochair-eilimintí an chreata molta thar roinnt blianta. **Dá réir, tá sé molta go ndéanfar an beartas seo a fhorfheidhmiú thar tréimhse trí bliana, agus go dtacóidh sé, agus go mbeidh sé mar chuid lárnach an chláir feabhsúcháin don scoil iomlán.** Cinnteoidh forfheidhmiú na moltaí beartais seo trí chlár céimnithe straitéiseach seachadadh comhsheasmhach agus tacaíocht iomchuí do na leanaí sin le riachtanais bhreise oideachais le nó gan PTC, chomh maith le heilimintí nua a thabhairt isteach.

18.2 **Cé go bhfuil pleananna forfheidhmithe mionsonraithe fós le tarraingt aníos, tá sé molta gur gá don luas athraithe a bheith dlúth-cheangailte le seachadadh INSET iomchuí do mhúinteoirí agus scoileanna, agus maidir le hathruithe struchtúrtha nó seirbhísí tacaíochta ar bith toisc cruthú ÚOS.** Ceadóidh cur chuige céimnithe am do scoileanna le cleachtais oibre níos comhoibrithe a bhunú agus roinnt na n-acmhainní laistigh dá bpobal foghlama.

18.3 Tá dhá phríomhchéim laistigh den chlár seo a chlúdóidh raon gníomhaíochtaí agus socruithe eatramhacha:

- réamh-fhorfheidhmiú; agus
- forfheidhmiú/socruithe eatramhacha.

Réamh-fhorfheidhmiú – 2009/2010

18.4 Cé nach bhfuil siad uileghabhálach, is iad na príomhghníomhaíochtaí atá ag teastáil maidir le hullmhú d'fhorfheidhmiú na moltaí beartais seo ná:

a) socruithe agus prótacail an phobail fhoghlama scoile a fhorbairt;

b) táscairí scoile a fhorbairt chun déileáil le baic foghlama (laistigh den chlár feabhsúcháin scoile ina iomláine);

c) cláir phíolótacha fhéideartha de shocruithe ildisciplíneacha oibre, prótacail, critéir do sheirbhísí agus foirne tacaíochta ÚOS/BCSSR beartaithe; agus de

d) thástáil dhiagnóiseach CTF ag leibhéal níos ísle

Forfheidhmiú – 2010/ 2011

18.5 Tá sé riachtanach do mbeadh socruithe soiléire agus follasacha don athrú ón gcreat reatha RSO go dtí an ceann atá molta sa doiciméad comhairliúcháin seo. Déanfaidh an clár straitéiseach, lena n-áirítear socruithe eatramhacha, am agus deis a éascú le haghaidh tógáil agus aistriú scileanna idir ghairmithe laistigh agus trasna na hearnála scoile, agus laistigh agus trasna ÚOS chomh maith le struchtúir thacaíochta BCSSR atá molta. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí ag an am seo ná:

a) clár scileanna reatha a sholáthar do lucht saothair reatha na scoile agus athbhreithniú ar mhodúil OBM chun eilimintí éigeantacha a áireamh sna scileanna chun aithint nuair atá bacainn foghlama ag leanbh, conas freagairt di agus cén uair comhairle a lorg;

b) socruithe maoinithe na bpobal foghlama scoile a fhorbairt agus a thabhairt chun críche; agus

c) reachtaíocht riachtanach ar bith a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm.

Tabhairt Isteach Pleananna Tacaíochta Comhordaithe (PTC)

18.6 Is iad na príomhghníomhaíochtaí do thabhairt isteach molta na bpleananna tacaíochta comhordaithe (PTC) ná na socruithe eatramhacha a leanas:

a) ní bheidh ráitis nua ar bith eisithe ó dháta feidhmíochta an chreata nua agus déanfar leanbh ar bith atá faoi mheasúnú reachtúil a bhreithniú i dtéarmaí an bhfuil PTC oiriúnach nó nach bhfuil;

b) measfar leanaí mar dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais, go raibh ráiteas RSO acu díreach roimh a tugadh isteach an creat molta;

c) leis an soláthar reatha a chaomhnú, caithfidh PTC agus ÚOS, laistigh de 2 bhliain ó dháta feidhmíochta (agus reachtaíochta) an chreata nua; a bhunú an bhfuil PTC de dhíth ar na leanaí sin le ráiteas. Caithfidh BOL agus ÚOS a chinntiú go dtí an tráth seo nach bhfuil an soláthar atá á dhéanamh don leanbh, mar a bhí cuimsithe sa ráiteas, níos lú ná mar a bhí déanta díreach roimh dháta feidhmíochta an chreata nua. Ciallaíonn sé seo laistigh den tréimhse 2 bhliain atá

molta, ní bheidh athrú ar bith sa soláthar atá á dhéanamh don leanbh nó daoine óga le ráiteas go dtí an tráth ina mbunaíonn BOL nó ÚOS go bhfuil:

- **tá PTC ag teastáil ón leanbh;**
- **níl PTC ag teastáil ón leanbh; nó**
- **tá athrú suntasach i riachtanais bhreise tacaíochta an linbh.**

d) nuair a bhunaíonn BOL nó ÚOS go bhfuil PTC riachtanach, ullmhóidh siad plean a chuimseoidh tosca casta agus ilghnéitheacha óna eascraíonn na riachtanais bhreise; na cuspóirí oideachasúla; an tacaíocht bhreise atá riachtanach don leanbh agus na daoine a dhéanfaidh an tacaíocht a sholáthar.

e) má dhéantar cinneadh tar éis an mheasúnaithe nach bhfuil PTC riachtanach don leanbh, ceadóidh na socruithe eatramhacha (le tacaíocht ó reachtaíocht) don soláthar atá déanta dó/di a bheith caomhnaithe ar a laghad do 2 bhliain bhreise ón dáta ina ndéanann BOL nó ÚOS an cinneadh sin.

18.7 Tá sé aitheanta nach féidir na moltaí beartais a fhorfheidhmiú ina iomláine ach amháin nuair atá na hacmhainní cuí ar fáil sna hearnálacha oideachais agus sláinte agus cúram sóisialta araon. Le héascú na seirbhíse oideachais, sláinte agus cúram sláinte atá pleanáilte, coimisiúnaithe, seachadta agus monatóireacht éifeachtach déanta uirthi, is dócha go mbeidh tairiscintí comhordaithe ag teastáil maidir le hacmhainní chun eolas a thabhairt don Chlár Rialtais agus don Buiséad a bhaineann leis.

19. MEASÚNUITHE MAIDIR LE CEARTA DAONNA, COMHIONANNAS AGUS SAINCHEISTEANNA TUAITHE

Cearta an Duine

19.1 Thug an tAcht um Chearta an Duine 1998 Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine isteach sa dlí áitiúil. Sonraíonn Airteagal 2 de Phrótacal 1, de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine nach séanfar an ceart oideachas a fháil do dhuine ar bith. Caithfear a gceart air seo a chosaint ar bhealach praiticiúil éifeachtach agus tógadh san áireamh é seo le linn forbartha dhéanamh ar an mbeartas molta seo.

Measúnacht Tionchair Chomhionannais

19.2 Tugadh faoi Measúnacht Tionchair Chomhionannais (MTC) ar na moltaí beartais atá ar fáil sa doiciméad comhairliúcháin seo, faoi Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998. Ceanglaíonn Alt 75 na húdaráis phoiblí ar fad aird chuí a thabhairt ar an ngá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir

- daoine de chreideamh, creideamh polaitiúil, grúpa cine, aois, stádas pósta nó claonadh gnéasach éagsúil;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine nach bhfuil; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

19.3 Bhí an MTC dírithe ar scrúdú a dhéanamh an gcruthóidh na moltaí beartais seo tionchair difreálacha laistigh de cheann ar bith de na grúpaí agus má bhíonn an tionchar sin diúltach, na nithe seo a leanas a mheas:

- bearta a chur i bhfeidhm chun nach mbeidh an tionchar diúltach chomh géar; nó
- beartais mhalartacha atá níos fearr ó thaobh dheiseanna comhionanna a chur chun cinn.

19.4 Mar thoradh ar an MTC creideann an Roinn go ndéanfaidh na dréacht-mholtaí beartais comhionannas deiseanna a fheabhsú a thuilleadh agus a chur chun cinn do na leanaí ar fad a bhfuil riachtanais oideachais bhreise (ROB) orthu, go háirithe na leanaí agus daoine óga a bhfuil RSO acu. Is é measúnú tosaigh na Roinne ná go mbeidh tionchar dearfach ag na moltaí beartais seo mar gheall go bhfuil sé mar aidhm acu leasanna suntasacha a chur ar fáil do leanaí trí dheacrachtaí féideartha a aithint go luath agus idirghabhálacha tráthúla, oiriúnacha, éifeachta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin. Tá sé mar aidhm ag na moltaí a chinntiú go bhfuil na scileanna agus muinín ag lucht saothair na scoile (múinteoirí, cúntóirí ranga agus gairmithe eile) chun úinéireacht a ghlacadh as torthaí feabhsaithe trí chlár éifeachtach tacaíochta a chur ar fáil do na daltaí sin a bhfuil baic roimh fhoghlaim rompu. Trí sheirbhísí a thabhairt le chéile, agus a chinntiú go bhfuil cuimsiú mar chuid lárnach d'fhéinmheastóireacht ag scoileanna, cuirfidh na moltaí ar chumas an chuid is mó de leanaí a bhfuil baic roimh fhoghlaim rompu tacaíocht éifeachtach atá dírithe go maith a fháil gan dul i mbun próiseas measúnaithe reachtúil a thógann go leor ama. Déanfaidh an beartas seo comhoibriú idir na hearnálacha oideachais agus sláinte a neartú, chomh maith le comhoibriú idir scoileanna agus pobail, agus beidh leasanna méadaithe aige seo ar fad do leanaí agus daoine óga a bhfuil RSO acu.

Promhadh ó Thaobh na Tuaithe de

19.5 Mar ba ghá leis tugadh faoi promhadh ó thaobh na tuaithe de le cinntiú go gcaitheann na moltaí beartais seo leo siúd atá i gceantair tuaithe go cothrom agus go bhfuil seirbhísí poiblí inrochtana ar bhealach cothrom, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí ar dhaoine i dtuaisceart na hÉireann.

19.6 Is é dearcadh na Roinne é nach bhfuil tionchar difreálach ar bith ann ar phobail na tuaithe. A mhalairt de scéal atá fíor, meastar go mbeidh tionchar dearfach suntasach ag na moltaí beartais seo ar shaol na leanaí sin atá ina gcónaí i gceantair tuaithe. Is é croílár fhís na RO ná 'a chinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir a c(h)umas iomlán féin amach'. Ba chóir go mbeadh rochtain ar an gcuraclam ag na leanaí ar fad. Tá sé seo ag croí na moltaí beartais seo atá dírithe ar na baic ar fhoghlaim atá ag aon cúigiú dár gcuid leanaí a íoslaghdú nó a bhaint – beag beann ar an suíomh geografach. Mar shampla, baineann príomhbhéim na moltaí le haithint agus idirghabháil níos luaithe laistigh de chreat cuimsitheach a chuirtear ar fáil ar bhealach leanúnach, an creat seo a leathnú amach chuig suíomhanna réamhscoile a bhíonn ag fáil maoinithe tríd an gClár Fairsingithe Oideachais Réamhscoile, seirbhísí oideachais agus sláinte a phleanáil agus a chur ar fáil ceangailte le chéile, lena n-áirítear

grúpaí ildisciplíneacha atá bunaithe go háitiúil agus a bhfuil naisc acu le pobail foghlama agus cumas comhtháite ó thaobh cláir a thógáil do lucht saothair na scoileanna.

Tá tuilleadh faisnéise faoin MTC agus faoin bpromhadh ó thaobh na tuaithe de san áireamh sa Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais ar an Athbhreithniú RSO agus Cuimsithe: Doiciméad Moltaí Beartais, atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.deni.gov.uk.

Tábla Achomair na Moltaí agus na mBuntáistí Aitheanta ó mholtaí beartais

MOLADH	BUNTÁISTÍ
Cuid 3 CUIMSIÚ	
• Múnla cuimsitheach nua a thabhairt isteach bunaithe ar an gcoincheap de Riachtanais Oideachais Bhreise. - **Riachtanais Oideachais Bhreise** – Riachtanais éagsúla atá leagtha amach thar 4 théama forluiteach; Cúinse Teaghlaigh; Timpeallacht Foghlama; Sóisialta agus Mothúchánach; Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO).	Raon tacaíochta a sholáthar do raon leathan riachtanas. Comhsheasmhacht agus caighdeán an tsoláthair is cuma cén limistéar geografach. Aithníonn siad riachtanais na sochaí. Soláthraíonn siad don chomhionannas rochtana.
Cuid 5 AITHINT AGUS IDIRGHABHÁIL LUATH	
• Freagracht bhreise a leagan ar gach scoil chun aithint luath a sholáthar maidir le riachtanais éagsúla, measúnú, pleanáil agus seachadadh na gclár tacaíochta agus monatóireacht ar dhul chun cinn an linbh aonair a bhfuil tacaíocht de dhíth air/uirthi; • Obair chomhoibrithe bhreise agus roinnt an dea-chleachtais reatha a fhorbairt, chomh maith le scileanna agus eolas idir agus i measc scoileanna i bpobail foghlama; • Forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na mball foirne ar fad eile a chur chun cinn - atá bainteach le riachtanais bhreise na leanaí seo a shásamh; • Pleananna Foghlama Pearsanta (PFP) a thabhairt isteach chun torthaí áirithe gur féidir a bhaint amach a shonrú, chomh maith leis na hathruithe agus idirghabhálacha atá riachtanach leis an dul chun cinn iomchuí a chinntiú; • Tá PFP faoi réir athbhreithnithe rialta le cinntiú go bhfuil na hidirghabhálacha beartaithe a úsáidtear ag cruthú torthaí dearfacha; • Taifead leictreonach a fhorbairt le PFP a áireamh agus sonraí maidir le measúnuithe ábhartha eile atá comhlánaithe ag scoileanna agus gairmithe ábhartha eile.	Aithint luath agus measúnú a chruthaíonn cosc/íoslaghdú an riachtanais fhadtéarmaigh fhéideartha. Comhsheasmhacht na tacaíochta i measc scoileanna. Scileanna agus eolas breise chun déileáil le héagsúlacht riachtanais níos leithne. Idirghabháil níos spriocdhírithe do leanaí a bhfuil a leithéid de dhíth orthu. Monatóireacht bhreise le hidirghabháil atá éifeachtach a chinntiú chun torthaí spriocdhírithe a bhaint amach. Níos lú maorlathais trí thaifeadadh agus roinnt TF a úsáid.

Cuid 6 SUÍOMHANNA RÉAMHSCOILE • Mar choinníoll den mhaoiniú, titeann gach suíomh neamhreachtúil, deonach agus príobháideach, tríd an gClár Fairsingithe Oideachais Réamhscoile, faoin gCód Cleachtais athbhreithnithe a d'eascair ón mbeartas athbhreithnithe; • Seirbhísí leanaí ÚOS atá curtha ar fáil do shuíomhanna maoinithe an Chláir Fhairsingithe Oideachais Réamhscoile; • Bunaíonn ÚOS croí-ghrúpa d'Oifigigh Luath-Aitheanta (OLA) a dhéantar a chothabháil chun tacaíocht chuí a sholáthar do ghrúpaí aonair nó bhraislí na suíomhanna maoinithe réamhscolaíochta ar bhonn reachtúil agus sa Chlár Fairsingithe Oideachais Réamhscoile araon.	Idirghabháil luath agus measúnú do líon breise leanaí réamhscoile. Comhionannas rochtana feabhsaithe do leanaí réamhscoile. Rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí tacaíochta leanaí ÚOS. Tá rochtain ag suíomhanna réamhscolaíochta ar thacaíocht dhírithe agus thráthúil.
Cuid 7 BUNSCOIL AGUS IARBHUNSCOIL • Dualgas reachtúil a leagan ar ÚOS le cinntiú go bhfuil scoileanna ag comhlíonadh a gcuid freagrachtaí go héifeachtach chun déileáil leis na baic fhéideartha ar fhoghlaim a bhaint; <u>Grúpaí Cothaithe</u> • Grúpaí cothaithe a chruthú laistigh den phobal foghlama molta ag an leibhéal bunscoile (nuair atá riachtanas aitheanta ar chomhlíonadh na gcoinníollacha socraithe) chun déileáil le raon leathan na ndeacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta atá ag méadú. <u>Oideachas Lasmuigh den Scoil</u> • Caithfidh scoileanna léiriú don ÚOS go bhfuil gach iarracht déanta leis na struchtúir tacaíochta chuí a chur i bhfeidhm trína n-acmhainní féin, chomh maith le húsáid na hoibre comhoibrithe le scoileanna agus gníomhaireachtaí eile sula ndéantar socrú SMO a bhreithniú; • Má tharlaíonn socrú SMO, is ar an scoil ina bhfuil an leanbh cláraithe i gcónaí atá cúrsaí freagrachta agus cuntasachta an dalta.	Spreagann sé do gach scoil éiteas cuimsithe a chothú agus freagracht na scoile iomláine do gach leanbh le baic ar fhoghlaim. Soláthraíonn grúpaí cothaithe tacaíocht mhéadaithe maidir leis na leanaí agus daoine óga sin a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu. Laghdaíonn sé líon na leanaí agus daoine óga atáimeallaithe agus gan tionchar. Coinníonn sé béim láidir ar an leanbh ar an leibhéal tacaíochta á sholáthar

Cuid 8 OILIÚINT AGUS FORBAIRT • Tá sé molta go ndéanfadh soláthraithe Oideachas Bunaidh do Mhúinteoirí (OBM) cúrsaí a athrú chun deimhin a dhéanamh de go dtuigfidh na múinteoirí go léir atá ag tosú ar an gceird go bhfuil éagsúlachtaí ann, agus go mbeidh tuiscint phraiticiúil acu ar bhealaí chun tascanna a chur in oiriúint do chumas a ndaltaí; • Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a chur ar fáil le haghaidh múinteoirí chun a scileanna agus straitéisí a fhorbairt le freastal ar an éagsúlacht riachtanas atá ina ranganna agus béim a dhíriú ar dul chun cinn agus torthaí; • Fórsa saothair na scoile (BG, príomhoidí, múinteoirí agus cúntóirí ranga) le thuiscint shoiléir a fháil ar na róil atá acu laistigh den chreat cuimsithe iomlánaíoch trí oiliúint feasachta; • Treoir agus táscairí cáilíochta a sholáthar (ag ÚOS i gcomhar le COO) do scoileanna agus bunaíochtaí oideachasúla.	Tá tuiscint níos fearr ag múinteoirí ar an mbealach chun déileáil le héagsúlacht riachtanais. Tá múinteoirí reatha trealmhaithe le scileanna agus straitéisí breise chun déileáil le héagsúlacht riachtanais agus torthaí iomchuí a chinntiú. Tá ceannairí scoile agus Boird Gobharnóirí i suíomh eolach agus glacann siad freagracht as cúrsaí seachadta. Comhsheasmhacht feabhsaithe ar chaighdeán agus éifeachtacht na tacaíochta - is cuma cén suíomh geografach nó tréimhse oideachasúil.
Cuid 9 COMHORDAITHEOIRÍ THACAÍOCHT FOGHLAMA • Tá ról an Chomhordaitheora Riachtanais Speisialta Oideachais (CRSO) leathnaithe chun sainchúram an riachtanais oideachais bhreise a chlúdach agus athainmnithe mar Chomhordaitheoir Tacaíochta Foghlama (CTF) leis an sainchúram níos leithne seo a chur in iúl. CTF: - forbairt ghairmiúil iomchuí a fháil; - tástáil dhiagnóiseach a chomhlíonadh ag leibhéal níos ísle; - áirithe ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí (FBS); - soláthraithe le bealaí gairme atá soiléir; agus - soláthraithe le ham nach bhfuil i mbun mhúinteoireachta atá dóthanach lena bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.	Aitheantas do thábhacht ról an CTF. Stádas gairmiúil an CTF a ardú. Scileanna feabhsaithe bainistíochta; cumas soláthar scoile a chomhordú. Aithint níos luaithe ag leibhéal scoile maidir le riachtanais leanaí. An scoil iomlán freagrach as próifíl RSO/ROB a mhéadú.

Cuid 10 PLEANANNA TACAÍOCHTA COMHORDAITHE • Ráitis athsholáthraithe le pleananna tacaíochta comhordaithe (PTC) reachtúla; • PTC do leanaí le RSO amháin a bhfuil baic chasta nó ilghnéitheacha foghlama acu a chuireann isteach go suntasach, agus le drochthionchar, ar a gcuid forbartha oideachasúil go fadtéarmach agus a bhfuil rochtain rialta ag teastáil uathu ar éagsúlacht seirbhísí ilghníomhaireachta lasmuigh den scoil; • Áireofar sa PTC: tosca casta agus ilghnéitheacha óna eascraíonn riachtanais bhreise; na cuspóirí oideachasúla; an tacaíocht bhreise atá riachtanach; agus na daoine a dhéanfaidh an tacaíocht a sholáthar; • Athbhreithniú PTC ag príomhphointí truiceartha ag Príomhchéimeanna mar shampla, chomh maith le haistriú idir thréimhsí, agus ar iarratas ó thuismitheoir.	Beidh PTC níos dírithe ar thorthaí agus dul chun cinn ná ar ráitis reatha. Gheobhaidh leanaí le riachtanais chasta nó ilghnéitheacha an tacaíocht chomhordaithe cuí - beidh raon leathan gníomhaireachtaí rannpháirteach. Críochnú le hathbhreithnithe bliantúla a idíonn mórán ama – is minic gur bheag toradh nó athrú a thagann dá bharr. Cruthóidh feidhmiú an chritéir chomhaontaithe maidir le ceist eisiúna PTC breis comhsheasmhachta agus comhionannais.
Cuid 11 POINTÍ ATHRAITHE • Fanfaidh moltaí Ghrúpa Oibre Idir-rannach na nAthruithe bailí, go háirithe: - ceapachán na gComhordaitheoirí Athruithe leis an bpróiseas athraithe a threisiú do na leanaí sin in aois 14 agus os cionn le ráitis RSO agus cur chuige comhordaithe agus comhairle a sholáthar le gníomhaireachtaí reachtúla eile; - athstruchtúrú ar Sheirbhís Ghairmeacha Beatha na RFF chun béim a leagadh ar dhaoine óg idir 14–19 de bhlianta d'aois a bhfuil ráitis de riachtanais speisialta acu, mar thosaíocht, trí Bainisteoirí Ghairmeacha Beatha agus Sainchomhairleoirí Ghairmeacha Beatha a cheapadh;	Próiseas athraithe níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí trí phleanáil idir-rannacha a thacaíonn le daltaí agus a dhéanann iad a ullmhú don aosacht. Seirbhís tacaíochta athruithe níos cothroime a thacaíonn le raon níos leithne leanaí le RSO.

- ábhar poiblíochta agus faisnéise a fhorbairt le cinntiú go bhfuil daltaí feasach ar an tacaíocht atá ar fáil ón tSeirbhís Athruithe; agus - seachadadh na gClár Oiliúna Scileanna Saoil chun féinchúnamh agus maireachtáil neamhspleách a fheabhsú. Ba chóir go mbeadh Seirbhísí Tacaíochta Athraithe inrochtana do gach leanbh le RSO (ní leanaí amháin le PTC)	
Cuid 12 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ ÉIFEACHTACHA A FHORBAIRT **Laistigh de shuíomhanna scoile agus réamhscoile** • Táscairí soiléire a chur ar fáil do scoileanna a leagann amach cad lena bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh siad agus cuimsiú na réimsí tacaíochta spriocdhírithe sna pleananna forbartha scoile; • Tiomantas na 'scoile iomláine' do dhaltaí le baic foghlama a chothú, chomh maith le roinnt scileanna agus faisnéise i measc na mball foirne múinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta araon; • Idirghabhálacha spriocdhírithe soiléire atá ceangailte le tréimhse ama agus dírithe ar dheacrachtaí foghlama an linbh atá tuigthe ag gach duine; • Tá ról tábhachtach ag príomhoidí scoile in éineacht leis an mBord Gobharnóirí le cinntiú go bhfuil scoileanna ag aithint agus ag athbhreithniú bearta atá tógtha chun baic a laghdú agus torthaí do leanaí a fheabhsú; • FBS ag ionchorprú réimse spriocdhírithe tacaíochta ar bith ina bplean forbartha scoile.;	Soláthraítear do bhéim na scoile iomláine. Cuirtear pleanáil agus obair chomhoibrithe chun cinn laistigh den réimse pleanála ar bhonn áitiúil. Soláthar feabhsaithe a sheachadadh do leanaí sa phobal foghlama. Comhairle, tacaíocht agus oiliúint do chomhghleacaithe príomhshrutha. Buntáiste níos leithne do na leanaí sin deacrachtaí foghlama/míchumais. Tacaíochta atá freagrúil, inrochtana go héasca agus comhsheasmhach.

I suíomhanna oideachais agus i bpobail foghlama • Beidh ar gach scoil agus suíomh oideachais eile, idir phríomhshruthach agus speisialta, laistigh de phobal foghlama comhoibriú agus oibriú i gcomhpháirtíocht le chéile chun an saineolas, an t-eolas agus na scileanna atá sa bhraisle/pobal scoile níos leithne a aithint agus a úsáid go héifeachtach; • D'fhéadfadh scoileanna dreasachtaí airgeadais agus eile a aimsiú nuair atá siad ag comhoibriú agus ag roinnt saineolais agus acmhainní.	Forbraítear obair chomhoibrithe. Seirbhísí comhordaithe comhcheangailte atá leanbhlárnach. Eolas chun cabhrú le coláistí agus soláthraithe oiliúna caighdeán oiliúna agus oideachas na ndaltaí le deacrachtaí/míchumas foghlama a fheabhsú. Ag teacht le hAirteagail 12 agus 13 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.
Idir ÚOS agus an BCSSR beartaithe • Tá an ÚOS agus an BCSSR beartaithe (agus Iontaobhais CSS) faoi cheangal ag comhaontuithe le comhphleanáil, coimisiúnú, seachadadh agus monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhís oideachais agus sláinte agus cúram leanaí atá comhcheangailte do leanaí le baic foghlama; • Iontaobhais Chúram Sláinte agus Sóisialta (CSS) chun soláthar teiripeach ar bith atá aitheanta ag PTC a dhéanamh; • ÚOS agus BCSSR molta le grúpaí ildisciplíneacha (GID) a bhunú chun cinntiú go bhfuil comhoideachas agus obair dhisciplíneach CSS ailínithe go comhsheasmhach agus go héifeachtach le, agus cuntasach don ÚOS agus BCSSR molta agus Iontaobhais CSS.	Cur chuige níos comhcheangailte, níos dírithe agus níos córasaí maidir le measúnú agus soláthar. Tugtar an tacaíocht cheart nuair atá a leithéidí ag teastáil.
Idir RO agus RFF • Infhaighteacht na faisnéise tríd an bpróiseas eatramhach.	Cuidíonn sé le próiseas athraithe atá réidh.

Tuismitheoir/Cúramóir • Na dualgais reatha (mar atá sa Chód Cleachtais agus an forlíonadh) plé a dhéanamh le tuismitheoir faoi ábhair imní ar bith faoi bhaic srl. ar bith, eolas agus comhairle a sholáthar agus fanann infhaighteacht SDSR bailí – díreach má dhéantar é a fheidhmiú go héifeachtach i gcomhar le tuismitheoirí, scoileanna, ÚOS agus gairmithe eile.	Láidríonn sé naisc agus feabhsaíonn sé caidrimh idir thuismitheoirí agus scoileanna/ÚOS/gairmithe eile.
Leanaí agus daoine óga • Beidh dualgas leanúnach ar scoileanna agus forais eile tuairimí an linbh a lorg agus aird chuí a thabhairt ar na tuairimí sin de réir cúrsaí aoise, aibíochta agus cumais an linbh.	Ag teacht leis an gCód Cleachtais reatha.
Eagraíochtaí deonacha • Cinntíonn scoileanna, ÚOS agus struchtúir mholta BCSSR go bhfuil eolas ag teaghlaigh ar raon iomlán na seirbhísí tacaíochta san earnáil dheonach ina gceantar féin; • Ba chóir don ÚOS agus don BCSSR beartaithe agus scoileanna rannpháirtíocht rialta a chinntiú ón earnáil dheonach, nuair is cuí, maidir le cúrsaí oiliúna agus malartú faisnéise.	
Cuid 12 GRÚPAÍ ILDISCIPLÍNEACHA • Líonra de ghrúpaí ildisciplíneacha a bhunú atá ailínithe le pobail foghlama, ÚOS agus Iontaobhais CSS; • Comhfhreagracht ar ÚOS agus BCSSR maidir le líon, suíomh agus riachtanais foirne GID a chinneadh;	'Foireann mórthimpeall an linbh'. Pleanáil chomhoibrithe feabhsaithe agus oibriú le pobail foghlama. Comhfheasacht agus eolas faoin leanbh.

• Bheadh comhordaitheoir ag gach GID leis na scileanna, eolas agus ceannaireacht chun gairmithe ábhartha a thabhairt le chéile – na poist cómhaoinithe ag ÚOS agus RHB molta; • Ról molta GID chun: - céimeanna eile a mheasúnú agus na leanaí sin a aithint a bhfuil tacaíocht ildisciplíneach de dhíth orthu, cinneadh a dhéanamh faoi leanaí go bhféadfadh tacaíocht ildisciplíneach a bheith de dhíth orthu lasmuigh den réimse gur féidir leis an scoil/na scoileanna a sholáthar; - na leanaí sin a dhearbhú a bhfuil measúnú reachtúil de dhíth orthu - dúshlán a thabhairt do scoileanna faoi leibhéal agus éifeachtacht na tacaíochta (trí fhianaise oibiachtúil na ngníomhaíochtaí a bhreithniú agus athbhreithnithe atá tógtha ag scoileanna) - saincheisteanna straitéiseacha a ardú..	
Cuid 13 EACHTOBAIR NA SAMHLA BEARTAITHE • Tá céimeanna seicheamhacha 1 go dtí 5 den Chód Cleachtais reatha le hathsholáthar ag trí shraith: - Laistigh den scoil - Laistigh den Scoil móide Tacaíocht Sheachtrach (scoileanna eile/ÚOS/GID) - Pleananna tacaíochta comhordaithe.	Cur chuige níos éifeachtaí agus na 'scoile iomláine' chun tacú le leanaí a bhfuil baic foghlama i gceist dóibh.
Cuid 14 MEICNÍOCHTAÍ RÉITIGH AGUS ACHOMHAIRC • Fanfaidh na socruithe maidir le hachomhairc fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla gan athrú. Go neamhfhoirmiúil, tríd an scoil go díreach, ÚOS nó tríd an tSeirbhís um Dhíospóidí a Sheachaint agus a Réiteach (SDSR). Go foirmiúil trí BRSOM. *Atreisíonn an fhoireann athbhreithnithe na moltaí a eascraíonn ón COO chomh maith Tuarascáil ar SDSR*	Meicníocht réitigh agus achomhairc atá éifeachtach i bhfeidhm cheana féin.

Cuid 15 MAOINIÚ • Athbhreithniú ar an bhfoirmle BÁS chun freastal a dhéanamh ar an mbeartas RSO agus Cuimsithe lena n-áirítear scoileanna príomhshrutha agus speisialta trí mheicníochtaí reatha maidir le forbairt agus athrú leanúnach ar an bhfoirmle BÁS; • Tá sé beartaithe go mbeidh gach Bord Gobharnóirí agus gach Príomhoide freagrach go hiomlán don ÚOS as caighdeán an tsoláthair do leanaí agus as úsáid éifeachtach a bhaint as an maoiniú sannta araon.	Acmhainniú spriocdhírithe bunaithe ar bheartas athbhreithnithe. Cuntasacht bhreise maidir le húsáid na n-acmhainní.
Cuid 16 MONATÓIREACHT, ATHBHREITHNIÚ, MEASÚNÚ & CUNTASACHT • Forbraíonn agus leathnaíonn ÚOS ar an gcóras EMS reatha atá forfheidhmithe trí chéimeanna difriúla sa 5 BOL reatha.	Faisnéis inrochtana, bhríoch, chruinn, suas chun dáta agus comhsheasmhach chun eolas a chur ar fáil do sheachadadh feidhmiúcháin ón ÚOS agus pleanáil straitéiseach na RO.
Cuid 17 TABHAIRT ISTEACH CÉIMNITHE ATÁ BEARTAITHE DON BHEARTAS • na moltaí beartais a chur i bhfeidhm thar tréimhse 3 bliana; • an luas athraithe a nascadh le seachadadh INSET iomchuí do mhúinteoirí agus scoileanna, agus athruithe struchtúrtha nó seirbhíse tacaíochta ar bith toisc cruthú ÚOS; • ní bheidh ráitis nua ar bith eisithe ón dáta feidhmíochta (déanfar leanbh ar bith atá faoi mheasúnú reachtúil a bhreithniú i dtéarmaí an bhfuil PTC oiriúnach nó nach bhfuil; • caithfidh ÚOS a chinneadh cibé an bhfuil PTC de dhíth ar leanbh le ráiteas reatha laistigh de 2 bhliain ó dháta feidhmíochta an chreata molta. Má chinneann ÚOS nach bhfuil PTC de dhíth ar leanbh, a bhí faoi réir ráitis roimhe seo, déanfaidh ÚOS an soláthar a chaomhnú a feadh 2 bhliain bhreise ón dáta a rinne ÚOS an cinneadh.	Ní aon éifeacht "tobann". Cruthóidh tabhairt isteach dea-phleanáilte agus dea-bhainistithe na moltaí nua athrú atá níos réidh.

Iarscríbhinn B

Riachtanais Speisialta Oideachais – Cúlra Ginearálta

Reachtaíocht

1. Faoin Ordú Oideachais (TÉ) 1996 agus faoin Ordú um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005, (ORSOM), is faoi na BOL atá an freagracht reachtúil as soláthar a chinntiú do dhaltaí a bhfuil RSO acu.

2. Is é an sainmhíniú reachtúil atá ar "riachtanais speisialta oideachais" ná "deacracht foghlama a mbíonn gá ann soláthar speisialta oideachais a dhéanamh dá bharr". Bíonn "deacracht foghlama" ag leanbh más rud é a) go bhfuil deacracht aige foghlaim atá cuid shuntasach níos mó ná formhór na leanaí den aois chéanna, b) go bhfuil míchumas air a stopann nó a chuireann srian air úsáid a bhaint as na áiseanna oideachasúil den chineál a chuirtear ar fáil do leanaí ar chomhaois leis i ngnáthscoileanna, nó c) níl an bhunaois do scolaíocht éigeantach bainte amach aige agus is dócha go mbeidh sé, nó bheadh sé mura gcuirfí soláthair speisialta oideachais ar fáil dó, i gcatagóir a) nó b) nuair a bheadh sé in aois do scolaíocht éigeantach. Is í an aidhm atá le soláthar speisialta oideachais ná na baic ar ghnóthachtáil a d'fhéadfadh a bheith roimh leanaí agus daoine óga a bhaint nó a laghdú, bíodh cur chuige an tseomra ranga i leith foghlama nó an timpeallacht foghlama fhisiciúil i gceist leis sin.

3. Clúdaíonn Ordú na bliana 1996 na cearta agus dualgais atá ag:

   - tuismitheoirí;
   - scoileanna;
   - an Roinn Oideachais (RO);
   - na Boird Oideachais agus Leabharlainne (BOL);
   - na boird sláinte agus seirbhísí sóisialta; agus
   - iontaobhais chúram sláinte agus sóisialta (Iontaobhais CSS).

4. Leagann an tOrdú amach socruithe le haghaidh:

- Cód Cleachtais a eisiúint chun treoir phraiticiúil a thabhairt i leith RSO;
- measúnú a dhéanamh ar riachtanais oideachais;
- ráiteas RSO a eisiúint;
- athbhreithniú a dhéanamh ar ráiteas RSO;
- achomhairc; agus
- an binse RSO.

5. Déantar soláthar a mheaitseáil leis an riachtanas aonair. Is féidir é a chur ar fáil i scoileanna speisialta, in aonaid speisialta i scoileanna príomhshrutha nó i ranganna príomhshrutha. Is féidir teagasc sa bhaile nó san ospidéal, tacaíocht réamhscoile nó socrúchán taobh amuigh de thuaisceart na hÉireann a bheith i gceist leis. I dtuaisceart na hÉireann tá 48 scoil speisialta (lena n-áirítear 3 scoil in ospidéil) agus 170 aonad speisialta ceangailte le thart ar 100 scoil príomhshrutha ann a bhíonn ag freastal ar raon leathan de riachtanais speisialta oideachais.

Cód Cleachtais maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais a Aithint agus a Mheas

6. Leagann an Cód Cleachtais maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais a Aithint agus a Mheas (a tugadh isteach i ndiaidh an tOrdú Oideachais (TÉ) 1996) amach cur chuige don phróiseas a bhfuil 5 chéim ann. Tá Céimeanna 1, 2 agus 3 bunaithe sa scoil, cé gur féidir tacaíocht a lorg ó shainsheirbhísí seachtracha ag Céim 3, lena n-áirítear iad siúd a chuireann an BOL ar fáil. Ag Céim 4 déanann an BOL an riachtanas do mheasúnú reachtúil a mheas. Cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas agus ina dhiaidh sin déanfaidh an BOL dearcadh na dtuismitheoirí agus gairmiúil a lorg le cur ar a gcumas tabhairt faoi measúnú. Ag Céim 5 socraíonn an BOL an gceanglaíonn deacracht foghlama nó míchumas an linbh, agus an cineál soláthair atá riachtanach chun RSO an linbh a chomhlíonadh, air an soláthar RSO a shocrú trí ráiteas a dhéanamh. Más rud é go meastar go bhfuil ráiteas oiriúnach, tá 18 seachtaine ag an BOL, faoi réir ag eisceachtaí áirithe, chun ráiteas beartaithe a eisiúint. Ceanglaíonn an RO ar Bhoird 100% de ráitis a dhréachtú laistigh den scála ama reachtúil de 18 seachtaine, faoi réir ag na heisceachtaí mar a léirítear sa Chód Cleachtais iad amháin. Níl ról ar bith

ag an Roinn Oideachais ó thaobh riachtanais speisialta oideachais a aithint nó a mheas, nó cumhacht ar bith idirghabháil sa phróiseas, atá in ainm agus a bheith ar bun idir tuismitheoirí, scoileanna agus BOL.

An tOrdú um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005

7. Rinne an tOrdú um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005 (ORSOM) leasú ar Ordú na Bliana 1996 ag neartú cearta leanaí a bhfuil RSO acu oideachas príomhshrutha a fháil nuair a theastaíonn sé sin ó thuismitheoir agus nuair a réitíonn sé sin le hoideachas éifeachtach a sholáthar do leanaí eile; thug sé freagrachtaí nua maidir le hidirdhealú ó thaobh míchumais de isteach freisin.

Meicníochtaí Achomhairc do Thuismitheoirí

8. Faoin gcreat reatha tá socruithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ann chun réimsí easaontais a bhaineann le RSO a mheas. Go neamhfhoirmiúil, is féidir le tuismitheoirí buarthaí ar bith maidir le riachtanais speisialta oideachais a linbh a ardú go díreach leis an scoil nó, i gcás go bhfuil BOL bainteach, go díreach leis an BOL sin, mar shampla, faoi chinneadh an Bhoird: gan measúnú a dhéanamh, gan ráiteas a eisiúint, leasuithe ar ráiteas, nó stop a chur le cothabháil ráitis.

9. Chomh maith leis sin, is féidir le tuismitheoirí achomharc a chur faoi bhráid na Seirbhíse um Dhíospóidí a Sheachaint agus a Réiteach (SDSR) mar bhealach chun difríochtaí idir tuismitheoirí agus scoileanna nó tuismitheoirí agus Boird a réiteach. Tá sé mar aidhm ag an SDSR, a tugadh isteach mar thoradh ar an Ordú um Riachtanas Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005 (ORSOM) difríochtaí a réiteach go gasta agus ar bhealach neamhfhoirmiúil (rud a chiallaíonn nach bhfuil gá ann don tuismitheoir dul chuig an BRSOM). Tugadh faoi shuirbhé COO in 2008 a dhearbhaíonn go bhfuil an SDSR fós bailí.

10. Go foirmiúil tá an Binse um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas ann (BRSOM) a éisteann le hachomhairc ó thuismitheoirí i gcoinne chinntí Boird, lena n-áirítear, mar shampla, cinntí gan mheasúnú reachtúil a dhéanamh, gan ráiteas a dhéanamh, comhthéacs an ráitis agus tuismitheoirí a áitíonn go bhfuil idirdhealú ó thaobh míchumais de ar bun.

Iarscríbhinn C

Staitisticí Rso

Forleithne na leanaí a bhfuil RSO acu

Tá céatadán na leanaí a bhfuil RSO acu (ag céimeanna 1 - 5 den Chód Cleachtais) mar chéatadán den daonra scoile iomlán ag méadú gach bliain, agus d'ardaigh sé ó 14.6% in 2003 go 17.7% in 2007.

Forleithne na leanaí a bhfuil ráitis acu

Tháinig méadú seasta ar chéatadán na ndaltaí a bhfuil ráitis acu i dTuaisceart Éireann, mar chéatadán den daonra scoile iomlán, le blianta beaga anuas, ó 1.6% in 1990/1 go 3.9% in 2007.

Tábla 1: Daltaí sa RA a bhfuil Ráiteas acu (mar % den daonra scoile iomlán)

	03/04	04/05	05/06
Sasana[14]	3.0	2.9	2.9
An Bhreatain Bheag[15]	3.3	3.3	3.2
Albain	1.2[16]	2.0[17]	1.9[18]
NI[19]	3.2	3.4	3.5

Nóta: *Baineann na figiúirí d'Albain le daltaí a bhfuil Taifead ar Riachtanas acu agus daltaí a bhfuil Clár Oideachais Aonair acu amháin*

14 *Special Educational Needs in England, Eanáir 2006 (SFR 23/2006 Office of National Statistics)*
15 *Pupils with Statements of SEN Eanáir 2006 (SDR 75/2006 Statistical Directorate, Tionól Náisiúnta na Breataine Bige*
16 *Bainte amach ón Statistical Bulletin: education series (Edn/B1/2004/1 Feidhmeannas na hAlban)*
17 *Bainte amach ón Statistical Bulletin: education series (Edn/B1/2005/1 Feidhmeannas na hAlban)*
18 *Bainte amach ón Statistical Bulletin: education series (Edn/B1/2006/1 Feidhmeannas na hAlban)*
19 *Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann - NI School Census*

Tábla 2: Daltaí a bhfuil Ráiteas acu mar % den daonra scoile iomlán de réir BOL

Bord	03/04		04/05		05/06	
	Líon Iomlán ar an Rolla	Líon Daoine le Ráiteas	Líon Iomlán ar an Rolla	Líon Daoine le Ráiteas	Líon Iomlán ar an Rolla	Líon Daoine le Ráiteas
BOLBF	62,849	1,721 (2.7%)	61,400	1,674 (2.7%)	60,125	1,640 (2.7%)
BOLI	63,558	1,798 (2.8%)	62,525	1,923 (3.1%)	61,420	2,005 (3.3%)
BOLOT	76,112	2,113 (2.8%)	75,793	2,257 (3.0%)	75,166	2,362 (3.1%)
BOLOD	67,781	3,036 (4.5)	66,944	3,205 (4.8%)	66,361	3,282 (4.9%)
BOLD	76,246	2,328 (3.1%)	75,527	2,482 (3.3%)	75,121	2,672 (3.6%)
Iomlán	346,546	10,996 (3.2%)	342,189	11,541 (3.4%)	338,193	**11,961 (3.5%)**

Tábla 3: Miondealú de réir Daltaí ag Céimeanna 1-5 den Chód Cleachtais mar chéatadán den daonra scoile iomlán

Bliain	Líon ar an Rolla	Céimeanna 1-3	Céimeanna 1-3 mar % den Líon ar an Rolla
2003	346,526	38,604	11.1%
2004	342,189	40,378	11.8%
2005	338,193	40,865	12.1%
2006	334,852	43,776	13.1%
2007	331,565	44,552	13.4%

Bliain	Líon ar an Rolla	Céim 4	Céim 4 mar % den Líon ar an Roll
2003	346,526	1,045	0.3%
2004	342,189	1,117	0.3%
2005	338,193	1,191	0.4%
2006	334,852	1,366	0.4%
2007	331,565	1,302	0.4%

Bliain	Líon ar an Rolla	Céim 5	Céim 5 mar % den Líon ar an Roll
2003	346,526	10,996	3.2%
2004	342,189	11,541	3.4%
2005	338,193	11,961	3.5%
2006	334,852	12,491	3.7%
2007	331,565	12,973	3.9%

Bliain	Líon ar an Rolla	Gach Céim	Gach Céim mar % den Líon ar an Rolla
2003	346,526	50,645	14.6%
2004	342,189	53,036	15.5%
2005	338,193	54,017	15.9%
2006	334,852	57,633	17.2%
2007	331,565	58,827	17.7%

Iarscríbhinn D

Socruithe Maoinithe Reatha

1. Tá an leibhéal maoinithe don oideachas speisialta cinnte ag BOL mar chuid de chinntí bliantúla faoi leithdháileadh an bhlocdheontais. I dtéarmaí RSO, bheifí ag súil go gclúdódh buiséad BOL:

   a) tacaíocht BOL do sholáthar leanaí le ráiteas agus gan ráiteas (céim 3) le RSO i scoileanna príomhshrutha, lena n-áirítear na leanaí sin in aonaid speisialta;

   b) scoileanna speisialta, lena n-áirítear socrúcháin sheachtracha; agus

   c) costais lárnacha do sheirbhísí síceolaíochta oideachais mar shampla, chomh maith le múinteoirí cuairte RSO agus riarachán an oideachais speisialta.

Scoileanna faoi Bhainistíocht Áitiúil (SBÁ)

Scoileanna Príomhshrutha

2. Tá scoileanna príomhshrutha maoinithe ag acmhainní ó shocruithe na Scoileanna faoi Bhainistíocht Áitiúil (SBÁ) tríd an Scéim Cómhaoinithe. Tá eilimint i gcomhbhall Dírithe ar Riachtanas Sóisialta na Scéime chun déileáil le gnóthachtáil agus torthaí atá íseal – tá sí seo deartha chun cuidiú le scoileanna riachtanais na ndaltaí sin a shásamh gan ráiteas foirmiúil maidir le riachtanas speisialta oideachais, ach nach bhfuil ag feidhmiú mar sin féin ag leibhéal lena mbeifí ag súil de réir aoise. Cuimsíonn sé roinnt tosca chomh maith a dhéanann iarracht tacú le cineálacha áirithe riachtanas oideachais breise, cosúil le soláthar maoinithe breise do leanaí a bhfuil Béarla mar theanga breise acu (BTB), leanaí ó phobal na dtaistealaithe agus leanaí an phearsanra Seirbhíse.

3. Aimsíonn daltaí le ráitis de riachtanas speisialta oideachais atá cláraithe i ranganna príomhshrutha an maoiniú céanna in aghaidh an dalta atá infheidhmithe do dhaltaí gan ráiteas i scoileanna deontaschúnta faoi shocruithe an fhoirmle maoinithe. Ina theannta sin, seasfaidh an tÚdarás Maoinithe (BLO) na costais bhreise atá riachtanach chun téarmaí an ráitis a chomhlíonadh - mar

shampla costais a bhaineann le cúnamh sa seomra ranga, comhairle, múinteoir cuairte nó tacaíocht múinteoireachta agus/nó trealamh do dhaltaí le ráiteas.

Aonaid Speisialta

4. Aonad speisialta is ea aonad atá ceangailte leis an mbunscoil nó iarbhunscoil, atá faofa ag an Roinn chun cuspóirí an tsoláthair speisialta oideachais a dhéanamh do dhaltaí le ráitis riachtanais oideachais. Cinneann an Bord Oideachais agus Leabharlainne (Bord) soláthar foirne na n-aonad faoi leith agus sásaítear na costais ghaolmhara lasmuigh den fhoirmle. Faoi shocruithe Cómhaoinithe, déantar cnapshuim a dháileadh ar gach aonad is scoileanna le haonaid speisialta faofa (£3,000 i láthair na huaire) agus aimsíonn daltaí le ráitis riachtanais laistigh de na haonaid seo maoiniú níos ísle in aghaidh an dalta ná daltaí sna ranganna príomhshrutha – a chuireann in iúl go seasann an Bord ábhartha costas iomlán an tsoláthair fhoirne sna haonaid speisialta.

Scoileanna Speisialta

5. Níl scoileanna speisialta san áireamh i socruithe BÁS. Coinníonn BOL príomheilimint chaiteachais na scoile speisialta (tuarastail na mball foirne) mar chostas lárnach, cé go bhfuil buiséad tarmligthe leithdháilte chun míreanna neamh-fhoirne a chlúdach, m.sh. leictreachas, teas.

Scoileanna Deonacha Gramadaí (SDG) agus Scoileanna Imeasctha faoi Chothabháil Stáit (SICS)

6. Tugann an RO maoiniú díreach do scoileanna deonacha gramadaí agus scoileanna imeasctha faoi chothabháil stáit agus cuirtear líon na ndaltaí le ráiteas san áireamh nuair atá an leibhéal acmhainní atá le soláthar do scoileanna á chinneadh. Bíonn BOL freagrach go leanúnach as riachtanais speisialta na ndaltaí in SDG agus SICS a mheasúnú, ag socrú linbh le ráiteas sna scoileanna, ag déanamh monatóireachta ar ghéilliúlacht leis an ráiteas agus ar an bpróiseas athbhreithnithe. Déanfaidh an RO maoiniú díreach ar chostais bhreise ar bith atá riachtanach do scoileanna sna n-earnálacha seo.

Iarscríbhinn E

Ballraíocht An Ghrúpa Stiúrtha

Dorothy Angus, Ceann na Rannóige Comhionannais, Cuimsithe agus Tacaíochta do Dhaltaí, An Roinn Oideachais

Maureen Bennett, Príomhchigire Cúnta, An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, An Roinn Oideachais (a tháinig in ionaid **Paul McAlister**)

Maurice Crozier, Príomhshíceolaí Oideachasúil, BOLOT

Catherine Daly, Ceann Airgeadais, An Roinn Oideachais

Donal Flanagan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil

Aedin Geary, Príomhoide, Bunscoil Bheanna Boirche, Comhairle Na Gaelscolaíochta (CNaG)

Mike Gibson, An Rannóg um Thacaíocht don Fhoghlaim, Feidhmeannas na hAlban

Katrina Godfrey, Ceann na Rannóige Acmhainní agus Leithdháiltí, An Roinn Oideachais

Stanton Sloan, Príomhfheidhmeannach, BOLOD (a tháinig in ionad **Irene Knox**)

David Mehaffey, Príomhoide, Fleming Fulton School

Roisin Marshall, Oifigeach Forbartha Sinsearach, Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite (NICIE) (chuaigh Cliodhna Scott Wills ina hionad)

Garry Matthewson, Príomhoide, Bunscoil an Teaghlaigh Naofa

Irene Murphy, Ceann an Bhrainse Speisialta Oideachais, An Roinn Oideachais

Bernie Stuart, Meabhairshláinte agus Míchumas, RSSSSP (a tháinig in ionad Leslie Frew)

Margot Wright, CRSO, Lisneal College

Iarscríbhinn F

Liosta Ballraíochta
Na nGrúpaí Comhairleacha

Grúpa Comhairleach um Chumas a Thógáil agus Cuimsiú

Sean Barr	BOLI
Delma Boggs	Bunscoil an Teaghlaigh Naofa
Pat Boyle	BOLI
Rosie Browne	Strathearn College
Maureen Butler	BS Comhtháite Loughview
Maurice Crozier	BOLOT
Peter Cunningham	MS Ceara
Mary Dorman	INTO
Bernie Dorrity	BOLOT
Hilary Harrison	RSSSSP
Valerie Haugh	BOLBF
Nicola Heatley	BOLD
Conrad Kirkwood	RSSSSP
Linda Lewis	BS Bhaile Sailí
Lois Little	MS Harberton
Sue Logan	Girls Model
Barry Macaulay	Royal National Institute for the Blind
Oonagh McCann	BS Dunfane
Jim McDaid	NITC
Philomena McDermott	BOLI
Helen Miskelly	CCSM
Brenda Montgomery	BOLOD
Gillian Montgomery	Homefirst
Diane Owens	CCSM
Anne Patience	BOLBF
Frank Quinn	St Mary's College
David Ryan	BOLBF
Andrew Sleeth	Coláiste Comhtháite Dhún Geanainn
Carol Walters	BOLOD
Eileen Winters	Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Grúpa Comhairleach um Aithint agus Measúnú

Sean Barr	BOLI
Mildred Bell	Homefirst
Delma Boggs	BS an Teaghlaigh Naofa
Pat Boyle	BOLI
Rosie Browne	Strathearn College
Maureen Butler	BSC Loughview
Maurice Crozier	BOLOT
Peter Cunningham	MS Ceara
Mary Dorman	INTO
Bernie Dorrity	BOLOT
Jennifer Hanna	Ospidéal na Lorgan
Hilary Harrison	RSSSSP
Valerie Haugh	BOLBF
Nicola Heatley	BOLD
Anna Johnston	BSC Radharc an Locha
Conrad Kirkwood	RSSSSP
Linda Lewis	BS Bhaile Sailí
Lois Little	MS Harberton
Sue Logan	Girls Model Béal Feirste
Oonagh McCann	MS Dhún na Féinne
Philomena McDermott	BOLI
Helen Miskelly	CCSM
Gillian Montgomery	Homefirst
Diane Owens	CCSM
Anne Patience	BOLBF
David Ryan	BOLBF
Andrew Sleeth	Coláiste Comhtháite Dhún Geanainn
Hazel Winning	Homefirst
Eileen Winters	Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Grúpa Comhairleach Réamhscoile/Idirghabháil Luath

Joanne Barr	Naíolann Dhún Cloig
Elizabeth Barry	Homefirst
Mildred Bell	Homefirst
Delma Boggs	BS an Teaghlaigh Naofa
Wilma Browne	Kiddies Castle Playgroup
Kathleen Burns	Naíolann Naomh Terese
Fiona Carr	Clinic Pobail Ard Mhacha
Mary Dorman	INTO NITC
Bernie Dorrity	BOLOT
An Dr Carol Dunbar	Coláiste an tSrutháin Mhilis
Mabel Gillespie	Ionad Múinteoirí na hÓmaí
Roger Goodliffe	BOLOT
Jennifer Hanna	Ospidéal na Lorgan
Hilary Harrison	RSSSSP
Joan Henderson	An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO)
Lesley Hunter	Scoil Speisialta Chill Ard
Mags Johnston	BOLD
Caroline Karyannis	An tAonad Oiliúna Réigiúnach (AOR)
Conrad Kirkwood	RSSSSP
Linda Lewis	BS Bhaile Sailí
Lynn Lynch	CCSM
Janet McCann	BOLOT
Carol McCluskey	Naíolann Pobail na Maí
Karen McElduff	BOLD
Helen Miskelly	CCSM
Brenda Montgomery	BOLOD
Gillian Montgomery	Homefirst
Mary O'Reilly	NIPPA
An Dr Harry Rafferty	Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
Hazel Winning	Homefirst

Iarscríbhinn G

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Afasic NI

Agencies in Consortium for Education and Training Ltd (ACET)

Autism NI

Foireann Athbhreithnithe Bain

British Dyslexia Association

An Chomhairle Churaclaim, Scrúdúchán agus Mheasúnaithe (CCSM)

Comhairle na Scoileanna

Caitliceacha faoi Chothabháil (CSCC)

Iontaobhas Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta Causeway

Comhairle Na Gaelscolaíochta (CNaG)

Cumann na bPríomhfheidhmeannach (Boird)

An tIonad Dlí do Leanaí

Foirne Ildisciplíneacha Leanaí agus Daoine Óga

Grúpa Tacaíochta Disléicse agus Diospraicse

An tSeirbhís um Dhíospóidí a Sheachaint agus a Réiteach (SDSR)

An Roinn Oideachais (brainsí)

An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP)

An tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) (Gavin Boyd)

Education Psychologist Futures Group

Na Cigirí Oideachais agus Oiliúna (COO)

Grúpa Comhchritéir RSO BOL

An tSeirbhís Chomhairleach um Mhionlaigh Eitneacha

Comhairle Ghinearálta Múinteoirí TÉ (GTCNI)

An Institiúid um Thaighde Chúram Leanaí

An Institiúid um Oideachas agus Síceolaíocht Leanaí (ICEP)

Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)

Ionad Oideachais Loughshore

MENCAP

Middletown

An Cumann Uathachais Náisiúnta (CUN)

Coimisinéir Leanaí agus Daoine Óga Thuaisceart Éireann (NICCY)

Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite (NICIE)

Coimisiún Comhionannais TÉ (ECNI)

Grúpa Idirchaidrimh Ardoideachais TÉ

Iontaobhas Theiripe Ceoil Thuaisceart Éireann

Líonra na nGrúpaí Cothaithe TÉ

NIPPA – Eagraíocht na mBlianta Tosaigh

Tuismitheoirí agus Daoine Óga

Oideachas do Thuismitheoirí mar Theiripeoirí Uathachais (PEAT)

POBAL

Athbhreithniú ar Riachtanais Speisialta Oideachais agus an Grúpa Stiúrtha maidir le Cuimsiú

Royal National Institute for the Blind (RNIB)

Royal National Institute for the Deaf (RNID)

An Fhoireann um Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí (ARP)

BRSOM

SPEAC

Comhdhálacha na Scoileanna Speisialta

Buanchomhdháil um Oideachas Bunscoile agus Meánscoile

Grúpa Tacaíochta an Lucht Siúil

Triangle

Iarscríbhinn H

Gluais De Théarmaí A Úsáidtear Sa Doiciméad Seo

ROB	Riachtanas Oideachais Breise
NSU	Neamhord Speictrim Uathaigh
CR	Cúntóir Ranga
SCC	An tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam
CCSM	An Chomhairle Churaclaim, Scrúdúchán agus Mheasúnaithe
CC	Cód Cleachtais maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais a Aithint agus a Mheas
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
PTC	Plean Tacaíochta Comhordaithe
PMLDÓ	Pacáiste Maoinithe do Leanaí agus Dhaoine Óga
SDSR	An tSeirbhís um Dhíospóidí a Sheachaint agus a Réiteach
ALM	An tAcht um Leithcheal Míchumais
RO	An Roinn Oideachais
ROF	An Roinn Oideachais agus Foghlama
RSSSSP	An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
BOL	An Bord Oideachais agus Leabharlainne
LG	Luathfhorbairt Ghairmiúil
ÚOS	An tÚdarás Oideachais agus Scileanna
COO	An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
CSS	Cúram Sláinte agus Sóisialta
INSET	Oiliúint Inseirbhíse
OBM	Oideachas Bunaidh do Mhúinteoirí
LfC	Leanaí faoi Chúram
SBÁ	Scoileanna faoi Bhainistíocht Áitiúil

CTF	Comhordaitheoir na Tacaíochta Foghlama
FID	Foireann Ildisciplíneach
GID	Grúpa Ildisciplíneach
OFSTED	An Oifig do Chaighdeáin san Oideachas, sna Seirbhísí do Leanaí agus i Scileanna
PFP	Plean Foghlama Pearsanta
BCSSR	Bord Chúram Sláinte agus Sóisialta Réigiúnach
ARP	Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí
AOR	Aonad Oiliúna Réigiúnach
MAS	Máithreacha atá in Aois Scoile
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
CRSO	Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais
BRSOM	An Binse Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumais
ORSOM	An tOrdú um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005
FBS	Foireann Bainistíochta Sinsearaí

Doiciméad Comhairliúcháin um Moltaí Beartais